comhairle chontae na mí
meath county council

Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015

Glactha an 20 Lúnasa 2009

Arna ullmhú ag:

Sheridan Woods Architects + Urban Planners
42 Sráid Árann Thoir
Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 878 0403
Faics: 01 878 0532
R-phost: info@sheridanwoods.ie

Thar ceann:

Comhairle Chontae na Mí

Clár Ábhair

Réamhscríbhinn

1.0 Réamhrá
1.1 Comhthéacs Reachtúil
1.1.1 Scóip an Phlean Ceantair Áitiúil
1.1.2 Tionchair Dhóchúla Shuntasacha ar an gComhshaol
1.2 Comhthéacs Polasaí
1.2.1 Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála
1.2.2 Polasaí Contae agus Áitiúil
1.3 An Dúshlán
1.4 Cuspóirí

2.0 Comhthéacs
2.1 Comhthéacs Straitéiseach
2.2 Príomhthreochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha
2.2.1 Daonra
2.2.2 An Ghaeilge
2.2.3 Forbairt a Déanadh le Déanaí
2.2.4 Comhthéacs Fostaíochta
2.2.5 Oideachas
2.3 Comhthéacs Stairiúil
2.3.1 Cultúr / Gaeltacht
2.3.2 Comhthéacs Stairiúil - Forbairt Fhisiciúil
2.4 Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha
2.5 Úsáidí Talún
2.6 Gluaiseacht agus Rochtain
2.7 Anailís Uirbeach
2.8 Seirbhísí agus Fóntais
2.8.1 Bailiú agus Cóireáil Fuíolluisce
2.8.2 Soláthar Uisce
2.8.3 Tuile
2.8.4 Seirbhísí Eile Fóntais

3.0 Straitéis
3.1 Fís
3.2 Straitéis Oidhreachta Teanga agus Cultúrtha
3.3 Straitéis Úsáide Talún
3.4 Straitéis Gluaiseachta agus Rochtana
3.5 Straitéis Oidhreachta Nádúrtha agus Tógtha

4.0 Polasaithe agus Cuspóirí
4.1. Teanga agus Cultúr
4.1.1 Eacnamaíochta
4.1.2 Pobal
4.1.3 Daonra / Cónaithe
4.1.4 Féiniúlacht Ghaeltachta
4.2 Úsáid Talún
4.2.1 Úsáid Cónaithe
4.2.2 Seirbhísí agus Áiseanna Ilchineálacha
4.2.3 Úsáidí Tionsclaíocha agus Gaolmhara
4.2.4 Úsáidí Pobail agus Áineasa
4.2.5 Leagan Amach Úsáid Leathan Talún
4.3 Gluaiseacht agus Rochtain
4.3.1 Iompar Poiblí
4.3.2 Gluaiseacht Choise agus Rothaí
4.3.3 Gluaiseacht Fheithicleach
4.3.4 Páirceáil Charr agus Rothar
4.4 Oidhreacht nádúrtha agus Tógtha
4.5 Caighdeáin Dearaidh
4.5.1 Típeolaíochtaí Tógála
4.5.2 Dlús
4.5.3 Airde Tógála
4.5.4 Línte Tógála agus Éadanas Sráide
4.5.5 Spás Oscailte Príobháideach agus Poiblí
4.5.6 Ábhair agus Bailchríocha
4.5.7 Dearadh Ailtireachta
4.5.8 Tírdhreachtú Crua agus Bog
4.5.9 Dearadh Inbhuanaithe
4.6 Seirbhísí agus Infreastruchtúr
4.6.1 Bailiú agus Cóireáil Fuíolluisce
4.6.2 Uisce Dromchla
4.6.3 Soláthar Uisce
4.6.4 Tuilte
4.6.5 Seirbhísí Eile Fóntais – Bainistíocht Dramhaíola

5.0 Máistirphlean

6.0 Céimniú agus Cur i bhFeidhm
6.1 Suíomhanna Deise
6.2 Céimniú
6.3 Rannaíocaíochtaí
6.4 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Aguisíní

Réamhscríbhinn

Glacadh le Plean Forbartha Contae na Mí, 2007-2013 (a ndéanfar tagairt dó feasta mar an PFC) ar an 2ú Márta 2007. D'ainmnigh sé Baile Ghib, Carnacross, Droichead Chearbhalláin, Cluain Ioraid, Crossakiel, Donacarney, Dún Uabhair, Drumconrath, Baile Mhic Gormáin, Baile Iúiliáin, Baile an Cheantaigh, Cill Bhríde (Toghcheantar Dhún Seachlainn), Cill Dealga, Cill Mhaighneann, Cill Mheasáin, Baile Uí Mhornáin, Maigh nEalta, Ráth Chairn agus Ráth Maoláin mar shráidbhailte agus beidh siad faoi réir na bPleananna Ceantair Áitiúla a bheidh ann in ionad na bpleananna atá ann do na sráidbhailte.

Tá Baile Ghib ar cheann de dhá lonnaíocht i nGaeltacht na Mí. Is saintréith de phobal na Gaeltachta í an Ghaeilge. Is í atá á labhairt ag na daoine agus í tar éis maireachtáil ó ghlúin go glúin i gcaint agus i bhfoirm scríofa. Faoi mar atá le mórán teangacha neamfhorleathana tá sí faoi bhrú mar theanga phobail ó na mórtheangacha idirnáisiúnta agus ó chultúir na ndaoine. Ar na géaga eile de chultúr na Gaeltachta tá ceol, rince, scéalaíocht, drámaíocht, spóirt agus féilte ceiliúrtha. Cé go bhfuil rath ar roinnt de na traidisiúin seo tá cinn eile faoi bhrú go háirithe má thagann laghdú ar dhaonra na Gaeltachta.

Éilíonn Acht Pleanála agus Forbartha 2000 nach mór cuspóir le cosaint a dhéanamh ar 'oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta, agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail,' a áireamh i bPlean Forbartha. Tá an cuspóir seo áirithe i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 agus é mar bhunsprioc sa Phlean Ceantair Áitiúil seo.

Feictear don PFC maidir leis na sráidbhailte seo freisin *'go bhfuil siad ceaptha le feidhmiú mar nóid arna dtiomáint d'fhorbairt cónaithe ardchaighdeáin agus do sheirbhísí ardchaighdeáin riachtanacha tráchtála agus pobail áitiúla. Feictear gur cheart fás na sráidbhailte seo sa todhchaí a chiorrú agus a chosaint i dtreo is nach bhfeidhmeoidh siad mar chatalaígh le háisiú a dhéanamh ar fhorleathadh leanúnach bruachbhailte amuigh Chathair Bhaile Átha Cliath go háirithe, nó Bailte eile Foráis Mhór nó Measartha. Tá brú ar leith ar na sráidbhailte atá suite cóngarach do Cheantar Cathrach nó do Bhailte eile Foráis Mhór nó Mheasartha maidir leis seo. Is léiriú iad a leithéid de shráidbhailte ar an stádas atá acu agus nádúr a bhforbartha go dtí seo, mar fhianaise ar a dteacht chun cinn mar shráidbhailte dórtúra. Dearbhófar forbairt sráidbhailte sa todhchaí níos mó ar fhás áitiúil ná ar fhás réigiúnach atá tarlaithe le deich mbliana anuas.'*

Leagann an PFC síos chomh maith le hAthrú Uimh. 2 den PFC ar glacadh leis i mí Feabhra, 2008, an comhthéacs do Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) a ullmhú do Bhaile Ghib. Tógann an Plean Ceantair Áitiúil seo ar na leathanchuspóirí polasaí atá sa PFC trí fhrámaíocht phleanála níos mionsonraithe agus níos cuimsithí a sholáthar le treoir a thabhairt d'fhorbairt an tsráidbhaile sa todhchaí.

Is é atá sa Phlean ná an ráiteas scríofa seo agus na mapaí atá in éineacht leis, ar a dtabharfar Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015. Fanfaidh an Plean i bhfeidhm do thréimhse sé bliana ón dáta ar a nglactar leis nó go ndéanann an Chomhairle leasú, athbhreithniú nó aisghairm air. Beidh sé géilliúil do Phlean Forbartha Contae na Mí, 2007-2013, arb é an bundoiciméad pleanála sa Chontae é. Tá tosaíocht ag Plean Forbartha Contae na Mí ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib i gcás easaontais a thiocfadh chun cinn maidir le hábhar an dá dhoiciméad.

Tharla comhairliúchán réamhdhréachta poiblí de réir Ailt 20(1) d'Acht Pleanála agus Forbartha 2000 i ndá chéim le foilsiú ceistpháipéir agus le cruinniú comhairliúcháin phoiblí i mBaile Ghib.

Foilsíodh fógra sa Meath Chronicle. D'fhógair seo go raibh sé ar intinn ag an Údarás Pleanála PCÁ a ullmhú do Bhaile Ghib agus go mbeadh Ceistpháipéar ar fáil le cur faoi bhráid an phobail ar feadh tréimhse cúig seachtaine go dtí an 16ú Eanáir 2009. Loirgíodh aighneachtaí i scríbhinn sa bhfógra freisin ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal maidir leis na ceisteanna ba chóir a bheith faoi chaibidil sa PCÁ. Fuarthas 18 aighneacht mar fhreagra ar an gCeistpháipéar. Cuireadh gach aighneacht agus tuairim a fuarthas faoin dáta deiridh san áireamh agus an Dréacht PCÁ á ullmhú.



Teorainn Sráidbhaile Bhaile Ghib

Thionól an tÚdarás Pleanála cruinniú poiblí i Scoil Náisiúnta Baile Ghib, ar an 7ú Eanáir 2009 le tuairimí na ndaoine a bhfuil cónaí orthu san áit a fháil ar conas ba mhaith leo a dhéanfaí forbairt ar a sráidbhaile sa todhchaí. Fuarthas tuilleadh ráitis/aighneachtaí mar thoradh ar an gcomhairliúchán poiblí seo agus cuireadh iad sin san áireamh freisin agus an Dréacht PCÁ á ullmhú do Bhaile Ghib. Beidh an Dréacht PCÁ ar taispeáint ar feadh thréimhse sé seachtaine ón 2ú Márta go dtí an 13ú Aibreán, 2009.

Ar an 28ú Feabhra 2009 foilsíodh fógra ar an Meath Chronicle ag fógairt taispeána DréachtPhlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib agus ag iarraidh aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal ar an DréachtPCÁ. Fuarthas 9 uimh. n-aighneacht agus cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh agus an Plean a leasú.

Thug fógra in eagrán an 3ú Meitheamh den Meath Chronicle le fios go mbeidh na leasuithe a rinneadh ar an Dréacht PLÁ ar taispeáint ón 8ú Meitheamh go dtí an 6ú Iúil 2009 agus go rabhthas ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal maidir leis an Dréacht PLÁ arna leasú. Fuarthas 7 n-aighneacht breise.

Tá gach léarscáil agus léaráid sa doiciméad treoshuite i dtreo fíor ó thuaidh. Níl aon cheann acu de réir scála ach tá barrascála léirithe iontu le treoir a thabhairt. Nuair a bhíonn éagsúlacht le feiceáil idir an téacs agus na léaráidí, is é an téacs a shocróidh an tuiscint atá le baint as.

1.0 Réamhrá

1.1 Comhthéacs Reachtúil

1.1.1 Scóip an Phlean Ceantair Áitiúil

Is é atá sa Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) ráiteas scríofa agus plean nó pleananna a thugann na cuspóirí do cheartphleanáil agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann sé chomh maith le mionsonraí ar áiseanna agus ar thaitneamhachtaí pobail, agus ar chaighdeáin do dhearadh na forbartha atá beartaithe. Áireofar cuspóirí sa Phlean Ceantair Áitiúil seo freisin do chaomhnú agus d'fheabhsú oidhreachta teanga agus cultúrtha an cheantair. Nuair a ghlactar leis, beidh feidhm reachtúil leis an PCÁ mar atá foráilte in Acht Pleanála agus Forbartha, 2000.

1.1.2 Tionchair Dhóchúla Shuntasacha ar an gComhshaol

Beidh eolas sa PCÁ ar na tionchair dhóchúla shuntasacha ar an gomhshaol a éiríonn as an bPlean a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, níl sé éigeantach go ndéanfaí Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) faoi fhorálacha na Rialachán Pleanála agus Forbartha (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 do PCÁ Bhaile Ghib toisc go bhfuil an daonra ann níos lú ná 10,000. Rinneadh beart scagthástála chun na tionchair is dóchúla a bheadh ag cur i bhfeidhm an Phlean beartaithe agus na leasuithe lena mbaineann a mheas. Tar éis scagthástála Dhréacht PLÁ Bhaile Ghib agus na leasuithe lena mbaineann, cinneadh nach raibh MST riachtanach. Tá na tuarascálacha scagthástála le fáil in Aguisín I.

Láithreáin Natura

Baineann Láithreáin Natura, Imlitir RCORA MSC 1/08 agus NPWS 1/08 leis an éileamh scagadh a dhéanamh ar phleananna úsáide talún le teacht ar thionchair ionchasacha ar Láithreáin Sainithe Natura 2000 (Ceantair Speisialta Caomhnaithe nó Ceantair Speisialta Cosanta). Tá measúnú ar an bplean ag teastáil más gá. Deir an imlitir go gciallaíonn measúnú cuí measúnú, bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr, ag duine le sainscil éiceolaíochta, ar thionchair ionchasacha an phlean ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Natura 2000 (ag áireamh láithreán Natura 2000 nach bhfuil suite i gceantar atá cuimsithe ag an dréachtphlean nó scéim) agus forbairt, nuair is gá, ar bheartais mhaolaithe nó seachanta le drochéifeachtaí a chosc. De réir na himlitreach, ní mór na tionchair ionchasacha ag polasaithe lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ag le

tionchar ionchasach orthu (ar a ghairtear tionchair 'eis-láithreán') a chuimsiú sa mheasúnú.

Níl aon Cheantair Speisialta Caomhnaithe ná aon Cheantair Speisialta Cosanta i dtadhall le nó gar don lonnaíocht. Tugadh faoi Scagthástáil Mheasúnaithe Chuí ar Dhréacht PLÁ agus ar na leasuithe lena mbaineann. Tá na tuarascálacha scagthástála lena mbaineann san áireamh in Aguisín II. Cinneadh nach mbeidh aon tionchar, a d'fhéadfadh a bheith ann, ag an Dréacht PLÁ agus ag na leasuithe lena mbaineann, ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Natura 2000 agus mar thoradh air sin, ní raibh measúnú breise den sórt seo riachtanach.

1.2 Comhthéacs Polasaí

Déantar an comhthéacs pleanála do Bhaile Ghib a shainmhíniú le hordlathas pleananna, polasaithe agus treoirlínte a fheidhmíonn ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus a áiríonn an Straitéis Spásúlachta Náisiúnta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013.

Éilíonn Acht Pleanála agus Forbartha 2000 go gcaithfear cuspóir le cosaint a dhéanamh ar 'oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta, agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail,' a áireamh i bPlean Forbartha.

1.2.1 Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha - Treoirlínte do Údaráis Pleanála

I Nollaig 2008, d'foilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirlínte d'údaráis pleanála dar teideal Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha. Tugann na treoirlínte seo imlíne ar an gcleachtas agus ar an gcomhairle is fearr maidir le forbairt inbhuanaithe sna ceantair uirbeacha atá ann. Tá ar Údaráis Pleanála ceann a thógáil de na treoirlínte seo i bhfeidhmiú a gcúram. Tá Lámhleabhar ar dhea-chleachtas Dearaidh Uirbigh in éineacht leis na treoirlínte a sholáthraíonn treoir do na húdaráis pleanála ar na caighdeáin ba chóir a bhaint amach i ndearadh uirbeach sna forbairtí nua uirbeacha.

1.2.2 Polasaí Contae agus Áitiúil
Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013
Is é Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 an príomhdhoicimeád comhthéacsúil pleanála le heolasú a dhéanamh agus PCÁ Bhaile Ghib á ullmhú.

Tá Bhaile Ghib ar cheann de dhá lonnaíocht i nGaeltacht na Mí atá sainithe go hoifigiúil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá seasamh ar leith ag Gaeltacht Bhaile Ghib i dtéarmaí oidhreachta cultúrtha agus teanga an chontae. Tá dualgas ar na hÚdaráis Pleanála cuspóirí a áireamh sa phlean forbartha do chaomhnú oidhreachta teanga agus cultúrtha an cheantair Ghaeltachta chomh maith leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail.

- Deirtear sa PFC go gcuirfear na prionsabail seo a leanas san áireamh agus PCÁ á ullmhú do Bhaile Ghib:
- Aitheantas a thabhairt do thábhacht eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha na Gaeilge i saol na Gaeltachta.
- Na modhanna is féidir a úsáid leis an gGaeilge a chaomhnú a aithint.
- Le córas éifeachtach a phleanáil mar ar féidir measúnú agus caomhnú a dhéanamh ar gach gné de chomhshaol na Gaeltachta mar chuid den phróiseas pleanála, ar a n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le húsáid teanga.

Tá Bhaile Ghib sainithe sa PFC mar cheann de na 19 sráidbhaile sa Chontae. Tá sé ar intinn go bhfeidhmeodh na sráidbhailte seo mar:

'Nóid arna dtionáint d'fhorbairt cónaithe ardchaighdeáin agus do sheirbhísí ardchaighdeáin riachtanacha tráchtála agus pobail áitiúla. Feictear gur cheart fás na sráidbhailte seo sa todhchaí a chiorrú agus a chosaint i dtreo is nach bhfeidhmeoidh siad mar chatalaígh le háisiú a dhéanamh ar fhorleathadh leanúnach bruachbhailte amuigh Chathair Bhaile Átha Cliath go háirithe, nó Bailte eile Foráis Mhór nó Measartha. Tá brú ar leith ar na sráidbhailte atá suite cóngarach do Cheantar Cathrach nó do Bhailte eile Foráis Mhór nó Mheasartha maidir leis seo. Is léiriú iad a leithéid de shráidbhailte ar an stádas atá acu agus nádúr a bhforbartha go dtí seo, mar fhianaise ar a dteacht chun cinn mar shráidbhailte dórtúra. Dearbhófar forbairt sráidbhailte sa todhchaí níos mó ar fhás áitiúil ná ar fhás réigiúnach atá tarlaithe le deich mbliana anuas.'

Faoin a sonrú mar Shráidbhaile, glacadh in athuair leis an bPlean Forbartha a bhí ann do Bhaile Ghib ar feitheamh leis an Plean Ceantair Áitiúil seo a bheith ullmhaithe. D'Aithin an Plean Forbartha a bhí ann do Bhaile Ghib teorainn achair fhorbartha agus cuspóirí chriosaithe úsáide talún agus cuspóirí ar leith do thailte a aithnítear laistigh den teorainn seo.

Socraíonn Athrú Uimh. 2 den PFC ar glacadh leis i bhFeabhra 2008 Ord Tosaíochta le tailte lena mbaineann cuspóir criosaithe d'údáid talún chun cónaithe a scaoileadh. Tá sé ar intinn go scaoilfí na tailte seo i ndá chéim, 2007-2013 agus i ndiaidh 2013. Tá tailte Chéim 1 agus Chéim 2 i Bhaile Ghib sainaitheanta faoin athrú seo.

1.3 An Dúshlán
Is é an dúshlán atá ann PCÁ a chur ar fáil a fheidhmíonn mar bhonn comhréitigh idir an Údarás Pleanála, an pobal, na húinéirí talún, na forbróirí agus gach páirtí leasmhar, ar conas mar ba chóir dul ar aghaidh leis na cuspóirí forbartha do Bhaile Ghib, ar bhealach ar dhéanann caomhnú agus a chuireann feabhas ar a sainiúlacht teanga agus chultúrtha, agus a dhéanann soláthar freisin d'fhorbairt atá inbhuanaithe go fisiciúl, go heacnamúil agus go sóisialta. Tá dúshlán freisin ann doiciméad a chur ar fáil a éascaíonn timpeallacht tógtha a chruthú atá tarraingteach agus sainiúil go fisiciúil mar shráidbhaile Gaeltachta do dhaoine atá ina gcónaí agus a oibríonn agus a thugann cuairt ar Bhaile Ghib.

Dúshlán eile fós is ea doiciméad a chur ar fáil atá forordaitheach go leor leis na cuspóirí seo a bhaint amach ach a cheadaíonn solúbthacht d'fhonn na hathruithe eacnamaíochta agus sóisialta a fhéadfadh a bheith ann thar thréimhse an Phlean a chur san áireamh. Is doiciméad cúnta de PFC 2007-2013, arb é an príomhdoiciméad é, atá sa PCÁ seo.

1.4 Cuspóirí

Baintear na príomhchuspóirí don PCÁ as an PFC mar seo a leanas:

- A chinntiú go leanann agus go gcuirtear an Ghaeilge chun cinn mar theanga labhartha phobal na Gaeltachta.
- Éascú a dhéanamh ar gach gné d'fhéiniúlacht chultúrtha na Gaeltachta a chaomhnú agus a chur chun cinn.
- Forbairt a chur chun cinn a dhéanann caomhnú agus feabhsú ar oidhreacht teanga agus chultúrtha Bhaile Ghib.
- Freastal ar fhás an daonra de réir na leibhéil fáis atá foráilte ag Tábla 6 den Phlean Forbartha Contae trí na polasaithe atá in Athrú Uimh. 2 den Phlean agus freastal sa chéad áit ar riachtanais an phobail áitiúil.
- Éascú a dhéanamh ar fhás a theacht ar an daonra a choimeádfaidh agus a chuirfidh forbairt an phobail agus a eacnamaíocht chun cinn ar bhealach atá chun sochair na teanga agus an chultúir.
- Deiseanna a sholáthar do mhéadú ar bhonn fostaíochta an tsráidbhaile, agus a chinntiú go gcuireann an fhostaíocht nua leis an nGaeilge agus leis an gcultúr.
- Frámaíocht dearaidh láidir uirbeach a sholáthar a léiríonn sainiúlacht an tsráidbhaile.
- Meascán maith sóisialta a sholáthar chomh maith le haonaid chónaithe a fhreastlaíonn ar riachtanais chineálacha éagsúla úsáideora.
- Spásanna taitneamhachta agus oscailte a sholáthar ag láithreacha iomchuí straitéiseacha a mbeadh ardchaighdeán dearaidh ag baint leo agus a spreagann rannpháirtíocht an phobail.
- Líonra iomchuí gluaiseachta a fhorbairt do choisithe, rothaithe, iompar poiblí agus tiománaithe.
- Soláthar iomchuí a chinntiú d'áiseanna tráchtála, pobail agus oideachais le freastal ar na háitritheoirí atá agus a bheidh ann ar bhealach a bheidh chun leasa na teanga agus an chultúir.

2.0 Comhthéacs

2.1 Comhthéacs Straitéiseach

Tá Baile Ghib suite i lár Chontae na Mí i dToghcheantar na hUaimhe. Tá Baile Ghib ar cheann de dhá Cheantar Gaeltachta i gContae na Mí. Tá Baile Ghib suite ar an R163 (Bóthar Réigiúnach Bhaile Shláine / Ceanannais) thart ar 7km siar ó thuaidh ó Bhaile na hUaimhe.

2.2 Eochairthreochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha

Is iad staitisticí dhaonáireamh 2006 thoghcheantar Dhomhnach Pádraig, atá ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh, atá á léiriú anseo ach amháin má shonraítear a mhalairt. Tá an ceantar seo lasmuigh den cheantar staidéir an tsráidbhaile ach léiríonn sé treochtaí sa cheantar.

2.2.1 Daonra

Bhí comhdhaonra de 1,591 duine i gceantar Gaeltachta na Mí in 2002, rud ab ionann agus méadú de 13% ar dhaonáireamh 1996. 1,670 duine a bhí i ndaonra 2006 rud ab ionann agus méadú daonra de 5%. Tháinig méadú de 21.5% ar dhaonra uile Chontae na Mí le linn na tréimshe 2002 - 2006. Rinne Daonáireamh 2006 taifeadadh ar dhaonra de 842 duine laistigh de thoghroinn Dhomhnach Pádraig. Léiríonn Staitisticí na gCeantar Beag do Bhaile Ghib daonra de 72 duine agus 20 teaghlach. Is ionann é seo agus meánmhéid teaghlaigh de 3.0 duine in aghaidh an teaghlaigh. Tá 4% d'olldaonra na Gaeltachta i mBaile Ghib, rud a léiríonn patrún lonnaíochta tuaithe na Gaeltachta.

2.2.2 An Ghaeilge

Is ionann líon na ndaoine d'aois 3 bliain nó os a chionn go bhfuil cumas na Gaeilge labhartha acu agus 54% de Thoghcheantar Dhomhnach Pádraig. Tá seo i gcomparáid le 61% de dhaonra iomlán cheantar Gaeltachta na Mí, agus 69% de dhaonra foriomlán na gceantar Gaeltachta sa tír.

2.2.3 Forbairt Le Déanaí

Is iad na forbairtí is déanaí a tharla i mBaile Ghib ná teaghaisí aonuaire. I measc na bhforbairtí a tógadh níos luaithe ná sin i mBaile Ghib tá tigíní beaga dúchasacha, agus bungalónna móra aonuaire agus tithe a tógadh ar mheascán de stíleanna agus ábhar agus forbairt thionsclaíoch buailte le Diméin stairiúil Bhaile Ghib.

2.2.4 Comhthéacs Fostaíochta

Léiríonn próifíl shocheacnamaíoch NIRSA ar an gContae gur suímh suntasacha um fhostaíocht tionsclaíoch iad an dá Cheantar Gaeltachta i gcoibhneas a méid agus a nádúr tuaithe. Is i mbun oibre oilte den chuid is mó atá lucht saothair Ghaeltacht na Mí. Shonraigh nach mór 70% de dhaoine os cionn 5 bliain d'aois go dtaistealaíonn siad faid idir 0-14km chun na scoile, na hoibre nó chun an choláiste. Taistealaíonn tuairim is 30% den daonra a shonraigh an fad a thaistealaíonn siad os cionn 15km chun na scoile, na hoibre nó an choláiste. Léiríonn nádúr na fostaíochta agus faid na dturas i dToghcheantar Dhomhnach Pádraig go bhfuil mór-fhostaíocht don daonra réasúnta gar do cheantar an sráidbhaile.

2.2.5 Oideachas

Aon bhunscoil amháin atá i mBaile Ghib, Scoil Ultain Naofa atá suite go lárnach i dteorainn an Phlean Forbartha. Tá an dara bunscoil suite i mBaile Órthaí lasmuigh de Theorainn an Phlean Forbartha. Is féidir go bhféadfaí acmhainn bhunscoil Bhaile Ghib a mhéadú, faoi réir éilimh. Tá na meánscoileanna is cóngaraí suite i gCeanannas agus san Uaimh agus iad tuairim is 6km agus 8km faoi seach ón sráidbhaile.

2.3 Comhthéacs Stairiúil

2.3.1 Cultúr / Gaeltacht

Ainmníodh Baile Ghib ina Ghaeltacht sna 1930aidí nuair a chur imircigh ó Ghaeltachtaí Mhaigh Eo, Chiarraí, Dhún na nGall agus Chorcaí fúthu sa cheantar. Tharla an imirce go Gaeltacht Bhaile Ghib de dhroim obair Choimisiún Talún na hÉireann maidir leis an mbrú ar feadh Cósta an Atlantaigh a mhaolú. Ní raibh leorthailte ar fáil gar do na ceantair chúnga seo agus bhí eastáit oiriúnacha ar fáil níos saoráidí sa chuid thoir d'Éirinn. In 1937, chuir dhá theaghlach is caoga ar fad fúthu i baile fearainn Bhaile Ghib, ocht dteaghlach déag ó Mhaigh Eo, sé theaghlach déag ó Chiarraí agus trí theaghlach déag ó Dhún na nGall agus in 1939 chuir cúig theaghlach ó Chiarraí agus ceithre theaghlach ó Dhún na nGall fúthu i gCluain an Ghaill. 373 duine ab ea líon iomlán na ndaoine sin. Bhí sé deacair féiniúlacht na Gaeltachta a chaomhnú. Mar gheall ar an bpobal a bheith chomh beag sin is deacair tacaíocht a thabhairt do raon leathan

seirbhísí go hiomlán as Gaeilge. Dá thoradh sin tá an dátheangachas ina riachtanas praiticiúil.

2.3.2 Comhthéacs Stairiúil - Forbairt Fhisiciúil

Go stairiúil sainíodh Baile Ghib ag Diméin Bhaile Ghib. D'fhorbair an sráidbhaile in aice iardhiméin Bhaile Ghib sna 1930aidí. Sa diméin bhí Teach agus Clós Feirme Bhaile Ghib, agus an fearann a bhain leo, ag áireamh garraí daingnithe fairsing. Déanadh Teach Bhaile Ghib a scartáil in 1965 ag fágáil coimpléasc fairsing clós feirme d'fhoirgnimh cloch agus bríce, an garraí daingnithe, agus roinnt bealaí isteach go dtí an Diméin. Tá gné an bhealaigh isteach foirmeálta fós ann, comhdhéanta den mbealach isteach stairiúil go dtí an Diméin, chomh maith le mionbhealaí isteach go dtí an Clós Feirme, is ann do bhealach isteach lastoir in aice leis an gceantar tionsclaíoch. Bhí na forbairtí a déanadh sna 1930aidí comhdhéanta de theaghaisí aonuaire Choimisiún na Talún is iad socraithe i bpatrún scaipthe. Tá na teaghaisí seo sainiúil agus saintréitheach de cheantar na Gaeltachta.

2.4 Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha

Oidhreacht Nádúrtha

Tá Baile Ghib suite i dTailte Arda na hUaimhe Thuaidh mar atá aitheanta i Measúnú an Charachtair Thírdhreacha in PFC 2007-2013. Tá an tírdhreach seo réidh, is síneadh ar mhánna na hAbhann Duibhe agus na Bóinne faoi seach é. Tríd is tríd tá tréithíocht an cheantair tírdhreacha i ndrochriocht. Tá sé comhdhéanta de mheascán gort féarach agus arúil a méadaíodh trí theorainneacha traidisiúnta a chartadh nó á bhaint as, go minic le fálta cuaillí agus sreinge nó adhmaid iontu agus claíocha draenála ar feadh dorchlaí bóthair.

Tá freastal maith ag an gceantar ar bhealaí agus infreastruchtúr iompair de bharr a chóngaracht don Uaimh agus do Cheanannas. Gabhann an N52 agus mórán bóithre réigiúnacha tríd an gceantar saintréitheach seo. Is minic gur carachtar oscailte a bhíonn ag an dorchla bóthair ach de ghnáth déantar cothabháil ar na fálta. Tá na bóithre treasacha thart timpeall ar Bhaile Ghib sa chuid theas den cheantar seo níos imfhálaithe ag crainn.

Tá achoimre d'athbhreithniú ar Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha Contae na Mí i dTábla 1. Déanann an Measúnú Carachtair Tírdhreacha tagairt do shráidbhaile Bhaile Ghib agus sonraítear sa mheasúnú:

'Sráidbhaile meánach go mór comhdhéanta de ribín fada foirgneamh ar feadh an dorchla bóthair, laistigh de 5km ón Uaimh. Tá Baile Ghib ina chuid de Ghaeltacht ar cliathán LCS 3 & 5. Níl lár an tsráidbhaile sainithe go maith agus tá sé comhdhéanta de mheascán de thigíní beaga dúchasacha agus de bhungalónna móra aon uaire agus tithe a tógadh ar mheascán de stíleanna agus ábhar. Acmhainn le bheith tarraingteach ach le suíomh coillearnaí atá díghrádaithe beagán. D'fhéadfaí an carachtar dúchasach a chailliúint.

Tá crainn taitneamhacha lánaibí thart timpeall an tsráidbhaile, go háirithe an grúpa crann ag an mbealach isteach sa sráidbhaile ón iarthar, grúpaí crann laistigh d'iarDhiméin Bhaile Ghib, a chuireann le dearc-cháilíochtaí Bhaile Ghib'.

I measc na n-eochairmholtaí a aithníodh laistigh den measúnú agus a bhaineann le Baile Ghib tá cur chun cinn na Gaeltachta thart timpeall ar Bhaile Ghib mar acmhainn chultúrtha agus le naisc idir Ghaeltachtaí eile a chur chun cinn, Ráth Chairn san áireamh.

Níl aon Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna), Limistéar faoi Chosaint Speisialta nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) atá ann cheana féin / nó atá ina n-iarratasóirí laistigh de chóngaracht an tsráidbhaile.

Oidhreacht Thógtha

Sonraithe in PFC 2007-2013 tá taifead de struchtúir chosanta Chontae na Mí. Tá an chuid acu a aithnítear do Bhaile Ghib liostaithe in Aguisín III den doiciméad seo. I measc na struchtúr seo tá gné Ciorclach Iontrála Eastáit Bhaile Ghib go hiarTheach Bhaile Ghib laistiar den sráidbhaile, agus clós agus foirgnimh fheirme Bhaile Ghib laisteas den sráidbhaile. Tá iostán faoi chosaint laistigh de theorainn an tsráidbhaile, agus roinnt iostán cosanta chomh maith lasmuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile, sonraithe mar Iostáin Diméin Bhaile Ghib sa Phlean Forbartha.

Cineál Carachtair Tírdhreacha	Tailte Ísle na hUaimhe Thuaidh Ceantar Saintréithe Tírdhreach Íseal-talún
Cineál Carachtair Tírdhreacha	Luach Measartha
Íogaireacht Tírdhreacha	Íogaireacht Mheasartha
Acmhainn Tírdhreacha	BithmhaisForaoiseacht Acmhainn meánacmhainne d'fhoirgnimh mhóra feirme agus d'forbairtí iltithíochta Seirbhísí faoi thalamh agus Tuirbíní Gaoithe Acmhainn ísealacmhainne do Thithe Aon Uaire
Dearcthaitneamhacht	Níor aithníodh aon chomharthaí fearainn mar
Landmarks	Níor aithníodh aon chomharthaí fearainn mar
Tírdhreach réamhstairiúil	Líon na séadchomharthaí cláraithe gar don sráidbhaile
Séipéil faoi chosaint	Níor aithníodh aon Séipéil Chosanta
Tírdhreach Meánaoiseach	Ní ann do Thírdhreach Meánaoiseach
Struchtúir ón 18ú agus an 19ú céad	Láithreán na struchtúir chosanta ón 18ú agus 19ú céad
Topagrafaíocht	Suite ar an gcomhrian 50 - 100m
Geolaíocht	Sceallaí le haolchloch nó gaineamhchloch idirchisealaithe
Ithreacha	Díorthaithe ó mháthairábhair aigéadacha den chuid is mó
Hidreolaíocht	P/E Neamhtháirgiúil go ginearálta ach amháin do Chriosanna Áitiúla
Úsáid talún	Féarach Nádúrtha
Láithreáin Éiceolaíocha	Níl ann
Cineál Lonnaíochta	Sráidbhaile
Nithe is díol spéise do Thurasóirí	Níl ann/ Ceantar / Gnéithe le hacmhainn go bhforbrófaí iad ina nithe is díol spéise do thurasóirí in iardheisceart an tsráidbhaile

Tábla 1 Measúnú Carachtair Tírdhreacha

19th Century Historical Map

An Bealach isteach i nDiméin Bhaile Ghib

Lóiste Gheata Bhaile Ghib

2.5 Úsáidí Talún

Is iad na príomhúsáidí talún atá i mBaile Ghib ná úsáidí áitiúla seirbhísí agus fostaíochta, úsáidí oideachais agus cónaithe. I measc na seirbhísí áitiúla tá an siopa Grósaeireachta Daybreak. Tá Aonad Tionsclaíoch um Sheirbhísí Dearaidh Innealtóireachta, Teicneolaíocht Timoney Teo, agus Adtec Aerauto Teo suite lastoir den sráidbhaile. Tá líon áirithe gnónna suite lasmuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile, ina measc teach tábhairne áitiúil ag Baile Órthaí tadhlach le Séipéal Naomh Caitríona, agus gníomhaíochtaí éagsúla eile tráchtála lastoir den sráidbhaile ag Bóthar Dhún na nGall.

Tá úsáidí cónaithe suite laistigh de agus tadhlach le teorainn forbartha an tsráidbhaile. Is iostáin stairiúla iad seo den chuid is mó a bhaineann le Diméin Bhaile Ghib agus níos a dhéanaí ná sin tithe aon uaire i bhfoirm forbartha ribínigh. Deonadh cead roimhe seo do ghrúpa teaghaisí laistigh de theorainn an tsráidbhaile, ar a shon sin, níor tógadh ach dhá cheann díobh.

Baineann Baile Ghib leas as rannpháirtíocht ghníomhach pobail, agus freastalaítear air trí Eaglais CR Bhaile Órthaí laistiar den sráidbhaile lasmuigh den teorainn forbartha, an Halla Pobail (Coiste Halla Bhaile Ghib), Cumann Peile agus Iomána Bhulf Tón agus tailte an CLG. Tá Reilig buailte leis an Halla Pobail agus le Tailte an CLG. Bunscoil Bhaile Ghib, tá Scoil Ultain Naofa suite go lárnach sa sráidbhaile.

Níl aon cheantair shainithe taitneamhachta poiblí ann. Is acmhainn tábhachtach stairiúil agus cultúrtha don cheantar é an bealach isteach stairiúil go dtí Diméin Bhaile Ghib chomh maith le foirgnimh chlós feirme na Diméine soir ó dheas ón sráidbhaile.

Tá na príomhúsáidí talún thart timpeall agus tadhlach leis an sráidbhaile comhdhéanta de thailte a úsáidtear do chúraimí talmhaíochta.



Údáid Talún Atá Ann

2.6 Gluaiseacht agus Rochtain

Tá sráidbhaile Bhaile Ghib sainithe ag bóthar tríd, ag nascadh le Ceanannas san iarthar agus Cill Bhearraigh agus Baile Shláine san oirthear (Bóthar Réigiúnach R163), agus bóithre áitiúla ag trasnú lastoir agus laistiar den sráidbhaile faoi seach. Tá an sráidbhaile gar don mBealach Náisiúnta Baile Átha Cliath - An Cabhán (N3).

Bíonn ardleibhéil tréthráchta ar an R163. Níl leibhéal an iompair phoiblí a fhreastlaíonn ar Bhaile Ghib thar moladh beirte. Feidhmíonn Bus Éireann seirbhís bus ar feadh an R163. Soláthraítear príomhsheirbhís bus ó Cheanannas agus ón Uaimh go dtí Baile Átha Cliath.

Tá limistéar faoi fhoirgneamh Bhaile Ghib suite laistigh de 400 méadar ina gcuimsítear úsáidí fostaíochta, cónaithe agus oideachais. Ar a shon sin, tá na húsáidí scaipthe laistigh den rian siúil. Tá na háiseanna pobail, an Halla Pobail agus na tailte CLG suite laistigh de rian siúil 800m nó deich nóiméad siúil.

Níl na háiseanna do choisithe atá sa sráidbhaile thar moladh beirte. Níl aon chosáin ann a nascann na húsáidí éagsúla talún lena chéile. De dheasca nádúr scaipthe na n-úsáidí, chomh maith le heaspa cosán, is ann do dhrochthimpeallacht do choisithe.

Soláthraítear Páirceáil Eis-Sráide ag an siopa áitiúil, agus ag an Halla Pobail. Úsáidtear an ceantar cois bóthair chun páirceála ag an Reilig agus ag faichí CLG. Páirceáiltear cois bóthair ag an Scoil. Soláthraítear an pháirceáil phríobháideach cónaithe go ginearálta eis-sráid agus ar éadan na dteaghaisí.



Gluaiseacht agus Rochtain

2.7 Anailís Uirbeach

Tá Baile Ghib comhdhéanta den trí cheantar ar leith seo:

Ceantar Saintréithe 1	Bealach isteach stairiúil go Diméin Bhaile Ghib
Ceantar Saintréithe 2	Scoil agus Braisle Cónaithe
Ceantar Saintréithe 3	Foirgnimh Feirme Dhiméin Bhaile Ghib / Ceantar Tionsclaíoch Bhaile Ghib

Déantar anailísiú ar na ceantair uile seo sna rannáin seo a leanas i leith na gceisteanna um dhearadh uirbeach seo a leanas:

- Riocht na sráideanna, na bhfoirgneamh agus éadanais
- Idirghníomhú na sráideanna leis na spásanna atá buailte leo, chomh maith lena nascanna le spásanna / áiteanna eile,
- Beogacht sráide agus spáis uirbigh
- Feidhm agus úsáid an cheantair
- Tarraingteacht gach sráide agus spáis agus a gcuireann siad le slándáil agus beogacht an cheantair
- Éascaíocht ghluaiseachta tríd an gceantar



Anailís Uirbeach

Ceantar Saintréithe 1 Bealach Isteach Stairiúil go Diméin Bhaile Ghib

Tá an ceantar saintréithe seo comhdhéanta d'úsáidí pobail agus an bealach isteach stairiúil go Diméin Bhaile Ghib.

Anailís Uirbeach

- Cóireáil shlán agus shainiúil teorann, le ráillí agus geataí an bhealaigh isteach faoi chosaint, gné ciorclach an bhealaigh isteach agus crainn aibí ag coimeád bunsaintréithe na háite.
- Ballaí teorann go dtí reilig, halla pobail agus faichí CLG.
- Tírdhreach saintréithe oscailte idir úsáidí pobail agus tús an struchtúir sráidbhaile.
- Struchtúr leithleach crosaire ag cruthú braistint áite.
- Timpeallacht bhocht do choisithe.
- Úsáid ghníomhach pobail.



Ceantar Carachtarach 1

Geatabhealach Isteach i nDiméin Bhaile Ghib

Halla Pobail

Ceantar Saintréithe 2 Scoil agus Braisle Cónaithe

Tá an ceantar saintréithe seo suite go lárnach laistigh den sráidbhaile. Tá sé comhdhéanta den mbunscoil agus roinnt teaghaisí aon uaire agus roinnt foirgneamh feirme. Cruthaíonn dlúthailíniúchán na scoile leis an mbóthar agus cóireáil dhearfach teorann braistint imfhálaithe ag an suíomh seo.

Anailís Uirbeach

- Cóireáil dhearfach teorann ag cuimsiú ráillí, ballaí, agus crainn / fálta.
- Bochtchóireáil / meathlú teorann ó thuaidh ón mbóthar áitiúil.
- Láithreacht radharcach dearfach scoile/bóthair ag cruthú braistinte inaitheanta áite.
- Radharcanna tarraingteacha ó dheas go cianradharcanna crann.
- Drocháiseanna do choisithe.



Ceantar Carachtarach 2

Radharc Lánléargais ó Dheas ón R163

Bunscoil

Ceantar Saintréithe 3 Diméin Stairiúil / Foirgnimh Fheirme

Tá an ceantar saintréithe seo suite lastoir den sráidbhaile agus líníonn sé an bealach isteach go dtí an sráidbhaile ón oirthear. Déantar tréithriú ar trí úsáid mheasctha, ag áireamh úsáidí tionsclaíocha agus cónaithe. Tá sé comhdhéanta d'fhoirgnimh stairiúla feirme Dhiméin Bhaile Ghib, go bhfuil a láithreacht ar an bpríomhbhóthar marcáilte go measartha ag geataí isteach stairiúla. Níl aon iarsmaí infheicthe de dhara bealach isteach stairiúil na Diméine.

Anailís Uirbeach

- Forbairt thionsclaíoch atá in uachtar maidir leis an dearcthimpeallacht.
- Cruthaíonn forbairt tionsclaíoch teorainn láidir leis an mbóthar, agus cruthaíonn sí braistint áite.
- Droch-chóireálacha teorann / drochshainiú an imill lastuaidh agus laisteas den R163.
- Bealach isteach stairiúil go dtí coimpléasc na bhFoirgneamh Feirme atá ag meath
- Braisle chlós feirme le struchtúr ar leith stairiúil.
- Drochláithreacht radharcach na bhfoirgneamh feirme agus drochnasc leis an bpríomhbhóthar.
- Drocháiseanna do choisithe.

Ceantar Carachtarach 3

Foirgnimh Fheirme Dhiméin Bhaile Ghib

Forbairt Thionsclaíoch

2.8 Seirbhísí agus Fóntais

2.8.1 Bailiú agus Cóireáil Fuíolluisce

Níl aon áiseanna cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile, agus i láthair na huaire tá an sráidbhaile ag brath ar dhabhcha indibhidiúla múnlaigh. Níl aon mholtaí reatha ann do shuiteáil an infreastruchtúir um chóireáil fuíolluisce i mBaile Ghib. Cuireann an cúinse seo caighdeán na soláthairtí uisce reatha i mbaol.

2.8.2 Soláthar Uisce

Is ó Scéim Soláthar Uisce na hUaimhe & na Mí a thagann an soláthar uisce agus tá sin á uasghrádú agus táthar ag cur leis faoi láthair. Iar 2013 beidh soláthar breise uisce ar fáil ach tá srianadh sa nasc príomhphíobáin uisce ón Uaimh go Baile Ghib. I láthair na huaire ní ann do phleananna le méadú a dhéanamh ar na príomhphíobáin uisce ón Uaimh go Baile Ghib.

2.8.3 Tuile

Tá mapáil ar bhaol ó thuilte ullmhaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí don chontae. Úsáidtear mapaí ar bhaol ó thuilte le achair thalún nó réadmhaoine a thaispeáint a dtagadh tuilte orthu go stairiúil nó a cheaptar a bheith i mbaol ó thuilte.

Níl taifead ar thuilte ar bith i mBaile Ghib ar mhapaí ar bhaol ó thuilte an OOP. Ar a shon sin aithnítear ceantair bháiteocha i bhfíor-dhrochaimsir soir ón sráidbhaile. Tá na ceantair seo lasmuigh de theorann na forbartha.

2.8.4 Seirbhísí Eile Fóntais

Bainistíocht Fuíollábhair

Tá an t-ionad athchúrsála is cóngaraí i gContae na Mí suite i gCeanannas. Soláthraíonn oibreoirí príobháideacha seirbhísí bailiúcháin dramhaíola tí agus tráchtála. Tá roinnt seirbhísí bailithe dramhaíola sa chontae.

Teileachumarsáid

Tá leathanbhanda ar fáil i mBaile Ghib. Tá an tseirbhís eadrannach agus ní féidir brath uirthi.

3.0 Straitéis

3.1 Fís

Is mar seo a leanas atá an fhís do Bhaile Ghib:

'Forbairt an sráidbhaile a chur chun cinn ar bhealach a dhéanann cosaint agus a chuireann feabhas ar a shainiúlacht teanga agus chultúrtha, agus a dhéanann soláthar ag an am gcéanna don fhorbairt a cheadaíonn do Bhaile Ghib forbairt ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach le cónaí ann, le hoibriú ann, do chaitheamh aimsire agus le cuairt a thabhairt air ag léiriú a shainiúlachta mar Ghaeltacht'.

D'fhonn éascú a dhéanamh ar an bhfís do Baile Ghib a sholáthar, tá an oidhreacht teanga agus chultúrtha, úsáid talún, straitéisí gluaiseachta agus rochtana agus oidhreachta nádúrtha agus tógtha aitheanta. Cabhraíonn na polasaithe agus na cuspóirí leis na straitéisí seo agus tá cur síos orthu sna rannáin seo a leanas.

3.2 Straitéis Teanga agus Chultúir

Déantar iarracht sa straitéis oidhreachta Teanga agus Cultúrtha do Bhaile Ghib stádas na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar theanga labhartha an phobail. Déantar iarracht sa straitéis freisin éascú a dhéanamh ar chaomhnú agus ar chur chun cinn gnéithe cultúrtha an cheantair Ghaeltachta ar a n-áirítear oidhreacht shaibhir ceoil, spóirt, rince agus scéalaíochta. Tacóidh cuspóirí leis an straitéis seo le soláthar a dhéanamh le pobal beoga labhartha Gaeilge a fhorbairt a thacaíonn le gníomhaíochtaí áitiúla oideachais agus cultúrtha bunaithe ar an nGaeilge agus ar a traidisiúin. Ina theannta sin, déantar iarracht sa straitéis seo tosaíocht a thabhairt d'fhostaíocht agus do sheirbhísí fiontraíochta agus d'áiseanna atá bunaithe ar oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta agus deiseanna fostaíochta a sholáthar go háitiúil do mhuintir Baile Ghib.

3.3 Straitéis Úsáide Talún

Déantar iarracht sa straitéis úsáide talún do Baile Ghib soláthar a dhéanamh do 'fhorbairt saintréitheach ardchaighdeáin agus d'áiseanna riachtanacha tráchtála agus pobail áitiúla' de réir PFC na Mí 2007-2013. Áirítear sa straitéis seo athruithe ar chuspóirí criosaithe úsáide talún an phlean forbartha a bhí ann do Bhaile Ghib.

Tá teorainn an phlean forbartha athraithe le go gcuimseofaí trí chrios ar leith. Moltar úsáidí pobail agus áineasa laistiar ag áireamh na gceantar cónaithe atá ann cheana féin, agus moltar lárionad comhdhlúite an tsráidbhaile lastoir. Méadaíodh an teorainn lastoir le héascú a dhéanamh ar thalamh criosaithe breise tionsclaíoch lastuaidh den R163.

Déantar soláthar in Athrú Uimh. 2 de PFC 2007-2013 do 35 aonad breise cónaithe do shráidbhaile Bhaile Ghib. Is é atá sa chriosú úsáide talún chun cónaithe ná criosú úsáide talún A1, A2 agus A5. Léiríonn Úsáid Talún A1 ceantair cónaithe atá ann cheana féin, suite go príomha lastuaidh den R163. Déanann Criosú Úsáide Talún A2 soláthar do cheantair nua cónaithe tadhlach le ceantair cónaithe atá ann cheana féin lastuaidh den R163, agus ar thailte lastoir den sráidbhaile. Déantar soláthar i gCriosú Úsáide Talún A5 d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis le bheith de réir na bPleananna Gníomhaíochta Ceantair. Tá na ceantair cónaithe seo laisteas den R163. Moltar leis na pleananna gníomhaíochta ceantair forbairt chomhordaithe agus chuí a dheimhniú ag cur cóngaracht na dtailte do Dhiméin stairiúil Bhaile Ghib san áireamh. Tá forbairt cónaithe ísealdlúis beartaithe le rogha inbhuanaithe a sholáthar ar thithíocht aonair, agus le carachtar foriomlán tuaithe an cheantair a choimeád. Moltar gur féidir leis na ceantair seo treisiú sa todhchaí le húsáid inbhuanaithe ar thalamh seirbhísithe a chinntiú.

Tá an criosú Úsáide Talún B1 d'úsáid lárionad sráidbhaile á athlonnú siar. Is chun críche éascú a dhéanamh ar úsáidí lárionad sráidbhaile ar aghaidh an R163 é seo. Ba chóir go ndéanfadh lár an tsráidbhaile iarracht freastal ar riachtanais shóisialta agus pobail an daonra atá agus a bheidh ann agus lár inaitheanta agus inléite á chruthú don sráidbhaile.

Tá soláthar déanta do chriosú breise úsáide talún E1 d'úsáid thionsclaíoch lastuaidh den R163. Is chun éascú a dhéanamh ar ghiniúint bhreise tionsclaígh / fostaíochta é seo. Tá sé lonnaithe gar don gcriosú úsáide talún E1 atá ann cheana féin le héascú a dhéanamh ar fhorbairt chomhdhlúite tionsclaíoch.

Tá criosú nua úsáide talún F1 do thaitneamhacht áineasa molta laisteas den phlean i bhfoirm Páirce Líní / Bealaigh Ghlais. Is chun soláthar a dhéanamh ar mhaolán idir cheantair nuafhorbartha agus Diméin stairiúil Bhaile Ghib, agus chomh maith chun taitneamhacht an tsráidbhaile a fheabhsú é seo. Tá criosú nua úsáide talún F1 do thaitneamhacht áineasa molta laisteas de na faichí CLG le héascú a dhéanamh ar fhorleathadh na bhfaichí CLG.

Coimeádadh Criosú Úsáide Talún G1 chun úsáide pobail. Tá an Crios Glas coimeádta ag an mbealach isteach stairiúil go Diméin Bhaile Ghib.

3.4 Straitéis Ghluaiseachta agus Rochtana

Tabharfar tús áite do mhodhanna inbhuanaithe iompair mar shiúil agus rothaíocht laistigh den sráidbhaile trí fhorbairt na gcosán nua ar feadh an R163 agus ar feadh na Páirce Líní / an bhealaigh ghlais laisteas den sráidbhaile. Nascfaidh an pháirc líneach / bealach glas nua ceantair nua cónaithe agus úsáidí tionsclaíocha lastoir, na foirgnimh stairiúla feirme, an scoil agus dá réir an fhaiche CLG agus an foirgneamh Pobail tríd an iarbhealach isteach go Diméin Bhaile Ghib.

Cuirtear naisc idir an R163 agus an pháirc líneach molta / bealach glas chun cinn le feabhas a chur ar oll-tréscaoilteacht an cheantair trí cheantair cónaithe nua agus an lárionad nua sráidbhaile. Cuirtear naisc nua chun cinn le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar láithreacht radharcach na bhfoirgneamh stairiúil feirme agus le feabhas a chur ar dheiseanna um fhorbairt.

Cuirtear suímh rochtana chun cinn i gceantair nua cónaithe lastuaidh le héascú a dhéanamh ar fhorbairt acmhainne sa todhchaí thar saolré an phlean seo, le cead a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile sa todhchaí.

3.5 Straitéis Oidhreachta Nádúrtha agus Tógtha

Tá roinnt gné nádúrtha agus tógtha i mBaile Ghib gurbh fhiú iad a chosaint. Ar na gnéithe seo tá na gnéithe a sonraítear i dtaifead na struchtúr atá faoi chosaint agus iad sin a aithnítear i Measúnú Carachtair Tírdhreacha Contae na Mí.

Iarrtar sa straitéis nádúrtha agus tógtha go ndeimhnítear go mbunaítear imeall glas ar feadh na páirce líní / an bhealaigh ghlais atá molta go laisteas den sráidbhaile d'fhonn suíomh Dhiméin stairiúil Bhaile Ghib a chosaint agus chun cuidiú le olltaitneamhacht na páirce líní / an bhealaigh ghlais. Cuimseoidh na moltaí seo cuspóirí do na cóireálacha teorann atá ann cheana féin agus na cóireálacha teorann nua.

Ba chóir foirgnimh nó struchtúir nach n-aithnítear ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint ach go bhfuil saintréith láidir dúchasach acu a chosaint agus a chaomhnú mar chuid d'aon mholtaí forbartha.

4.0 Polasaithe agus Cuspóirí

Tá polasaithe agus cuspóirí aitheanta do Shráidbhaile Baile Ghib maidir le teanga agus cultúr, úsáidí talún, gluaiseacht agus rochtain, oidhreacht thógtha agus nádúrtha, caighdeáin dearaidh agus seirbhísí agus infreastruchtúr. Déantar iarracht leis na polasaithe agus leis na cuspóirí seo soláthar a dhéanamh do na straitéisí a bhfuil cur síos orthu i rannán 3.0 thar shaolré an phlean seo.

4.1 Teanga agus Cultúr

Tá soláthar i bpolasaithe agus i gcuspóirí teanga agus cultúir do Bhaile Ghib do chaomhnú agus d'fheabhsú sainoidhreachta teanga agus cultúrtha an cheantair. Tá cur síos ar na polasaithe agus ar na cuspóirí seo thíos maidir le fostaíocht, infreastruchtúr pobail, daonra / forbairt cónaithe, agus féiniúlacht Ghaeltachta. Forluíonn roinnt de na polasaithe seo le polasaithe agus cuspóirí Úsáide Talún agus Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha, le béim anseo ar chaomhnú agus ar chur chun cinn Teanga agus Cultúir.

4.1.1 Geilleagrach

Déantar iarracht sna príomhpholasaithe eacnamaíochta teanga agus cultúir spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh éagsúla, ar a n-áirítear tionscnamh tógála a chruthóidh fostaíocht sa cheantar, a chuireann le cur chun cinn na Gaeilge agus an Chultúir, agus fostaíocht inbhuanaithe á sholáthar ag an am gcéanna.

LCHP 1	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt fostaíochta agus fiontraíochta sa sráidbhaile, atá báúil leis an teanga agus leis an gcultúr.
LCHP 2	A aithint go bhféadfadh forbairtí nua tráchtála dochar a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus stádas na Gaeilge agus laghdú / cosc a chur ar a dtionchar.
LCHP 3	Beidh an tÚdaras Pleanála i bhfabhar go ginearálta, agus faoi réir fhorálacha an Phlean Fhorbartha, iarratas chun forbartha de na cineálacha eacnamaíocha seo a leanas: ▪ Acmhainní do mhúinteoireacht teanga ▪ Áiseanna aeraíochta trí Ghaeilge ▪ Ionaid phobail le tacú leis an nGaeilge ▪ Áiseanna oideachais m.sh. tríú leibhéal, etc ▪ Turasóireacht le teanga agus cultúr ina chroílár ▪ Oifigí Gaeltachta d'fhonn seirbhísí a sholáthar do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge ▪ Gnó atá teangabhunaithe m.sh. seirbhísí aistriúcháin / cumarsáide
LCHP 4	Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile iomchuí maidir le gníomhaíochtaí inbhuanaithe eacnamaíochta atá bunaithe ar an nGaeilge a fhorbairt sna ceantair Ghaeltachta.

Ar na cuspóirí teanga agus cultúir a chuireann forbairt eacnamaíochta chun cinn agus a sholáthraíonn do chaomhnú agus do chur chun cinn na teanga agus an chultúir tá:

LCHOBJ 1	A éileamh go ndéanfaí 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula bhféachtar ar aon iarratas forbartha tráchtála sa cheantar. Caithfidh a leithéid de staidéar, trí thagairt do chúlra teanga na n-úsáideoirí nó na n-áititheoirí a bheadh i gceist, nó trí chuspóirí forbartha teanga agus cultúrtha na ngrúpaí a bhaineann le nó a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt i gceantair Ghaeltachta, aitheantas ar an ngaolmhaireacht sin a sholáthar go mbeidh dea-thionchar ag a dtogra ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

LCHOBJ 2	Go ndéanfaí soláthar d'fhorbairt iomchuí bunaithe ar Theanga agus ar Chultúr laistigh de na criosanna cearta úsáide talún sa sráidbhaile.

LCHOBJ 3	Le cabhrú le measúnú a dhéanamh ar thionchar tráchtála nua ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas pleanála d'fhorbairtí tráchtála faoi bhráid An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus bainistíocht Údarás na Gaeltachta le ráiteas a dhéanamh orthu agus cuirfear na ráitis sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar gach iarratas pleanála dá leithéid.

4.1.2 Infreastruchtúr Pobail

Is iad na príomhpholasaithe Infreastruchtúir Pobail ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí Pobail le daoine áitiúla a spreagadh agus le seirbhísí agus deiseanna, a chuireann an teanga agus an cultúr chun cinn, a sholáthar.

LCHP 5	Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail le seirbhísí a sholáthar a chuireann chun cinn agus a chaomhnaíonn saintraidisiúin teanga agus cultúrtha an cheantair.

LCHOBJ 4	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt áiseanna pobail agus áineasa ar thailte i gcroílár an tsráidbhaile agus in aice leis an mbunscoil a bheadh dírithe ar an teanga agus ar an gcultúr.

4.1.3 Daonra / Cónaithe

Is iad na príomhpholasaithe atá ann don Daonra a chinntiú go dtig leis an daonra atá ann leanúint agus go dtagann rath air mar shainphobal cultúrtha. Ba chóir go mbeadh sé ar intinn ag an lucht cónaithe nua imeascadh leis an gcultúr labhartha Gaeilge lena chinntiú go ndéantar caomhnú ar an teanga agus ar an gcultúr sa cheantar. Ní spreagtar forbairt cónaithe nach mbaineann leis an teanga agus leis an gcultúr.

LCHP 6	A chinntiú go bhfuil líon inbhuanaithe sa daonra cónaithe le sainiúlacht teanga agus chultúrtha an cheantair a chur chun cinn.

LCHP 7	A aithint go bhféadfadh forbairtí nua cónaithe dochar a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus stádas na Gaeilge agus laghdú / cosc a chur ar a dtionchar.

LCHP 8	Na modhanna is féidir a úsáid leis an nGaeilge a chaomhnú a aithint.

LCHP 9	Le córas éifeachtach a phleanáil mar ar féidir measúnú agus caomhnú a dhéanamh ar gach gné de chomhshaol na Gaeltachta mar chuid den phróiseas pleanála, ar a n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le húsáid teanga.

Ar na cuspóirí Teanga agus Cultúir a chuireann na cuspóirí cónaithe / daonra chun cinn tá:

LCHOBJ 5	A éileamh go ndéanfaí 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula bhféachfaí ar aon iarratas forbartha cónaithe (teach leis féinig nó scéim titíochta) sa cheantar. Caithfidh a leithéid de staidéar, trí thagairt do chúlra teanga na n-úsáideoirí nó na n-áititheoirí a bheadh i gceist, nó trí chuspóirí forbartha teanga agus cultúrtha na ngrúpaí a bhaineann le nó a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt i gceantair Ghaeltachta, aitheantas ar an ngaolmhaireacht sin a sholáthar go mbeidh dea-thionchar ag a dtogra ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

LCHOBJ 6	Déanfaidh an tÚdaras Áitiúil athbhreithniú ar an úsáid a fhéadfaí a bhaint as an gClásal Teanga a bhainfidh le hiarratasóirí ar chead pleanála d'fhorbairtí cónaithe agus na Coinníollacha Teanga a fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le forbairtí cónaithe a cheadaítear.

LCHOBJ 7	Le cabhrú le measúnú a dhéanamh ar thionchar fhorbartha nua cónaithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas pleanála d'fhorbairtí cónaithe faoi bhráid An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus bainistíocht Údarás na Gaeltachta.

4.1.4 Féiniúlacht Ghaeltachta

Is iad na príomhphrionsabail fhéiniúlachta Ghaeltachta ná a chinntiú go mbíonn forbairt nua chun tairbhe na timpeallachta fisiciúla agus a chinntiú go ndéanann an fhorbairt nua caomhnú agus feabhsú ar shaintréithe fisiciúla na Gaeltachta, maidir le sainfhéiniúlacht a chruthú.

LCHP 10	A chinntiú go gcuireann gach forbairt nua le dearc-charachtar an cheantair agus go gcuirtear le sainfhéiniúlacht an cheantair.

LCHP 11	Spreagadh a thabhairt do stíleanna ailtireachta a thagann leis an traidisiún áitiúil mar theach Choimisiún na Talún agus na Braislí Cónaithe Clocháin. Moltar léamh comhaimseartha ar thraidisiúin dúchasacha.

LCHP 12	Féiniúlacht ar leith sráidbhaile a chruthú do cheantair nua forbartha, agus i measc an phobail.

Tá na Cuspóirí Áitiúla le caomhnú agus feabhsú féiniúlachta Gaeltachta a chur chun cinn mar seo a leanas:

LCHOBJ 8	Beidh gá le forbairtí nua le ráiteas dearaidh a leagan amach le bheith in éineacht le hiarratais pleanála ag tabhairt imlíne ar conas mar a chuireann na forbairtí le féiniúlacht ar leith Gaeltachta a chruthú.

LCHOBJ 9	Soláthar comharthaíochta i nGaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht maidir le: ▪ Pointí isteach agus amach as lonnaíochtaí sráidbhailte Ghaeltachta le mionsonraí mínithe ar shuntas chultúrtha na gceantar do thurasóirí ▪ Go soláthrófaí gach comharthaíocht tionsclaíoch i nGaeilge ▪ Go mbeadh comharthaí cheantálaithe agus comharthaí eile sealadacha i nGaeilge i gcomhar leis na grúpaí iomchuí gairmiúla

LCHOBJ 10	Troscán sráide poiblí, suíocháin, soilsiú, boscaí bruscair etc. a bheadh i gcomhréir agus comhaimseartha a chur chun cinn i lonnaíocht an tsráidbhaile le féiniúlacht chomhtháite agus leanúnach a chruthú sa sráidbhaile.

4.2. Úsáid Talún

Tá soláthar i bpolasaithe agus i gcuspóirí úsáide talún do Bhaile Ghib do chaomhnú agus d'fhorbairt na gceantar cónaithe atá ann agus ceantair nua cónaithe, d'úsáidí measctha cónaithe agus gnó, d'úsáidí tionsclaíocha agus a mbaineann leo agus úsáidí pobail agus aeraíochta. Tá mionchur síos sna rannóga seo a leanas ar na polasaithe agus na cuspóirí seo agus ba chóir iad a léamh in éineacht leis an mhaitrís chriosaithe úsáide talún agus le mapa (Aguisín IV), agus na polasaithe agus cuspóirí teanga agus cultúir.

4.2.1 Úsáidí Cónaithe

Déantar iarracht sna príomhpholasaithe ar úsáid talún chun cónaithe na ceantair cónaithe atá i mBaile Ghib a chaomhnú agus soláthar a dhéanamh ag an am gcéanna d'fhás inbhuanaithe an tsráidbhaile. Ar na polasaithe seo tá:

LUP 1	Freastal ar riachtanas tithíochta áitiúil shráidbhaile Bhaile Ghib.
LUP 2	Forbairt ar phobail inbhuanaithe cónaithe a chinntiú a bheadh suite i ngaireacht d'úsáidí fostaíochta, seirbhíse agus áineasa.
LUP 3	Meascán cothrom agus do-aitheanta de thithíocht shóisialta inacmhainne a bhaint amach ar fud an tsráidbhaile.
LUP 4	Polasaithe straitéise lonnaíochta tuaithe an Phlean Forbartha Contae 2007-2013 a chur i bhfeidhm, chomh maith le idir 25-30% de gach ilfhorbairt nua tithíochta, is é sin forbairtí le níos mó ná ceithre theach, a chur i leataobh do dhúchasaigh Chontae na Mí nó dóibh sin ar gá dóibh cónaí san ionad uirbeach de bharr a gcuid fostaíochta. Is d'fhás áitiúil amháin a sholáthrófar an chuid eile de na tithe. Áireofar sa 25-30% d'aonaid iltithíochta, a chuirtear i leataobh do riachtanais na háite, an 20% a chuirtear i leataobh do thithíocht shóisialta inacmhainne.
LUP 5	Meascán cothrom tipeolaíochta tithíochta a sholáthar a bheadh oiriúnach do chineálacha éagsúla teaghlach.
LUP 6	Forbairt cónaithe ardchaighdeáin a sholáthar a léiríonn meas agus a chuireann feabhas ar charachtar an tsráidbhaile, agus a chuireann le féiniúlacht a chruthú don sráidbhaile.
LUP 7	Forbairt inlíonta cónaithe a chur chun cinn lastuaidh den R163.
LUP 8	Iomláine an Chreasa Ghlais a chosaint ó fhorbairt mhíchuí cónaithe.
LUP 9	Deimhin a dhéanamh de go mbíonn ardchaighdeán dearaidh i bhforbairtí cónaithe sa todhchaí ag teacht le moltaí na 'Treoirlínte ar Fhorbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha, 2008' agus an 'Lámhleabhar ar Dhearadh Uirbeach: Treoir dea-chleachtais' a ghlac an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i Nollaig 2008 in éineacht leis. Caithfidh plean tírdhreachta agus ráitis dearaidh a bheith in éineacht le hiarratais ar cheithre áit chónaithe nó níos mó. Ina theannta sin, féachfar ar ábhair áitiúla a úsáid agus ar stíleanna tithíochta agus gach forbairt cónaithe á dhearadh sa todhchaí.

Beidh na sainriachtanais atá leagtha amach i Rannán 5 de Phlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 agus i Straitéis Tithíochta na Mí i gceist maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar i gceantar an PCÁ.

LUP 10	A chinntiú go gcuirtear 20% d'aon talamh a bhíonn criosaithe chun úsáide cónaithe amháin, nó do mheascán úsáide chónaithe agus eile, ar fáil le tithíocht shóisialta inacmhainne a sholáthar de réir riachtanais Chuid V d'Achtanna Pleanála agus Forbartha, 2000-2006 agus na Straitéise Tithíochta Contae.

Ar na cuspóirí maidir le criosú úsáide talún a dhéanann soláthar d'fhorbairt úsáidí cónaithe sa sráidbhaile tá:

LUOBJ 1	Soláthar a dhéanamh do thithe scoite teaghlaigh ar thailte atá criosaithe chun cónaithe ó thuaidh ón sráidbhaile.
LUOBJ 2	Soláthar a dhéanamh do thithíocht ísealdlúis siar ón gCeantar Tionsclaíoch le teacht leis an bpatrún forbartha atá ó thuaidh.
LUOBJ 3	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt bhraisle ísealdlúis soir agus siar ón mbunscoil.
LUBOJ 4	Soláthar a dhéanamh do thíopeolaíochtaí tí cathrach in aice leis an lár atá beartaithe don sráidbhaile.
LUBOJ 5	Tá gach forbairt nua cónaithe ó dheas ón sráidbhaile buailte leis an gcriosú úsáide talún F1 atá beartaithe ag féachaint thar an spás oscailte F1 atá beartaithe.
LUOBJ 6	Déanfar measúnú ar iarratais ar thithe aonair cónaithe faoin tuath sa Chrios Glas maidir le polasaí tithíochta tuaithe an PFC a chomhlíonadh.

4.2.2 Meascán Úsáide Cónaithe agus Gnó

Tá lár an tsráidbhaile drochshonraithe. Tá lár beartaithe don sráidbhaile le féiniúlacht áite, agus le meascán úsáide a chruthú a chuirfidh feabhas ar sheirbhísí áitiúla sa sráidbhaile.

LUP 11	Feidhm cónaithe an tsráidbhaile a chaomhnú.
LUP 12	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt seirbhísí agus áiseanna nua i lár an tsráidbhaile ar a n-áirítear úsáid miondíola, tráchtála agus oifige ar scála beag ag cruthú croíláir / fócais inaitheanta don sráidbhaile.
LUP 13	Éascú a dhéanamh ar úsáidí iomchuí fostaíochta agus fiontraíochta i gcroílár an tsráidbhaile agus sa cheantar tionsclaíoch.

Seo a leanas na cuspóirí lena ndéantar iarracht feidhm seirbhíse lárionaid sráidbhaile Bhaile Ghib a chaomhnú agus a fheabhsú:

LUOBJ 7	Soláthar a dhéanamh d'úsáid tráchtála, miondíola agus cónaithe ar thailte lena n-aghaidh ar an taobh theas den R163 le rochtain le soláthar ar fhoirgnimh fheirme Dhiméin Bhaile Ghib.
LUOBJ 8	Spreagadh a thabhairt d'athchóiriú Fhoirgnimh Fheirme Dhiméin Bhaile Ghib chun úsáide iomchuí tráchtála / oideachais / cónaithe.

4.2.3 Úsáidí Tionsclaíocha agus Gaolmhara

Tá an fhorbairt tionsclaíoch atá ann ina tiománaí suntasach ar eacnamaíocht Bhaile Ghib, agus ina foinse tábhachtach fostaíochta go háitiúil. Déantar iarracht sa phlean seo soláthar a dheánamh do dhiansaothrú sa cheantar tionsclaíoch do ghnóthaí ar scála beag a thagann le stádas Gaeltachta an cheantair ach caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar na foirgnimh stairiúla le hais Dhiméin Bhaile Ghib ó dheas ón gceantar tionsclaíoch. Tá soláthar sa phlean do bhreis tailte criosaithe chun tionsclaíochta ó thuaidh ón R163, soir ón sráidbhaile.

LUP 14	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe úsáidí tionsclaíocha agus úsáidí atá bainteach leo agus do dheiseanna fostaíochta a chruthú i sráidbhaile Baile Ghib.
LUP 15	Timpeallacht tógtha agus nádúrtha Bhaile Ghib a chosaint ar na tionchair a fhéadfadh a bheith ag forbairt thionsclaíoch ar an radharc, ar uisce, ar an aer agus ar thruailliú de dheasca torainn.

LUP 16	Na ceantair áitiúla tógtha a chosaint ar na tionchair a fhéadfadh a bheith ag forbairt thionsclaíoch ar an radharc, ar uisce, ar an aer agus ar thruailliú de dheasca torainn.

Ar na sainchuspóirí d'fhorbairt úsáidí tionsclaíocha agus úsáidí a bhíonn bainteach leo i mBaile Ghib tá:

LUOBJ 9	Comhdhlúthú inbhuanaithe a sholáthar don cheantar tionsclaíoch atá ann.

LUOBJ 10	Éascú a dhéanamh ar chruthú fostaíochta trí úsáid tionsclaíochta / fiontraíochta a fhorbairt, agus caomhnú a dhéanamh ag an am gcéanna ar shuíomh fhoirgneamh feirme Dhiméin Bhaile Ghib ó dheas.

LUOBJ 11	Éascú a dhéanamh ar chruthú fostaíochta trí úsáid tionsclaíochta / fiontraíochta a fhorbairt, agus ag cosaint na gceantar cónaithe in aice láimhe ag an am gcéanna.

4.2.4 Úsáidí Pobail agus Áineasa

Ar na húsáidí pobail agus áineasa atá i mBaile Ghib tá páirceanna imeartha an CLG, Halla an Phobail agus an Scoil agus soláthraíonn suíomh tírdhreacha Dhiméin Bhaile Ghib taitneamhacht radhairce don tsráidbhaile.

De réir mar a thagann forbairt ar Bhaile Ghib ba chóir go dtiocfadh feabhas ar na háiseanna pobail agus áineasa atá ann le freastal ar riachtanais an phobail reatha agus sa todhchaí.

LUP 17	Tacaíocht a thabhairt do sholáthar agus rochtain ar réimse áiseanna pobail agus áineasa.

LUP 18	A chinntiú go ndéantar forbairt ar áiseanna pobail agus áineasa in éineacht le forbairt cónaithe agus úsáide measctha.

LUP 19	Spásanna oscailte ardchaighdeáin dearaidh, ardcháilíochta, a fhorbairt sna ceantair cónaithe.

LUP 20	Feabhas a chur ar shuíomh tírdhreacha foirgneamh feirme Dhiméin Bhaile Ghib.

Tá roinnt deiseanna i mBaile Ghib le feabhas a chur ar an soláthar áiseanna agus taitneamhachta pobail. Tá na deiseanna seo le feiceáil sna cuspóirí thíos.

LUOBJ 12	Feabhsú ar an halla pobail atá siar ón sráidbhaile a chur chun cinn.

LUOBJ 13	Soláthar a dhéanamh do mhéadú bhunscoile Bhaile Ghib agus na hachair súgartha agus úsáidí pobail a bhaineann léi.

LUOBJ 14	Éascú a dhéanamh ar chur leis na páirceanna imeartha atá siar ón sráidbhaile.

LUOBJ 15	Éascú a dhéanamh ar athchóiriú foirgneamh feirme Dhiméin Bhaile Ghib agus na foirgnimh a bhaineann leo agus rochtain agus tuiscint ar an gcoimpléasc a chur chun cinn.

LUOBJ 16	Forbairt ar pháirc líneach / bealach glas a chur chun cinn chun críche taitneamhachta radhairce, le láthair na bhfoirgneamh feirme a chosaint agus áineas éigníomhach ó dheas ón sráidbhaile.

4.2.5 Leagan Amach Úsáide Leathan Talún

Tá leagan amach úsáide leathan talún ar a n-áirítear cuspóirí criosaithe úsáide talún do Bhaile Ghib iarcheangailte (Aguisín IV). Tá fairsinge na dtailte criosaithe mar a leanas:

Úsáidí Lár an Sráidbhaile	1.8ha / 4.3acra
Ceantair Cónaithe atá ann (A1)	8.3ha / 20.5 acra
Ceantair Nua Cónaithe (A2)	2.6ha / 6.4 acra
Láthair Oidhreachta (A3)	5.2ha / 12.8 acra
Ceantair Nua Cónaithe (A5)	6.2ha / 15.2 acra
Úsáidí Tionsclaíocha agus Gaolmhara	3.4ha / 8.4 acra
Úsáidí Pobail	4.6ha / 11.4 acra
Spás Oscailte	9.9ha / 24.6 acra

4.3 Gluaiseacht agus Rochtain

Déantar iarracht sna polasaithe agus sna cuspóirí gluaiseachta patrúin inbhuanaithe taistil agus modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn. Tá cur síos ar na polasaithe agus ar na cuspóirí seo thíos maidir le hiompar poiblí, gluaiseacht choisithe agus rothaíochta, trácht feithicle, agus páirceáil charr agus rothar.

4.3.1 Iompar Poiblí

Tá drochsheirbhís iompair phoiblí ag freastal ar Bhaile Ghib faoi láthair. Mar sin féin, is féidir go mbeadh acmhainn forbartha ann do sheirbhís iompair phoiblí thar shaolré an phlean seo, nó acmhainn do sheirbhís phríobháideach thointeála bus Cheanannas nó ón Uaimh mar a bhfuil níos mó rochtana ar sheirbhísí iompair phoiblí.

MP1	Éascú a dhéanamh ar nascanna feabhsaithe bus poiblí a fhorbairt chuig na bailte ina aice láimhe.

MP 2	Éascú a dhéanamh ar nascanna bus poiblí / príobháideach a fhorbairt chuig na bailte ina aice láimhe.

Éascú a dhéanamh ar sheirbhísí bus chuig an sráidbhaile, agus ba chóir go ndéanfaí forbairt ar phointí bailithe agus fágála mar chuid d'aon fheabhas timpeallachta a dhéanfaí i lár an tsráidbhaile sa todhchaí.

MOBJ 1	Forbairt a dhéanamh ar phointí bailithe agus fágála do bhusanna i gcroílár an tsráidbhaile.

4.3.2 Gluaiseacht do Choisithe agus Rothair

Ba chóir go dtabharfadh aon fhorbairt nua sa sráidbhaile tosaíocht do ghluaiseacht choisithe agus rothar. Ba chóir go mbeadh líonraí siúil agus rothaíochta slán, díreach agus iad nasctha go maith leis na ceantair máguaird. Chuige seo tá na polasaithe seo a leanas aitheanta.

MP 3	Líonra de chosáin agus de bhealaí rothaíochta a bheadh sábháilte, díreach agus dea-nasctha a fhorbairt.

MP 4	A éileamh go mbeadh gach bealach siúil inrochtana do chách.

MP 5	A éileamh go mbeadh dea-chaighdeán soilsithe á sholáthar ar gach bealach.

MP 6	Céimeanna maolaithe tráchta a sholáthar ar an R163 tríd an sráidbhaile.

Tá na cuspóirí seo a leanas aitheanta le gluaiseacht choisíochta agus rothaíochta a chur chun cinn agus le héascú a dhéanamh ar fhorbairt infreastruchtúir siúil agus rothaíochta sa sráidbhaile.

MOBJ 2	Forbairt a dhéanamh ar chosán leanúnach ó lár an tsráidbhaile siar chuig an eastát tionsclaíochta, ag nascadh na scoile, páirceanna imeartha an CLG agus an Séipéal leis an iarthar ar an taobh ó thuaidh den R163, le trasbhealaí ag suíomhanna a thagann le húsáidí pobail / fostaíochta.

MOBJ 3	Bealach glas a sholáthar do choisithe ó dheas ón sráidbhaile le hais ailínithe na bhfálta atá ann nuair is féidir é, mar chuid den pháirc líneach atá beartaithe ó dheas ón sráidbhaile atá le soláthar in éineacht le haon fhorbairt nua ag an láthair seo.

MOBJ 4	Soláthar a dhéanamh do nasc do choisithe idir an pháirc líneach atá beartaithe agus an R163 trí cheantair nua forbartha, in éineacht le haon fhorbairt nua ag na láithreacha seo.

4.3.3 Gluaiseacht Fheithicleach

Ba chóir go mbeadh rochtain feithicle chuig agus ó lár an tsráidbhaile sábháilte, díreach agus dea-nasctha. Ba chóir go ndéanfaí forbairt ar shráideanna agus ar lánaí seachas ar bhóithre agus carachtar a bheith ag baint leo a thagann le croílár an tsráidbhaile.

MP 7	Ordlathas a bhunú de shráideanna agus lánaí sábháilte, dea-nasctha agus tarraingteach a thagann agus a chuireann le forbairt charachtair inaitheanta don sráidbhaile.

MP 8	Forbairt spásanna a chur chun cinn laistigh de cheantair nua forbartha a spreagann laghdú luais.

Maidir le gluaiseacht fheithicleach agus rochtain laistigh den sráidbhaile, tá na cuspóirí seo a leanas aitheanta:

MOBJ 5	Sráid nua a fhorbairt ó dheas ón sráidbhaile ag nascadh na páirce líní atá beartaithe.

MOBJ 6	Rochtain fheithicleach a sholáthar ar thailte ó thuaidh ón R13 le tuilleadh forbartha a cheadú sa todhchaí.

MOBJ 7	Rochtain fheithicleach a sholáthar ar thailte ó dheas ón R163 chuig talamh criosaithe chun cónaithe agus láir shráidbhaile le rochtain a cheadú ar an bpáirc líneach / bealach glas atá beartaithe, agus ar na foirgnimh fheirme atá i mBaile Ghib.

4.3.4 Páirceáil Charr agus Rothar

Beidh na riachtanais páirceála carr agus rothar d'fhorbairtí nua ag teacht leis an PFC. Ba chóir go mbeadh struchtúr agus tírdhreachú déanta do pháirceáil sráide i lár an tsraídbhaile mar chuid d'aon fheabhsú timpeallachta a dhéanfaí sa todhchaí. Ba chóir go mbeadh páirceáil eis-sráide laistigh de na forbairtí agus gan í le feiceáil ag an bpobal.

Ba chóir go soláthrófaí áiseanna páirceála rothar freisin i gcroílár an tsráidbhaile.

MP 9	Éascú a dhéanamh ar rochtain fheithicleach ar lár an tsráidbhaile trí áiseanna páirceála sráide agus eis-sráide a sholáthar de réir riachtanais an Phlean Forbartha Contae.

MP 10	Áiseanna páirceála i bpáirt idir úsáidí pobail a spreagadh.

MP 11	Laghdú a dhéanamh ar éifeacht pháirceáil charr ar an radharc trí achair pháirceála carr a fhorbairt a bheadh dea-dheartha, mionsonraithe agus tírdhreachtú déantar orthu.

MP 12	Seastáin a sholáthar do rothair i lár an tsráidbhaile le spreagadh a thabhairt do mhodhanna inbhuanaithe iompair a úsáid.

Athraíonn an láthair inmhianaithe do pháirceáil charr sa sráidbhaile ó shuíomh go suíomh. Mar sin féin, ba chóir ceann a thógáil de na cuspóirí seo a leanas maidir leis na suíomhanna a aithnítear thíos.

MOBJ 8	Ba chóir go soláthrófaí páirceáil charr sa cheantar cónaithe atá beartaithe soir ón sráidbhaile le hais na sráide i struchtúr comhthreomhar páirceáil charrchlóis taobh thiar den líne thógála.

MOBJ 9	Ba chóir go mbeadh soláthar do Pháirceáil Charr eis-sráide laistigh den cheantar tionsclaíoch, agus í ionsúite laistigh den suíomh forbartha mar chuid d'aon mholtaí forbartha sa todhchaí.

MOBJ 10	Ba chóir go soláthrófaí páirceáil sráide do charranna sa cheantar cónaithe atá beartaithe ó dheas ón R163 idir an lár atá beartaithe don tsráidbhaile agus an ceantar tionsclaíoch, i spásanna struchtúrtha páirceála agus páirceáil eis-sráide taobh thiar den líne tógála.

MOBJ 11	Ba chóir go soláthrófaí páirceáil charr ar thailte criosaithe láir an tsráidbhaile i spásanna páirceála carr i struchtúr comhthreomhar le hais an bhóthair rochtana atá beartaithe agus laistigh den suíomh ar cúl na bhfoirgneamh.

MOBJ 12	Ba chóir go mbeadh páirceáil charr laistigh de na ceantair nua cónaithe atá beartaithe ó dheas ón R163 i bhfoirm bhraislí forbartha siar ó lár an tsráidbhaile, agus soir ón scoil ionsúite laistigh den suíomh más féidir é, lena chinntiú go ndéantar forbairt ar spásanna i bpáirt i gclóis tarraingteacha.

MOBJ 13	Páirceáil Charr d'úsáidí atá ann agus atá beartaithe ag halla an phobail, páirceanna imeartha an CLG agus an reilig le hachair pháirceála a bheith acu i bpáirt.

4.4 Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha

Baineann carachtar Bhaile Ghib den chuid is mó lena hoidhreacht nádúrtha agus tógála stairiúil. Ba chóir go ndéanfaí an oidhreacht seo a chaomhnú agus a fheabhsú chun taitneamhachta na nglúnta atá le teacht.

Áiríonn an Plean Forbartha Contae roinnt foirgneamh agus suiteach atá suite laistigh den sráidbhaile atá ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint agus a bhfuil cur síos orthu in Aguisín III. Is é cuspóir na Comhairle é na struchtúir agus na suiteacha seo a chosaint agus úsáidí iomchuí a chur chun cinn a sholáthraíonn dá ndeisiú agus dá gcothabháil sa bhfadtéarma.

Moltar a bheith gníomhach maidir le moltaí le cosc a chur ar tuilleadh dearóilithe ar fhoirgnimh fheirme Dhiméin Bhaile Ghib agus na tailte a bhaineann leo agus go gcuirtear rochtain phoiblí ar an láthair agus feasacht ar a hoidhreacht chun cinn.

Níor aithníodh aon séadchomhartha nó áiteanna inspéise ó thaobh na seandálaíochta de i mBaile Ghib. Mar sin féin, is é polasaí na Comhairle é a chinntiú go ndéantar cosaint ar gach seandálaíocht, ag áireamh seandálaíochta nach bhfuil aimsithe, de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte dea-chleachtais reatha.

Cé nár déanadh aon suirbhé ar chrainn Bhaile Ghib, tugtar faoi deara go bhfuil a lán crann fásta ann a chuireann go suntasach le tírdhreach an tsráidbhaile. Is é cuspóir na Comhairle é oidhreacht nádúrtha Bhaile Ghib a chaomhnú, a dheisiú agus a fheabhsú ar a n-áirítear crainn fhásta, claíocha agus teorainneacha traidisiúnta ar na páirceanna.

NBHP 1	Soláthar a dhéanamh do chaomhnú seandálaíocta taifeadta agus acmhainneacha i sráidbhaile Bhaile Ghib.

NBHP 2	Soláthar a dhéanamh do chaomhnú agus cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid agus ar fheabhsú struchtúr i mBaile Ghib atá áirithe ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint.

NBHP 3	Cur chun cinn a dhéanamh ar dheisiú agus chothabháil na bhfoirgneamh fiúntacha seandálaíochta de réir treoirlínte an RoCORÁ do chaomhnú oidhreachta ailtireachta.

NBHP 4	Cosaint a dhéanamh ar chrainn fhásta agus ar chlaíocha a chuireann go suntasacha le tírdhreach Bhaile Ghib.

NBHP 5	Iarsmaí ráillí na Diméine ó thuaidh agus ó dheas den R163 a chaomhnú.

NBHP 6	Soláthar a dhéanamh do chosaint teorainneacha bunaithe páirce agus chlaíocha.

Maidir le hoidhreacht nádúrtha agus tógtha Bhaile Ghib tá na cuspóirí seo a leanas aitheanta ag an gComhairle.

NBHOBJ 1	Carachtar tírdhreacha an chreasa ghlais idir úsáid an phobail agus an tsráidbhaile a chaomhnú.

NBHOBJ 2	Feabhas a chur ar thírdhreach Bhaile Ghib trí chrainn dúchasacha agus claíocha a chur sa sráidbhaile agus mórthimpeall air.

NBHOBJ 3	Feabhsú, athchóiriú agus úsáid na struchtúr cosanta a chur chun cinn.

4.5 Caighdeáin Dearaidh

Tá an tógáil i sráidbhaile Bhaile Ghib scaipthe, agus coimeádann sé a charachtar tuaithe, le nóid forbartha sa cheantar tionsclaíoch atá ann agus foirgnimh fheirme Dhiméin Bhaile Ghib agus ag an scoil. D'fhonn feabhas a chur ar an leagan amach seo, tá polasaithe agus cuspóirí maidir le cruth tógtha an tsráidbhaile aitheanta.

4.5.1 Típeolaíochtaí Tógála

Ba chóir go mbeadh cruth agus scála na bhfoirgneamh nua, i lár an tsráidbhaile agus sna ceantair cónaithe atá beartaithe, ag teacht le dúchas Bhaile Ghib.

Ba chóir gurb áiteanna scoite cónaithe a bheadh i suíomhanna inlíonta ó thuaidh ón R163, le rochtain agus radharcanna á gcoimeád trí chosaint a dhéanamh ar an radharc ar an gcúlchríoch thuaithe. Beidh na ceantair nua cónaithe suite idir an ceantar tionsclaíoch agus an crios glas ó dheas ón R163, faoi réir na bpleananna gníomhaíochta. Ba chóir go ndéanfaí na ceantair atá soir agus siar ón scoil a dhearadh mar cheantar forbartha braisle le hailíniú éagsúil ar na foirgnimh, le cumraíocht bhinnne agus chomhthreomhar ar fhoirmeacha simplí na bhfoirgneamh. Moltar típeolaíochtaí tí cathrach in aice le lár an tsráidbhaile.

Ba chóir go ndéanfaí an t-achar atá idir an ceantar tionsclaíoch agus an sráidbhaile a dhearadh le bheith ag teacht le hailíniú na bhfoirgneamh traidisiúnta a bheadh buailte leo ó thuaidh. Ba chóir go ndéanfaí an ceantar atá soir ón gceantar tionsclaíoch atá ann a dhearadh mar fhorbairt cónaithe ísealdlúis le carachtar tuaithe an tsráidbhaile a choimeád.

Ba chóir go mbeadh foirgnimh nua tionsclaíocha agus cinn a bhaineann leo soir agus ó thuaidh ón sráidbhaile i mbraisle laistigh den suíomh agus foirm agus scála a bheith ag baint leo nach mbeadh feiceálach agus nach gcuirfeadh isteach ar an radharc.

DSP 1	Caomhnú a dhéanamh ar thípeolaíochtaí traidisiúnta na bhfoirgneamh feirme i mBaile Ghib.

DSP 2	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inlíonta ó thuaidh ón R163 a bheadh de réir scála agus maise an áitribh atá buailte léi.

DSP 3	Soláthar a dhéanamh do típeolaíochtaí tithíochta cónaithe a bhíonn i bhfoirm agus ar scála a thagann leis an sráidbhaile, le teaghaisí urláir go leith Choimisiún na Talún agus tithe dhá urlár feirme. Cumraíocht chuí a bheith ar áiteanna cónaithe de réir a láthair.

DSP 4	Soláthar a dhéanamh do thípeolaíochtaí nua tógála tionsclaíocha nach bhfuil feiceálach agus i bhfoirm agus ar scála nach gcuireann isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile.

DSP 5	Dearadh nuálaíoch ailtireachta a chur chun cinn i bhforbairt nua agus sna foirgnimh atá ann.

Maidir leis na ceantair nua cónaithe, tá na saincuspóirí seo a leanas aitheanta.

DSOBJ 1	Forbairt ar thithe scoite teaghlaigh a chur chun cinn a thagann le foirm thraidisiúnta tógála teaghaisí Choimisiún na Talún le hurlár nó urlár go leith ó thuaidh ón R163.

DSOBJ 2	Éascú a dhéanamh ar fhorbairt tithe cathrach buailte le lár an tsráidbhaile le radharc ar an R163 agus ar an bpáirc líneach atá beartaithe ó dheas.

DSOBJ 3	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt saintréitheachtaí éagsúla tithíochta i gcumraíocht bhraisle ar thailte ó dheas ón R163 soir ón gceantar tionsclaíoch, agus soir agus siar ón scoil.

DSOBJ 4	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt teaghais scoite i gcumraíocht a dhéanann ailíniú leis na teaghaisí a bheadh buailte leo ar thailte idir an lár atá molta don sráidbhaile agus an ceantar tionsclaíoch.

4.5.2 Dlús Cónaithe

Ba chóir go socrófaí dlús cónaithe thailte nuafhorbartha maidir le caighdeáin cháilíochtúla mar scála agus foirm iomchuí agus caighdeáin dearaidh. Dá ainneoin seo, cuirfidh an easpa príomhinfreastruchtúir i mBaile Ghib, agus go háirithe ar ionad cóireála fuíolluisce, teorainn le líon na n-aonad is féidir a thógáil ar aon dáileacht talún go dtí go gcuirtear feabhas ar an infreastruchtúr sin.

Chuige seo, tá sé beartaithe gur chóir go mbainfí dlús níos ísle cónaithe idir 15-20 aonad cónaithe in aghaidh an heictéar amach go ginearálta ag teacht leis na Treoirlínte d'Fhorbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha. Mar sin féin, cuirfear dlúis níos ísle cónaithe chun cinn freisin a dhéanann iarracht rogha inbhuanaithe a sholáthar ar thithíocht aonair tuaithe.

DSP 6	Dlúis cónaithe a chur chun cinn a thagann le carachtar an tsráidbhaile agus a sholáthraíonn ag an am gcéanna d'úsáid inbhuanaithe talún agus seirbhísí le patrúin inbhuanaithe taistil a chur chun cinn.

DSP 7	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis ar láithreacha inlíonta.

DSP 8	Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis i gceantair nua cónaithe, a sholáthraíonn rogha inbhuanaithe ar thithíocht tuaithe, agus a cheadaíonn diansaothrú inbhuanaithe sa todhchaí.

DSP 9	A chinntiú nach gcinntear na caighdeáin dearaidh cháilíochtúla de réir chaighdeáin dlúis chainníochtúil.

Maidir le dlús cónaithe na ndáileachtaí talún atá sa sráidbhaile, tá na saincuspóirí seo a leanas aitheanta.

DSOBJ 5	Soláthar a dhéanamh do thithe scoite teaghlaigh a fhorbairt de 6 aonad / ha (2.5 aonad / acra) nó faoi mar is cuí ar shuíomhanna inlíonta (tailte criosaithe A2).

DSOBJ 6	Soláthar a dhéanamh do thithe scoite teaghlaigh a fhorbairt de 6 aonad / ha (2.5 aonad / acra) nó faoi mar is cuí ar shuíomhanna inlíonta (tailte criosaithe A5) ag teacht leis na pleananna gníomhaíochta.

DSOBJ 7	Soláthar a dhéanamh do dhiansaothrú sa todhchaí ar shuíomhanna cónaithe i gceantair bhraisle cónaithe A5 nuair a bhíonn an t-infreastruchtúr ann.

DSOBJ 8	Pleananna Gníomhaíochta do thailte bhraisle A5 le hacmhainn diansaothraithe a léiriú.

DSOBJ 9	Forbairt chónaithe ísealdlúis a sholáthar ar thailte soir ón gceantar tionsclaíoch atá ann agus caomhnú a dhéanamh ar thaitneamhacht radhairce tuaithe an tsráidbhaile.

4.5.3 Airde Tógála

Tá na foirgnimh i mBaile Ghib de ghnáth idir urlár amháin agus dhá urlár ar airde ach amháin do na foirgnimh thionsclaíocha. Ba chóir go gcoimeádfaí scála daonna na bhfoirgneamh traidisiúnta agus go mbeadh an scála sin le feiceáil sna moltaí forbartha. Dá réir sin, níor chóir go mbeadh leibhéal sceimhle nó uchtbhalla na bhfoirgneamh nua níos airde ná 5 mhéadar mura léirítear cúis mhaith ailtireachta a bheith leis. De réir an Phlean Forbartha Contae, ní cheadófar aonaid dúbailte trí urlár sa sráidbhaile.

DSP 10	An scála daonna na bhfoirgneamh traidisiúnta a choimeád agus a bheith le feiceáil i lár an tsráidbhaile.

DSP 11	Méadú ar airde foirgnimh a cheadú nuair a léirítear go bhfuil cúis mhaith ailtireachta leis.

DSP 12	Cosc a chur le haonaid dhúbailte trí urlár a thógáil sa sráidbhaile de réir Phlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013.

Ba chóir go mbeadh airde na bhfoirgneamh a bhíonn beartaithe ag teacht leis na cuspóirí seo a leanas.

DSOBJ 10	Línte sceimhleacha an stoic thógála atá i lár an tsráidbhaile a choimeád agus tógáil dá réir.

DSOBJ 11	Spreagadh a thabhairt d'áiteanna cónaithe dhá urlár a thagann le traidisiún dúchais tithe Choimisiún na Talún ón 20ú haois agus foirgnimh fheirme ón 18ú agus ón 19ú haois mar fhoirgnimh fheirme Dhiméin Bhaile Ghib.

DSOBJ 12	Forbairt foirgneamh dhá urlár i lár an tsráidbhaile a spreagadh le féiniúlacht agus iniatacht a chruthú.

DSOBJ 13	Forbairt ar áiteanna ísealdlúis cónaithe a chur chun cinn a bheadh idir urlár agus urlár go leith ar airde ar na tailte criosaithe cónaithe atá fágtha.

4.5.4 Línte na bhFoirgneamh agus Éadanas Sráide

Déanann líne foirgnimh tagairt don chiumhais a chruthaíonn príomh-ingearchló foirgnimh. Soláthraíonn líne leanúnach tógála ingearchlónna sráide ardleibhéil iniatachta don sráid agus dom fhearann phoiblí. Ba chóir go ndéanfaí soláthar sna foirgnimh nua do líne leanúnach tógála laistigh de chroílár an tsráidbhaile ar thailte atá criosaithe do lárionad an tsraídbhaile. Ba chóir go mbeadh éadanas na bhfoirgneamh seo gníomhach ag leibhéal na sráide le mionsnáithe uirbeach d'úsáidí éagsúla ar scála beag.

Laistigh de na ceantair nua cónaithe tá na saintréitheachtaí tógála atá beartaithe scoite ina bhfoirm, agus baineann an líne iomchuí tógála le gairdín tosaigh / cóireáil teorann go ginearálta. Ba chóir go mbeadh gairdíní tosaigh / teorainneacha i gceantair bhraislí tithíochta leanúnach, agus claíocha dúchasacha curtha iontu más féidir é. Ba chóir leagan amach loighciúil a bheith ar theaghaisí, ach is féidir go mbeadh éadanas binne nó éadain ailínithe líneacha ar éadan na láithreacha cónaithe.

Tá na cuspóirí seo a leanas aitheanta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riochtaí sonracha suímh timpeall an tsráidbhaile.

DSOBJ 14	Cur chun cinn a dhéanamh ar líne leanúnach tógála agus éadanas gníomhach sráide i lár an tsráidbhaile.

DSOBJ 15	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a dhéanamh ar líne leanúnach teorann tosaigh de chlaíocha dúchasacha nó ráillí ag teacht le ráillí stairiúla na diméine i gceantair chónaithe lastuaidh den R163.

DSOBJ 16	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a dhéanamh ar líne leanúnach teorann tosaigh de chlaíocha dúchasacha a chur le / balla saoirseachta / ráillí i gceantair de bhraislí tithíochta agus do cheantar tithíochta nua laisteas den R163.

4.5.5 Spás Oscailte Príobháideach agus Poiblí

Is gné thábhachtach de dhea-dhearadh uirbeach é spás oscailte príobháideach ardchaighdeáin a sholáthar. I mBaile Ghib tá na háiteanna cónaithe scoite den chuid is mó ar láithreacha móra le spás oscailte príobháideach chun tosaigh agus ar chúl. Ba chóir go ndéanfaí na spásanna seo a dhearadh le huasmhéadú a dhéanamh ar phríobháideachas, ar thaitneamhacht agus ar shlándáil de réir na gcaighdeáin dearaidh d'fhorbairt cónaithe a bhfuil cur síos orthu sa PFC. Ba chóir go mbeadh rochtain ar spás oscailte poiblí laistigh d'fhorbairtí cónaithe, go mbeadh sé d'fhoirm agus de leagan amach feidhmiúil chomh maith le radharc maith a bheith air ó fhoirgnimh. Ba chóir go gcuimseodh na spásanna seo ceantair réidh de leormhéid le go n-ionchorprófaí gníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta spóirt do leanaí.

De réir Phlean Forbartha Contae na Mí, cuirfear íosráta de 15% d'achar iomlán an suímh fhorbartha cónaithe i leataobh mar spás oscailte poiblí. Moltar sa Phlean go bhforbrófaí páirc líneach laisteas den sráidbhaile le bheith ina spás oscailte poiblí. Cuideoidh an ceantar seo de spás oscailte poiblí le ráta an spás oscailte poiblí atá riachtanach ar shuímh indibhidiúla. Nuair a bhíonn forbairtí cónaithe in aice le háiseanna nó taitneamhachtaí nádúrtha atá ann nó de réir an Údaráis Phleanála go mbeadh sé chun leasa ceartphleanála agus forbartha inbhuanaithe an cheantair, is féidir go n-éileodh an tÚdarás Pleanála ranníocaíocht i dtreo spáis oscailte poiblí nó áiseanna aeraíochta a sholáthar sa cheantar níos leithne in ionad spáis oscailte poiblí a bheith laistigh den fhorbairt.

DSP 13	Spás oscailte príobháideach ardchaighdeáin a sholáthar de réir na gcaighdeán dearaidh d'fhorbairt cónaithe atá i bPlean Forbartha Contae na Mí.

DSP 14	Soláthar a dhéanamh do spás oscailte poiblí a bheadh sábháilte, tarraingteach agus inúsáidte go leor laistigh d'fhorbairtí cónaithe.

DSP 15	Soláthar a dhéanamh do spás oscailte poiblí le feabhas a chur ar thaitneamhacht áineasa an tsráidbhaile ina iomláine.

Tá na cuspóirí seo a leanas aitheanta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riochtaí sonracha suímh a bhaineann le spás oscailte.

DSOBJ 17	Forbairt ar pháirc líneach laisteas den sráidbhaile ag dul leis na forbairtí nua a chur chun cinn, go mbeadh lánrochtain ag an bpobal uirthi, go mbeadh radharc uirthi ó fhoirgnimh agus a sholáthróidh bealach leanúnach do choisithe ar feadh teorainn theas an tsráidbhaile le naisc leis an R163 trí cheantair nua forbartha.

DSOBJ 18	Forbairt spáis don sráidbhaile a chur chun cinn in aice lár an tsráidbhaile molta a mhéadóidh na naisc radharcacha agus an rochtain ar fhoirgnimh stairiúla feirme Dhiméin Bhaile Ghib.

4.5.6 Ábhair agus Bailchríocha

Is iad ballaí cloch, bríce agus rindreáilte, díonta claonta slinne agus saisfhuinneoga agus doirse adhmaid na príomhábhair a úsáideadh go traidisiúnta i bhFoirgnimh Fheirme Bhaile Ghib. Tá teaghaisí níos comhaimseartha ag áireamh teaghais Choimisiún na Talún comhdhéanta de bhallaí rindreáilte, agus díonta slinne claonta agus fuinneoga agus doirse adhmaid.

Tá na hábhair seo fós ábhartha sa lá atá inniu ann agus ba chóir go n-úsáidfí go simplí iad i bhfoirgnimh inlíonta agus i sráideanna nua agus ceantair cónaithe nua agus iad ag teacht leis an traidisiún áitiúil. Mar sin féin, ba chóir go seachnófaí tagairtí aithriseoireachta do mhaisiú traidisiúnta foirgneamh mar obair ornáideach plástair.

Maidir le deisiú agus cothabháil na bhfoirgneamh atá ann, déanfaidh an t-údarás pleanála iarracht na treoirlínte ar chaomhnú na hoidhreachta ailtireachta a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm. Nua a bhíonn foirgnimh nua beartaithe, moltar go mbainfí úsáid nuálaíoch as ábhair agus go háirithe as ábhair thógála a fhaightear go háitiúil agus atá inbhuanaithe.

DSP 16	Spreagadh a thabhairt d'úsáid a bhaint as ábhair thógála a fhaightear go háitiúil agus atá inbhuanaithe a thagann leis an traidisiún agus leis an gceardaíocht áitiúil i gcroílár an tsráidbhaile.
DSP 17	Soláthar a dhéanamh d'úsáid nuálaíoch as ábhair thógála agus bailchríocha a thagann le carachtar an tsráidbhaile agus a chuireann feabhas air.

4.5.7 Dearadh Ailtireachta

Tá na polasaithe agus na cuspóirí ar fhoirm thógála a bhfuil cur síos orthu leis seo ar intinn mar threoirlínte dea-chleachtais seachas mar chaighdeáin fhorordaitheacha. Aithnítear gur féidir le rogha d'foirmeacha agus de bhailchríocha tógála cur go mór le carachtar an tsráidbhaile trí dhearadh nuálaíoch ailtireachta. Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar mholtaí nuálaíocha dearaidh nuair a léirítear barrfheabhas ailtireachta.

DSP 18	Barr Feabhais nuálaíochta agus dearaidh a chur chun cinn go gníomhach maidir le réiteach na moltaí forbartha.

4.5.8 Tírdhreachtú Crua agus Bog

Is féidir caighdeán an réimse phoiblí a fheabhsú go suntasach trí fhorbairt ar spas poiblí dea-dheartha agus tírdhreachtaithe. Is é polasaí na comhairle é spreagadh a dhéanamh ar úsáid ábhar agus bailchríocha ardchaighdeáin ar fud an fhearainn phoiblí ag áireamh cosáin pábháilte agus cuaillí taitneamhacha comhaimsearacha lampa, troscán sráide agus comharthaíochta. Ba cheart cosáin a bheith leanúnach, flaithiúil i leithead agus go soláthróidís rochtain do chách ar fud an tsráidbhaile.

Ba chóir na teorainneacha atá ann, ballaí teorann, ráillí, fálta agus crainn lánaibidh san áireamh, a choimeád, a dheisiú agus a fheabhsú mar is gá. Ba chóir go ndéanfadh teorainneacha nua iarracht ar leanúint den traidisiún, ráillí, ballaí de chloch áitiúil a thógáil ar éadain na bhfoirgneamh agus ar éadanais ar spás poiblí. Mar rogha air sin, ba cheart fálta dúchasacha a spreagadh. Ba cheart cóireáil ar theorainneacha nua a bheith leanúnach agus comhleanúnach.

DSP 19	Úsáid ábhar agus bailchríocha ardchaighdeáin a chur chun cinn sa bhfearann poiblí.
DSP 20	Soláthar do chosaint, deisiú agus feabhsú na dteorainneacha atá ann.
DSP 21	Spreagadh a dhéanamh ar úsáid ábhar áitiúil agus crainn agus fálta dúchasacha nuair a mholtar teorainneacha nua.
DSP 22	Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar comhordaithe agus comhleanúnach troscáin sráide ag áireamh cuaillí lampa, gabhdáin bruscair, seastáin do rothair agus comharthaíocht.

Maidir leis na spásanna oscailte agus na teorainneacha poiblí, tá na sainchuspóirí seo a leanas beartaithe ag an gcomhairle.

DSOBJ 19	Feabhsú na gcóireálacha teorann atá ann cheana féin lastuaidh den sráidbhaile in áiteanna ina ndearnadh forbairtí nua a chur chun cinn agus chomh maith in áiteanna go bhfuil an teorainn caite agus neamhleanúnach.

DSOBJ 20	Forbairt balla / fál leanúnach agus comhleanúnach teorann ar feadh taobh theas an R163 a spreagadh.

4.5.9 Dearadh Inbhuanaithe

Ba cheart do mholtaí forbartha iarracht a dhéanamh ar íosmhéadú a dhéanamh ar an bhfuinneamh a chuimsítear agus ar éileamh ar fhuinneamh ag foirgnimh nua agus sean. Ba cheart ábhair thógála a fhoinsíú go háitiúil agus go hidéalach ó fhoinsí inathnuaite, saolré fada a bheith acu agus iad ar chothabháil íseal.

Ba cheart foirgnimh nua a dhearadh agus a threoshuíomh ar ghnóthachtan gréine agus le hardráta feidhmiúcháin fuinnimh a bhaint amach. Spreagtar teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite mar théiteoirí gréine agus painéil fóta voltach chomh maith.

Tá an Chomhairle chomh maith ag cur chun cinn moltaí dearaidh atá nuálaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanann iarracht ar an éileamh ar sholáthairtí poiblí uisce a laghdú mar bhailiú uisce báistí mar uisce den dara grad le leithreasa a scaoileadh, níochán tánaisteach agus uisciúchán gairdíní.

Ba chóir foirgnimh nua a bheith éasca le hoiriúnú le freastal ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí éagsúla le saolré an fhoirgnimh agus timthriall saoil a áititheoirí.

DSP 23	Úsáid ábhar inathnuaite tógála a fhoinsiú go háitiúil a chur chun cinn.

DSP 24	Spreagadh a thabhairt d'úsáid dearthaí agus teicneolaíochtaí foirgneamh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar an teach neamhghníomhach agus foinsí inathnuaite fuinnimh.

DSP 25	Réitigh tógála a chur chun cinn a laghdaíonn an t-éileamh ar acmhainní nádúrtha mar uisce.

DSP 26	Soláthar a dhéanamh do inoiriúnacht foirgneamh ag teacht le prionsabal na feiliúnachta scaoilte, fad saolach.

DSP 27	Soláthar do dhlúthú ceapacha tógála cónaithe i leagain amach tithíochta braislithe.

4.6 Seirbhísí agus Infreastruchtúr

Tá soláthar eochairsheirbhísí agus infreastruchtúir, go háirithe acmhainn an fhearais chóireála fuíolluisce agus soláthar uisce poiblí atá ann, an srian is mó atá ar fhorbairt shráidbhaile Baile Ghib. Caithfidh méadú ar sheirbhísí agus ar infreastruchtúr a dhéanamh i ndiaidh a chéile le forbairt an tsráidbhaile.

4.6.1 Bailiú agus Cóireáil Fuíolluisce

Ní ann d'aon phleananna le fearas cóireála fuíolluisce a fhorbairt. Is féidir go soláthrófaí fearas cóireála fuíolluisce ach leorfhorbairt shuntasach a bheith molta don sráidbhaile. B'fhearr an fearas a shuíomh sna tailte laisteas den sráidbhaile. Is é polasaí na comhairle é imfhiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le soláthar fhearas cóireála i mBaile Ghib i bpáirt le mór-úinéirí talún /forbróirí.

SIP 1	Leorsholáthar a dhéanamh ar fhearas bailithe agus cóireála fuíolluisce le soláthar do dhaonra reatha agus le teacht an tsráidbhaile faoi réir ag na réamh-mheastacháin i dTábla 6 den Phlean Forbartha Contae, Creat-Threoir Uisce 2000 agus Clár

	Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce mar a cheadaíonn airgeadas.
SIP 2	Láithreáin oiriúnacha a aithint d'fhearas nua cóireála fuíolluisce mar is gá.
SIP 3	Gach aon acmhainn uisce a chaomhnú sa chéad áit d'úsáidí pobail agus d'úsáidí ginte fostaíochta.
SIP 4	Áisiú a dhéanamh do cheangal teaghaisí atá ag oibriú ar chórais dhabhcha múnlaigh faoi láthair leis an gcóras séarachais poiblí.

4.6.2 Uisce Dromchla

Níor cheart Uisce Dromchla a ghineann forbairtí nua a cheadú isteach sa chóras bailithe fuíolluisce. Spreagtar dorchlaí tréscaoilteacha talún laistigh de cheantair nua cónaithe. Déanann an tÚdarás Pleanála cur chun cinn ar bhailiú, caolú agus cóireáil uisce báistí ó bhóithre agus ceantair pábháilte faoi thalamh i gcealla caolaithe uisce báistí. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála machnamh ar fhéidearthacht forbairt a dhéanamh ar chealla caolaithe i láithreacha oiriúnacha mar an pháirc líneach atá molta laisteas den sráidbhaile.

SIP 5	Cur chun cinn ar úsáid dhorchlaí tréscaoilteacha nuair atá tírdhreachadh crua molta mar bhailchríoch talon.
SIP 6	Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt chealla caolaithe do bhailiú, caolú agus cóireáil rith screamhuisce.

4.6.3 Soláthar Uisce

Iar 2013 beidh soláthar breise uisce ar fail ach is é an nasc ón Uaimh go Baile Ghib an srianadh. I láthair na huaire ní ann do phleananna le méadú a dhéanamh ar na príomhphíobáin uisce ón Uaimh go Baile Ghib. Beidh forbairt tithíochta nua sa bhfad téarma laistigh den sráidbhaile ag brath ar chur leis an soláthar reatha uisceSa ghearrthéarma ba cheart dul i mbun forfheidhmiúchán na mbeartas caomhnaithe uisce leis an acmhainn uisce a chosaint.

SIP 7	Áisiú a dhéanamh ar leorsholáthar uisce a chur ar fail do Baile Ghib.
SIP 8	Beartais caomhnaithe uisce a laghdaíonn éileamh ar an soláthar reatha uisce a spreagadh.
SIP 9	Gach aon acmhainn uisce a chaomhnú sa chéad áit d'úsáidí pobail agus d'úsáidí ginte fostaíochta.

4.6.4 Tuile

Cé go bhfuil bunchúiseanna tuilte, báisteach throm agus ardleibhéil na farraige, docheansaithe ó cheart, is féidir aghaidh a thabhairt ar na fachtóir ag a bhfuil éifeacht ar mhéid agus ar dhéine tuile. Forbairt is ea an ceann is mó tionchair de na fachtóirí seo.

Is é polasaí na Comhairle é bheith ag iarraidh nach bhfuil forbairt faoi bhagairt riosca míchuí tuile ná ina chúis nó ina bhrostaitheoir ar riosca ag láithreacha eile.

SIP 10	A bheith ag iarraidh nach bhfuil forbairt faoi bhagairt ag riosca míchuí tuile ná ina chúis nó ina bhrostaitheoir ar a leithéid de riosca ag láithreacha eile.
SIP 11	A éileamh ar gach aon fhorbairt shuntasach ag a bhfuil tionchar ar réimsí riosca Measúnú ar an Tionchar ag Tuile a sholáthar, agus cailliúint ionchasach ar stóras ar mhá tuile a aithint agus ar an mbealach ina bhféadfaí sárú a dhéanamh air d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair ar raon tuile na n-aibhneacha.

Tá Dréacht-Threoirlínte d'Údaráis Pleanála ar an gCóras Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuile ullmhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Déanfaidh an Chomhairle iarracht na ceantair atá faoi bhagairt a aithint agus deimhin a dhéanamh d'fhorbairt laistigh de na ceantair sin a bheith géilliúil do na Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Pleanála do Bhainistiú Riosca Tuile agus d'aon treoirlínte a nglactar ina dhiaidh sin.

SIP 12	Aon cheantair atá i mbaol tuile a aithint agus deimhin a dhéanamh de go ngéilleann forbairt ina leithéidí de cheantair do na Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuile, arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus d'aon treoirlínte ar glacadh iad ina dhiaidh sin.

4.6.5 Seirbhísí Eile Fóntais

Bainistíocht Fuíollábhair

Déanfar bainistiú ar dhramhaíl faoi réir ag an soláthar atá sna Pleananna Bainistíochta Dramhaíola do Chontae na Mí. D'fhonn bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe a chur chun cinn tá beartaithe á oiriúnach Bainc Beir Leat a bheith laistigh den sráidbhaile.

SIP 13	Láithreáin oiriúnacha a aithint laistigh de shráidbhaile Baile Ghib d'áis athchúrsála do Bhanc Beir Leat.

Teileachumarsáid

Tá Straitéis Leathanbhanda do Chontae na Mí foilsithe. Ag teacht leis an straitéis seo. Tá an tÚdarás Áitiúil tiomanta do leas a bhaint as an seasamh atá glactha ag an Rialtas le deimhin a dhéanamh d'infreastruchtúr leathanbhanda a bheith ar fail ar fud an chontae.

Is é polasaí na Comhairle é áisiú a dhéanamh ar sholáthar agus ar fheabhsúchán ar sheirbhísí leathanbhanda i mBaile Ghib agus le teaghlaigh ar theacht isteach íseal a chumasú le leas a bhaint as infreastruchtúr leathanbhanda.

SIP 14	Cur chun cinn gníomhach a dhéanamh ar e-iniatacht i mBaile Ghib tríd an bpróiseas pleanála agus trí thacaíocht a thabhairt do straitéisí le teaghlaigh ar theacht isteach íseal a spreagadh agus a chumasú le leas a bhaint as infreastruchtúr nua-aimsire leathanbhanda.

5.0 Máistirphlean

Tá máistirphlean Baile Ghib léirithe thíos. Taispeánann an máistirphlean páirc líneach nua, spás / lánaí ceangail, foirmeacha cuí tógála agus moltaí tírdhreachtaithe. Níl an máistirphlean ach táscach agus tá sé ceaptha le treoir um dhearadh a sholáthar maidir le foirm thógtha agus leagan amach an tsráidbhaile.



Máistirphlean Treorach

6.0 Céimniú agus Cur i bhFeidhm

6.1 Suíomhanna Deise

Tá mórán láithreán laistigh den sráidbhaile ag a bhfuil acmhainn le cuidiú go suntasach le forbairt Bhaile Ghib, agus lena féiniúlacht Ghaeltachta a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Tá foirgnimh fheirme Dhiméin Bhaile Ghib in andeis shuntasach chun forbartha. Tá acmhainn turasóireachta, fostaíochta agus cónaithe ag forbairt na bhfoirgneamh feirme. Tá rochtain ar an Diméin bocht, agus tá teacht i láthair bocht ag na foirgnimh laistigh den sráidbhaile. D'fhéadfadh forbairt na dtailte lastuaidh den bhfoirgneamh feirme, idir an R163 agus na foirgnimh fheirme cur go mór le inrochtaine ar na foirgnimh fheirme agus d'fhéadfadh sí nasc a chruthú idir na foirgnimh agus lár an tsráidbhaile.

Tá acmhainn ag lár an tsráidbhaile forbairt a dhéanamh mar spás inléite sráidbhaile, a thabharfadh braistint láidir áite agus féiniúlachta do Bhaile Ghib. Tá acmhainn forbartha ag na tailte lastoir agus laistiar den scoil d'fhorbairt mar bhraislí cónaithe, agus carachtar sainiúil ag gach ceann díobh ar leith.

Tá treoir bhreise dhearaidh ullmhaithe maidir leis na láithreáin seo agus tá cur síos uirthi sna hailt seo a leanas.

Coimpléasc agus Garraí Daingean Dhiméin Bhaile Ghib

Diméin Bhaile Ghib

Tá leagan amach agus foirm uathúil agus sainiúil ag foirgnimh fheirme Bhaile Ghib. Cuimsíonn an éagsúlacht foirmeacha tógála ag áireamh spásanna líneacha, spásanna ceallacha agus sean teaghaisí oiriúnacht d'éagsúlacht úsáidí. Ar na húsáidí cuí bheadh fiontar beag, turasóireacht, ionad léirithe, deiseanna ceardaíochta /ealaíontóireachta, úsáidí oideachais agus úsáidí ionchasacha cónaithe gaolmhara. Ba chóir forbairt laistigh de choimpléasc an fhoirgnimh fheirme díriú ar athchóiriú agus cosaint na bhfoirgneamh atá ann, leis an gcur isteach is lú ar uigeacht an fhoirgnimh. Moltar feabhas a chur ar an mbealach isteach ag úsáid an bhealaigh isteach atá ann cheana féin san oirthear, agus bealach nua rochtana molta ag athsholáthar bealaigh isteach stairiúil do na Foirgnimh Fheirme.



Loistín Cónaithe Nua ag Diméin Baile Fearainn

Lár an tSráidbhaile

Tá na tailte seo suite go lárnach laistigh den sráidbhaile. Tá éadanas na dtailte ar an R163. Ba chóir go mbeadh forbairt na dtailte seo ag iarraidh lár shráidbhaile taitneamhach inaitheanta a bhunú agus i gcaitheamh an ama meas a léiriú ar thréithe dúchasacha na bhfoirgneamh atá sa sráidbhaile cheana féin.

Ba chóir go mbeadh na moltaí forbartha do na tailte seo ag iarraidh:

- Soláthar do mheascán úsáidí agus éadanas gníomhach bunúrláir ar aghaidh chrosaire an tsráidbhaile.
- Líne leanúnach tógála agus braistint láidir iniatachta a bhunú ag crosaire an tsráidbhaile.
- Ba chóir d'fhoirgnimh meas a léiriú ar scála agus ar mhais na bhfoirgneamh atá laistigh den sráidbhaile cheana féin.

Meastar ardán dhá urlár a bheith cuí ag soláthar imill láidre uirbeacha agus ag cruthú spáis ionchasaigh shráidbhaile, agus iniatachta. B'fhéidir páirceáil chomhthreormhar ar sráid agus spas tírdhreachta uirbeacha bheith ar éadan na bhfoirgneamh. B'fhéidir rochtain a sholáthar chomh maith d'aonaid miondíola agus páirceáil eis-sráide an chúl an ardáin.

Lár an tSráidbhaile

Braislí Ionchasacha Cónaithe

Tithíocht le leagan amach scaoilte i spas chlóis

Braislí Cónaithe

Tá dhá láithreán ionchasach braisle sa sráidbhaile lastoir agus laistiar den scoil faoi fhoráil chreastha um úsáid talún an A5. Déanfaidh forbairt na láithreán seo faoi fhorálacha phlean gníomhaíochta cinntiú ar fhorbairt chomhordaithe leis an líonra bóthair agus úsáidí talún, agus cinnteoidh sé cur chuige comhordaithe don dearadh foriomlán. Tá acmhainn chomh maith ag an gceantar nua cónaithe lastoir den sráidbhaile le forbairt mar bhraisle cónaithe.

Ba chóir go mbeadh na ceantair seo ag iarradh forbairt bhraislithe a choimeádfadh tréithíocht thuaithe i gcomhthéacs shráidbhaile a bhaint amach. Moltar go bhforbródh na ceantair seo ar ísealdlús cónaithe sa chéad áit, agus an acmhainn a bheith acu dlúthú sa todhchaí. Tá spas oscailte poiblí á mholadh laisteas de na braislí cónaithe le cuidiú le forbairt ar pháirc leanúnach líneach laisteas den sráidbhaile.

Is iad na Príomh-chomhdhéantasacha:

- Teaghaisí aon urláir go hurlar go Leith.
- Foirmeacha dúchasacha tógála mar atá léirithe (Foirmeacha Cuí do Theaghaisí).
- Spás lárnach clóis a sholáthar ag tabhairt rochtana do gach foirgneamh ar Leith.
- Dromchla i bpáirt le beartais cheansaithe tráchta.
- Tírdhreachtadh ardchaighdeáin ag áireamh críoch ar thalamh an chlóis agus cóireáil na teorann.
- Cóireáil na teorann a bheith comhdhéanta de bhallaí / fálta de phlandaí dúchasacha a chur ag an staid is luaithe agus is féidir den bhforbairt.
- Socrú teaghaisí a dhéanfadh áisiú ar dhlúthú sa todhchaí.
- Bailchríoch rindreála, díonta de sclátaí, fuinneoga agus doirse adhmaid.
- Bailchríoch rindreála, díonta de sclátaí nádúrtha, fuinneoga agus doirse adhmaid.
- Pleananna gníomhaíochta le bheith in éineacht le moltaí forbartha do na cheantair seo ag léiriú an bhealaigh ina dtarlódh dlúthú, d'fhonn forbairt chomhordaithe a chinntiú.
- Pleananna Gníomhaíochta Ceantair le ceangailtí a léiriú leis an bpáirc líneach atá molta, agus ceangailtí idir úinéireachtaí éagsúla talún.
- Páirc líneach ó dheas le ceangailtí ionchasacha de thailte tadhlacha lastoir agus laistiar.
- Ceangailtí thuaidh theas a sholáthar trí cheantair bhraisle, ag ceangal na páirce líní atá molta den R163.



6.2 Céimniú

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála cur chun cinn ar fhorbairt ar bhealach réasúnach seiceamhach d'fhonn a chinntiú gurb ann d'áiseanna riachtanacha de leithéid infreastruchtúr cóireála fuíolluisce agus soláthar poiblí uisce. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála san áireamh chomh maith an soláthar reatha agus molta infreastruchtúr sóisialta ag áireamh áiseanna oideachais, áineasa agus taitneamhachta agus deiseanna fostaíochta agus moltaí forbartha á measúnú.

Ba cheart forbairt ar cheantair nua cónaithe a chomhdhlúthú i lár an tsráidbhaile. Tá forbairt ar Chéim 1 á cur chun cinn i lár an tsráidbhaile. Ní

Radharc Threorach id Treo Bhraislí Cónaithe

urscaoilfear na tailte creasaithe cónaithe atá fágtha laistigh den sráidbhaile ach mar chuid de Chéim 2 i. iar 2013, agus faoi réir ag na critéir a aithnítear d'urscaoileadh tailte creasaithe a ndéantar cur síos orthu in Athrú Uimh. 2 den PFC.

Tá forbairt ag brath ar áis sábháilte cóireála uisce a fhorbairt agus leorsholáthar uisce a chur ar fail. Coimeádann an tÚdarás Pleanála an ceart aige féin cead pleanála a dhiúltú ar fhorbairt ar bhonn easpa leorinfreastruchtúr uisce agus / nó fuíolluisce. Ar a shon sin, ní chuirfidh an tÚdarás Pleanála cosc ar fhorbairt de chineál tithíochta aon uaire sa sráidbhaile ar an mbonn seo.

Tá am tOrd Tosaíochta do Ráth Chairn léirithe thíos.

6.3 Rannaíocaíochtaí

D'fhonn áisiú a dhéanamh ar infheistíocht ag an Údarás Áitiúil in eochairinfreastruchtúr déanfar rannaíocaíochtaí faoi réir choinníollacha Chuid III, Alt 48 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 mar atá glactha ag Comhairle Contae na Mí. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil machnamh chomh maith ar scéim fhorlíontach rannaíocaíochta d'fhonn brostú a dhéanamh ar sheachadadh infreastruchtúir chriticiúil mar chur le háiseanna cóireála fuíolluisce.

6.4 Monatóireacht agus Athbhreithniú

D'fhonn a chinntiú go bhfuil na straitéisí forbartha a ndéantar cur síos orthu un Alt 3.0 á seachadadh de réir pholasaithe agus chuspóirí an phlean seo, déanfaidh an Chomhailre, trí ghníomhaíocht ó lá go chéile a feidhme bainistíochta forbartha monatóireacht ar fhorfheidhmiú agus ar chéimniú PCÁ Baile Ghib. Déanfar athbhreithniú go tréimhsiúil d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an phlean agus aon éifeachtaí comhshaoil a éireodh ón bplean.

Ord Tosaíochta

Aguisiní

Aguisín I	Tuarascáil um Scagadh ar an Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol
Aguisín II	Tuarascáil um Measúnacht Scagtha Cuí
Aguisín III	Liosta Reatha de Struchtúir Chosanta i mBaile Ghib
Aguisín IV	Léarscáil Chreasa agus Maitrís Úsáide Talún
Aguisín V	Pearsain, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtai a rinne aighneacht Réamh-Dhréachta ar ullmhúchán PCÁ Bhaile Ghib
Aguisin VI	Pearsain, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí a rinne aighneacht maidir le Leasuithe Dhréacht PCÁ Bhaile Ghib

Augisín I Tuarascáil Scagtha le hÉileamh ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil a bhaint amach

Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib

Tuarascáil Scagtha le hÉileamh ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil a bhaint amach

Le cur faoi bhráid

Gníomhaireacht Cosanta an Chomhshaoil
Mr. Tadhg O'Mahony
An Chigireacht Réigiúnach
Inis Cara
Co. Chorcaí

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An Bainisteoir
Aonad na nIarratas Forbartha
Dún Scéine
Lána Fearchair
Baile Átha Cliath 2

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Mr. John Wayne
Príomhoifigeach Cúnta
Aonad Comhordaithe
Teach an Leamháin
Bóthar Earlsvale
An Cabhán

Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Ard Oifig
29 – 31 Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2

Arna ullmhú ag:

COMHAIRLE CONTAE NA MÍ
An Roinn Pleanála
Meal na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. Mí

Sheridan Woods Ailtirí & Pleanálaithe Uirbheacha
42 Sráid Árann Thoir
Baile Átha Cliath 7

1.0 Réamhrá

Tá Sheridan Woods Ailtirí + Pleanálaithe Uirbeacha áirithe ag Comhairle Contae na Mí le Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do Bhaile Ghib, Co. na Mí. Ag teacht le héileamh na Treorach um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) (2001/42/EC) agus na Rialacháin MSC 2004 (I.R. Uimh. 436 de 2004), tá Sheridan Woods faoi láthair ag scagadh Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib atá molta d'fhonn a fháil amach an mbeadh tionchair shuntasacha ag an bPlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) do Bhaile Ghib ar an gcomhshaol agus le measúnú a dhéanamh féachaint an gá Measúnú Straitéiseach Comhshaoil do Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib.

Deir Alt 3.4 de na Treoirlínte um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil gur gá scagadh (i. an próiseas le cinneadh an dócha go mbeadh tionchair shuntasacha comhshaoil ag plean áirithe seachas iad sin ar a bhfuil MSC sainordaithe, agus gur ghá MSC dó dá bhrí sin) ar Phleananna Ceantair Áitiúil nuair is lú an daonra ná 10,000 duine. Toisc daonra Bhaile Ghib a bheith faoi 10,000 duine, is cuspóir don tuarascáil seo cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil don Phlean Ceantair Áitiúil i. an PCÁ a scagadh. MSC1/08NPWS1/08 Rinneadh tagairt chomh maith do na Treoirlínte um Fheidhmiúchán Treorach MSC mar a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2004)´agus go háirithe Sceideal 2A de I.R. 436 2004.

2.0 Comhthéacs Polasaí

Deir cuspóir SS OBJ1 de Phlean Forbartha Contae Na Mí 2007–2013 go n-ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil do na ceantair uirbeacha atá luaite i dTábla 7 den bPlean Forbartha, agus tá Baile Ghib orthu sin.

De réir an ordlathacht lonnaíochta do Chontae na Mí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae, tá Baile Ghib liostáilte mar 'shráidbhaile'. Deir an Plean Forbartha Contae go bhfuil lonnaíochtaí atá sainithe mar 'shráidbhailte' ceaptha le bheith ina nódanna arna dtiomáint d'fhorbairt cónaithe ardchaighdeáin agus do sheirbhísí ardchaighdeáin riachtanacha tráchtála agus pobail áitiúla. Ba cheart a bhfás sa todhchaí a chiorrú agus a chosaint d'fhonn gan iad a bheith ina gcatalaígh le háisiú a dhéanamh ar fhorleathadh leanúnach bruachbhailte amuigh Bhaile Átha Cliath go háirithe, nó Bailte eile Foráis Mhór nó Measartha. Dearbhófar forbairt sráidbhailte sa todhchaí níos mó ar fhás áitiúil ná ar fhás réigiúnach.

3.0 Suíomh / Comhthéacs

Tá Baile Ghib suite i lár Chontae na Mí in dToghcheantar na hUaimhe. Tá Baile Ghib ar cheann de dhá Cheantar Gaeltachta i gContae na Mí. Dá bhrí sin, tá oidhreacht láidir teanga agus cultúrtha ag an sráidbhaile gur fiú aird ar leith a thabhairt uirthi agus Plean Ceantair Áitiúil á ullmhú don sráidbhaile. Tá Baile Ghib suite ar an R163 (Bóthar Réigiúnach Bhaile Shláine / Ceanannais) thart ar 7km siar ó thuaidh ó Bhaile na hUaimhe. Aithnítear Baile Ghib i Mapa 1 um Ordlathacht Lonnaíochta an MCDP 2007 – 2011 (Aguisín B). Tá mapa suímh, mapa creasa agus úsáide reatha talún agus íomhánna fótagrafacha de Bhaile Ghib ceangailte de seo agus déantar tagairt dóibh sa téacs.

Sráidbhaile de mheánmhéid is ea Baile Ghib, atá comhdhéanta de dhorchla fada d'fhorbairt ribíneach ar feadh an bhóthair R163. Níl an sráidbhaile sainithe go maith agus tá sé comhdhéanta de mheascán de thigíní beaga dúchasacha agus de bhungalónna móra aon uaire agus tithe a tógadh ar mheascán de stíleanna agus ábhar. Tá an sráidbhaile suite i láthair choillearnach a fhéadfadh a bheith mealltach ach atá beagán díghrádaithe. Ar na príomheilimintí i ndéantús an tsráidbhaile tá an reilig, halla pobail agus fearann imeartha CLG san iarthar, Scoil Náisiúnta Bhaile Ghib i lár an tsráidbhaile agus eastát tionsclaíoch agus a bhfuil fágtha de Dhiméin Bhaile Ghib lastoir den sráidbhaile. Tá an sráidbhaile léirithe sna híomhánna fotagrafacha atá leis seo (Aguisín D).

Tá sráidbhaile Bhaile Ghib suite laistigh de thoghcheantar Dhomhnach Phádraig. Rinne Daonáireamh 2006 taifeadadh ar dhaonra de 842 duine laistigh den toghcheantar seo. Léiríonn Staitistic na gCeantar Beag do Bhaile Ghib daonra de 72 duine agus 20 teaghlach.

4.0 Critéir le cinneadh a dhéanamh ar na tionchair shuntasacha comhshaoil is dóichí (Sceideal 2(A) de na Rialacháin MSC 2004)

Leagann Aguisín ll den Treoir MSC amach na critéir le cinneadh a dhéanamh ar na tionchair shuntasacha comhshaoil is dóichí. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an PCÁ atá molta i bhfrithshuíomh leis na critéir atá leagtha amach in Aguisín ll den Treoir MSC. Is iad na tosca is ábharthaí ná:

- Tréithíocht an Phlean Ceantair Áitiúil atá molta
- Tréithíocht na n-éifeachtaí sa cheantair is dóichí ar a mbeidh éifeacht ag an PCÁ molta

Tá breithniú orthu seo anseo:

4.1 Tréithíocht an Phlean Ceantair Áitiúil atá molta

4.1.1 A mhéid is a leagann an plean creat amach do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí eile, maidir le suíomh, nádúr, méid agus coinníollacha feidhmiúcháin trí acmhainní a leithdháileadh

Aithnítear Baile Ghib mar shráidbhaile i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013. Dá bhrí sin, tá Baile Ghib ceaptha le bheith ina nód 'd'fhorbairt shainiúil cónaithe arna thiomáint ag ardchaighdeán agus áiseanna riachtanacha áitiúla tráchtála agus pobail'.

Soláthróidh an PCÁ atá molta do Bhaile Ghib treoir mionsonraithe pleanála agus forbartha do phleanáil chóir agus d'fhorbairt inbhuanaithe ar shráidbhaile Bhaile Ghib ag áireamh cuspóirí agus treoirlínte dearaidh d'úsáid talún, iompar agus oidhreacht teanga, cultúrtha, nádúrtha agus tógtha. Cuimseoidh an Plean thart ar 42 heicteár mar atá sainithe ag an mapa creasa um úsáid talún agus teorainn an tsráidbhaile faoi láthair (Aguisín C). Ag teacht le Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013, déanfaidh an PCÁ atá molta soláthar d'fhorbairt ar scála cuí agus déanann sé neartú ar charachtar na lonnaíochta.

Maidir leis seo, tógaimid ceann den Straitéis Lonnaíochta don chontae. Déanann an straitéis lonnaíochta do Chontae na Mí, mar atá i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013, iarracht ar fhás cónaithe sa chontae a shuíomh ag teacht leis an 2007-2013 Straitéis Spásúlachta Náisiúnta agus na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála. Is é príomh-dhearbhphrionsabal ag an straitéis lonnaíochta Contae atá glactha ná forbairt chónaithe a threorú go dtí na trí lonnaíocht Dorchla an Iarnróid na hUaimhe, Dún Búinne / Cluain Aodha / An Bealach agus Purláin Dhroichead Átha. Dá thoradh sin, caithfear forbairt agus na mbailte beaga fáis agus na heochair-shráidbhailte sa Chontae a mhaolú go mór agus a cheangal níos dlúithe d'fhás áitiúil seachas d'fhás réigiúnach. Bainfear seo amach trí laghdú a dhéanamh ar na rátaí ionchasacha fáis ar na hionaid seo ón rud a bhí ann le blianta beaga anuas agus trína chinntiú go gcuirtear sciar den tithíocht nua i bhforbairtí iltithíochta i leataobh do dhaoine áitiúla amháin. I gcás Cheanannais, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn agus na mBailte Beaga Fáis, na hEochair-shráidbhailte agus na Sráidbhailte, rinneadh athbhreithniú ar an mbanc talún creastha chun cónaí sna ceantair sin lena chinntiú nach dtarlóidh ach an méid agus an scála réamh-mheasta forbartha cónaithe atá i dTábla 5 (Réamh-mheastóireacht ar Dhaonra agus Teaghlach do Tréimhse an Phlean) agus Tábla 6 (Suíomh Fáis Teaghlach 2006 – 2013). Tá seo ceaptha lena chinntiú go dtiocfaidh an Plean Forbartha leis an gcreat polasaí atá san SSN agus sna TPR araon.

Déanann Athrú Uimh. 2 (Ord Tosaíochta) Phlean Forbartha Contae na Mí bainistiú ar urscaoileadh tailte creastha chun cónaithe lena chinntiú go ndéanfaidh an méid agus an scála forbartha cónaithe a tharlóidh i gceantair uirbeacha comhghlasáil leis an líon d'aonaid cónaithe i dTábla 5 agus i dTábla 6 a luadh roimhe seo. Léiríonn Athrú Uimh. 2 de PFCM gurb é an líon aonad atá ceadaithe le hurscaoileadh i mBaile Ghib ná 35 do thréimhse an phlean. Tugann an Plean Forbartha tosaíocht do dhaingniú lár an tsráidbhaile agus talún creastha chun cónaithe gar do lár an tsráidbhaile d'urscaoileadh i gCéim 1 (2007 – 2013). Déanfar urscaoileadh ar na tailte creastha chun cónaithe i gCéim 2 (Iar 2013) (Aguisín D). Soláthróidh an Plean Ceantair Áitiúil treoir

pleanála agus forbartha a thiocfaidh leis an Straitéis Lonnaíochta Contae, agus leis an Ord Tosaíochta a aithníodh sa Phlean Forbartha.

4.1.2 A mhéid is a bhíonn éifeacht ag an bplean nó clár ar phleananna agus cláir eile, ina measc iad sin in ordlathacht

Feidhmeoidh an LAP atá molta do Bhaile Ghib ar leibhéal áitiúil agus dá bhrí sin trí chéile is mó a bheidh tionchar air ná aige ar phleananna agus chláir eile. Beidh an Plean i gcomhsheasamh le cuspóirí Phlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 agus an uile doiciméad polasaí, straitéis, treoirlíne, treoir, coinbhinsean etc., eile atá ábharthach do cheapadh cuspóirí cosanta comhshaoil.

4.1.3 Ábharthacht an phlean nó an chláir do chomhdhlúthú ceisteanna comhshaoil go háirithe le hintinn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn

Cuimseoidh an PCÁ atá molta do Bhaile Ghib spriocanna comhshaoil a bhaineann le húsáid inbhuanaithe talún, modhanna inbhuanaithe iompair, cosaint agus caomhnú ar an oidhreacht thógtha, dearadh inbhuanaithe uirbigh agus tógála, agus infreastruchtúr uisce agus dramhaíola Beidh prionsabail na forbartha inbhuanaithe mar bhonn ag cuspóirí an phlean.

4.1.4 Fadhbanna comhshaoil atá ábharthach don Phlean Ceantair Áitiúil atá molta

Is iad na fadhbanna comhshaoil atá ábharthach don PCÁ atá molta do Bhaile Ghib ná úsáid inbhuanaithe talún agus meascán d'úsáidí talún, cur chun cinn modhanna inbhuanaithe iompair, cosaint ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, soláthar ar an infreastruchtúr cóireála riachtanach uisce agus fuíolluisce agus tuilte.

Tugaimid faoi dear go bhfuil 3 bhealach roghnacha aitheanta go ginearálta ag EirGrid do líne chumhachta 400kv ón Mhí go dtí an Cabhán. Tá an tionscadal seo ag céim an chomhairliúcháin phoiblí faoi láthair. Gabhann ceann de na bealaigh atá molta lastoir de Shráidbhaile Bhaile Ghib (www.eirgrid.ie/EirgridPortal/uploads/Meath-Cavan%20Power%20Line/Map%203.pdf). Dá bhrí sin, soláthróidh na cuspóirí atá molta ag PCÁ Bhaile Ghib don bhféidearthacht sin agus don ghá forbairt inbhuanaithe a chinntiú laistigh de chomhthéacs an líne chumhachta atá molta.

Níl aon fhearas poiblí cóireála fuíolluisce i mBaile Ghib. Feidhmíonn forbairtí i mBaile Ghib ar dhabhcha seipteacha / córais chóireála. Is ann d'acmhainn teoranta le soláthar a dhéanamh ar fhearas cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile.

4.1.5 Ábharthacht an Phlean Ceantair Áitiúil d'fheidhmiúchán reachtaíochta Comhphobail ar an gcomhshaol (i. pleananna agus clár nasctha do bhainistíocht dramhaíola nó truailliú uisce)

Beidh an PCÁ atá molta do Bhaile Ghib ag teacht le cuspóirí reachtaíocht an Chomhphobail agus déanfaidh iarracht feidhmiúchán an céanna a chinntiú go háirithe maidir le caomhnú fuinnimh, polasaí iompair, acmhainní nádúrtha, bainistíocht dramhaíola agus bainistíocht fuíolluisce.

4.2 Saintréithe na n-éifeachtaí agus an cheantair is dóichí go mbeidh éifeacht ag an PCÁ atá molta orthu

4.2.1 Dóchúlacht, ré, minicíocht agus inaisathraitheacht na n-éifeachtaí

Níltear ag súil le haon drochéifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an PCÁ atá molta. Déanfaidh an PCÁ iarracht forbairt i mBaile Ghib a dhaingniú d'fhonn deimhniú a dhéanamh ar úsáid éifeachtach talún agus cur chun cinn modhanna inbhuanaithe iompair. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh tionchar dearfach comhshaoil ag an PCÁ atá molta ar an Sráidbhaile.

4.2.2 Nádúr carnach na n-éifeachtaí

Rud dearfach is ea nádúr carnach éifeachtaí an PCÁ atá molta, atá comhdhéanta de dhaingniú forbartha, cur chun cinn patrún inbhuanaithe taistil trí meascán úsáidí a sholáthar laistigh de cheantar dlúth, cosaint na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha, agus cur chun cinn ar bhainistíocht éifeachtach agus inbhuanaithe ar uisce agus ar dhramhaíl.

4.2.3 Nádúr trasteorann na n-éifeachtaí

Níltear ag súil le haon éifeachtaí trasteorann de thoradh an PCÁ atá molta.

4.2.4 Na priacail do shláinte daonna nó don chomhshaol (i. de dheasca timpistí)

Níltear ag súil le haon phriacal do shláinte daonna ná don chomhshaol de thoradh an PCÁ atá molta. Beidh éifeacht dhearfach ag an PCÁ atá molta ar chaighdeán beatha an daonra áitiúil trí sholáthar a dhéanamh ar chomhshaoil ardchaighdeáin cónaithe, oibre agus áineasa agus trí chaomhnú agus cur chun cinn na hoidhreachta teanga agus cultúrtha.

4.2.5 Méid agus scóip spásúil na n-éifeachtaí (ceantar geografach agus méid an daonra is dócha ar a mbeidh éifeacht)

Cuimsíonn ceantar an PCÁ thart ar 42 heactáir. Léirigh na Staitistic Daonra do Cheantar Beag do Bhaile Ghib a baineadh as daonáireamh 2006 go raibh 72 uimh. duine agus 20 uimh. teaghlach ina gcónaí i sráidbhaile Bhaile Ghib. Ag teacht le Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013, déanfaidh an Plean soláthar d'fhorbairt ar scála cuí a dhéanfaidh neartú ar thréithíocht na lonnaíochta agus beidh sé dírithe níos dlúithe ar fhás áitiúil seachas ar fhás réigiúnach a tharla le deich mbliana anuas. Dá bhrí sin, níl fás suntasach ar an daonra molta. Mar atá luaite cheana féin tá réamh-mheastachán ar 15 uimh. teaghlach breise i mBaile Ghib aitheanta i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 don tréimhse 2006 go 2013. Tá Ord Tosaíochta d'fhorbairt thailte cónaithe aitheanta chomh maith in Athrú Uimh. 2 de Phlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013 mar atá luaite (Aguisín D) a dhéanann soláthar d'fhás loighiciúil an tsráidbhaile.

4.2.6 Luacha agus leochaileacht an cheantair gur dócha ar a mbeidh éifeacht mar gheall ar:

4.2.6.1 Saintréithe speisialta nádúrtha nó oidhreachta cultúrtha

Tá Baile Ghib ar cheann de dhá cheantar sainithe Gaeltachta i gContae na Mí. Tá oidhreacht láidir teanga agus cultúrtha ag an sráidbhaile agus is cuspóir ag Comhairle Contae na Mí sin a chosaint agus a fheabhsú mar chuid den PCÁ atá molta do Bhaile Ghib. Déanann Plean Forbartha Contae na Mí iarracht ar "chosaint ar oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta ag áireamh cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail, nuair atá ceantar Gaeltachta i gceantar an phlean forbartha."

CNOanna, CSCanna, CCSanna
Is fiú a thabhairt faoi deara nach gcuimsíonn na tailte sa staidéar aon cheantair atá sainithe mar shuímh Natura 2000. Níl aon Cheanta(i)r Nádúrtha Oidhreachta, Cheanta(i)r Speisialta Caomhnaithe, Iarratasóirí ar Cheanta(i)r Speisialta Caomhnaithe Ceanta(i)r Speisialta Cosanta sna tailte staidéir.

Tá an Abhainn Dubh, iarratasóir ar SAC suite thart ar 2km laisteas den sráidbhaile.

Tá mórán crann lánaibí agus fál taitneamhach laistigh de shráidbhaile Bhile Ghib. Cuimseoidh an PCÁ atá molta cuspóirí leo sin a chosaint.

Caomhnú agus Oidhreacht
Struchtúir Chosanta & Séadchomharthaí Náisiúnta
Níl aon séadchomharthaí seandálaíochta suite laistigh de teorainn an PCÁ atá molta ná laistigh d'fhíorchóngar an tsráidbhaile ar an taifead de shuímh agus de shéadchomharthaí.

D'fhorbair sráidbhaile Bhaile Ghib ar fhearann Diméin Bhaile Ghib. Dódh an príomhtheach, a tógadh i lár an 19ú céad, in 1912 agus d'atóg J.F. Fuller é an bhliain chéanna sin. Rinneadh díchóimeáil ar chreatlach an fhoirgnimh in 1965 agus cheannaigh na manaigh ag an Mhainistir Mhór nua é agus tá beartaithe acu an foirgneamh ar fad a atógáil. Tá coimpléasc suntasach chlós feirme agus geataí isteach a bhaineann leis an eastát fanta ann inniu féin. Tá tigín sa sráidbhaile chomh maith.

Uimh, Chlár.	Struchtúr	Sráid/Baile Fearann	Cineál Foirgnimh	Cur Síos
MH017-138	Eastát Bhaile Ghib – Gné Chruinn Bealaigh Isteach	Diméin Bhaile Ghib	Gné an Diméin	Geataí Theach Bhaile Ghib atá leagtha anois
MH018-100	Clós feirme Bhaile Ghib agus foirgnimh	Diméin Bhaile Ghib	Clós Feirme	Leagadh Teach Bhaile Ghib in 1965 agus fágadh coimpléasc mór chlós feirme d'fhoirgnimh chloiche agus bhrící atá cosanta anois
MH017-143	Tigíní Diméin Bhaile Ghib	Diméin Bhaile Ghib	Teach (Scoite)	Teach trí bhá dhá urlár de bhríc dhearg, a tógadhthart ar 1889, le briseadh tosaigh binne. Díon slinne claonta le simnéithe de bhrící dearga, clár binne adhmaid agus curca d'iarann teilgthe Iarlóiste Geata go Teach Bhaile Ghib

Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta
Níl aon Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta sainithe i mBaile Ghib. Tá roinnt struchtúr cosanta sa sráidbhaile ar a n-áirítear struchtúir agus daingneáin a bhaineann le Diméin Bhaile Ghib. Déanfaidh an PCÁ atá molta iarracht cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile agus ar a shuíomh comhshaoil a fheabhsú

Radharcanna agus Radharcra Cosanta
De réir an rangaithe tírdhreacha atá cuimsithe i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013, tá Baile Ghib suite laistigh de cheantar íseal tírdhreacha atá comhdhéanta go príomha de thalamh talmhaíochta. Meastar 'luach measartha' agus goilliúnacht 'measartha' ar an gceantar carachtarach seo.

Níl aon radharcanna ná radharcra cosanta ann ag a bhfuil éifeacht ar Bhaile Ghib.

4.2.6.2 Sárú ar chaighdeáin ardcháilíochta nó luachanna teoranta comhshaoil

Maidir le cáilíocht ithreach, glóir, aeir agus uisce, níor sáraíodh aon chaighdeáin ardcháilíochta nó luachanna teoranta laistigh de theorainn an PCÁ atá molta. Tugaimid faoi deara nach ndearnadh taifeadadh ar aon eachtraí tuilte laistigh den teorainn PCÁ atá molta. Ainneoin seo, tá ceantair lastoir agus laisteas den sráidbhaile agus lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile a fhéadfadh a bheith i mbaol ó thuilte i bhfíor-dhrochaimsir. Dhéanfadh Oibreacha Draenála Artaireach leas na dtailte seo rud a chaithfear a léiriú i PCÁ Bhaile Ghib. Tá na tailte seo léirithe in Aguisín F.

4.2.6.3 Dian Talamhúsáid

Mar a luadh cheana féin, déanfaidh an PCÁ atá molta do Bhaile Ghib soláthar d'fhorbairt ar scála cuí a dhéanfaidh neartú ar thréithíocht na lonnaíochta. Tá an tréithíocht ag Baile Ghib mar atá ag sráidbhaile scaipthe traidisiúnta Éireannach. Maidir leis seo, tá sé i gceist go ndéanfadh an dlús forbartha a éireoidh as an PCÁ atá molta iarracht ar dhaingniú a dhéanamh ar fhoirm uirbeach Bhaile Ghib ar dhlús a léireoidh scála na lonnaíochta atá ann cheana féin. Dá bhrí sin, choinneofar luach an chomhshaoil ghlactha agus feabhsófar é ag an PCÁ atá molta.

Ó Scéim Soláthar Uisce na hUaimhe & Lár na Mí an soláthar uisce do Bhaile Ghib, agus tá sin á uasghrádú agus táthar ag cur leis faoi láthair. Iar 2013 beidh soláthar breise uisce ar fail ach is é an nasc ón Uaimh go Baile Ghib an srianadh. I láthair na huaire ní ann do phleananna le méadú a dhéanamh ar na príomhphíobáin uisce ón Uaimh go Baile Ghib. Beidh forbairt sa todhchaí ag brath ar sholáthar inbhuanaithe uisce.

Níl aon fhearas poiblí cóireála fuíolluisce i mBaile Ghib. Feidhmíonn na foirgnimh atá ann ar dhabhcha indibhidiúla múnlaigh/ áiseanna cóireála fuíolluisce. Beidh forbairt nua ag brath ar sholáthar inbhuanaithe áiseanna cóireála fuíolluisce i mBaile Ghib.

4.2.6.4 Na héifeachtaí ar cheantair nó tírdhreach ag a bhfuil stádas aitheanta náisiúnta, Comhphobail nó Idirnáisiúnta

Mar a luadh cheana féin, ní chuimsíonn an ceantar PCÁ atá molta aon Suíomh Natura 2000, i. Ceantar Oidhreachta Náisiúnta (CON), Ceantar Speisialta Caomhnaithe (CSC) ná Ceantar Speisialta Cosanta. Tá an Abhainn Dubh ina hiarratasóir ar SAC suite thart ar 2km laisteas den sráidbhaile.

5.0 Tátal

Ar luacháil a dhéanamh ar na critéir ábharthacha a leagtar amach i Sceideal 2A de na Rialacháin, meastar nach ndéanfaidh an Plean Ceantair Áitiúil atá molta aon tionchar substaintiúil eile ar an gcomhshaol, seachas mar a samhlaíodh laistigh de chomhthéacs Phlean Forbartha na Mí 2007-2013. Tá an tÚdarás Pleanála sásta go gcinnteoidh an PCÁ go ndéanfar forbairt ar Bhaile Ghib ar bhealach inbhuanaithe agus stuama ó thaobh an chomhshaoil agus i gcomhréir go hiomlán leis an bpolasaí agus na cuspóirí a leagadh síos i bPlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013. Ina fhianaise seo, meastar nach gá measúnú straitéiseach comhshaoil maidir leis an bPlean Ceantair Áitiúil. Ainneoin seo, is ann do roinnt ceisteanna a chuirfear san áireamh agus an Plean Ceantair Áitiúil á ullmhú agus mar is cuí, a chuirfear i gcuspóirí/polasaithe an Phlean Ceantair Áitiúil. Tá imlíniú orthu seo san Aguisín (Aguisín A) atá leis seo.

6.0 Moladh

Meastar nach gá Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a dhéanamh don Phlean Ceantair Áitiúil do Bhaile Ghib.

Sheridan Woods Architects + Urban Planners
25ú Feabhra 2008

Augisín II Tuarascáil um Measúnacht Scagtha Cuí

Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib

A tugadh chun críche de réir riachtanas Airteagal 6 (3) de Threoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach

Le cur faoi bhráid

Gníomhaireacht Cosanta an Chomhshaoil
Mr. Tadhg O'Mahony
An Chigireacht Réigiúnach
Inis Cara
Co. Chorcaí

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An Bainisteoir
Aonad na nIarratas Forbartha
Dún Scéine
Lána Fearchair
Baile Átha Cliath 2

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Mr. John Wayne
Príomhoifigeach Cúnta
Aonad Comhordaithe
Teach an Leamháin
Bóthar Earlsvale
An Cabhán

Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Ard Oifig
29 – 31 Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2

Arna ullmhú ag:

COMHAIRLE CONTAE NA MÍ
An Roinn Pleanála
Meal na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. Mí

Sheridan Woods Ailtirí & Pleanálaithe Uirbheacha
42 Sráid Árann Thoir
Baile Átha Cliath 7

1.0 Réamhrá

Ullmhaíodh an tuarascáil scagthástála seo chun a fháil amach an cheart Measúnú Cuí a dhéanamh ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015. Is éard is Measúnú Cuí ann ná measúnú a dhéantar de réir Airteagal 6(3) de Threoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach ar phleananna agus ar thionscadail chun a fháil amach an gcuireann siad isteach go mór ar láithreáin Natura 2000.

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar fhorálacha iomchuí na Treorach maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach, ar an mhodheolaíocht a úsáidtear chun scagthástáil a dhéanamh ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib, ar thréithe an phlean agus ar láithreáin Natura 2000. Aithnítear sa tuarascáil freisin na critéir mheasúnaithe chun 'Maitrís Scagthástála' a thabhairt chun críche chomh maith le toradh 'Maitrís Gan Aon Tionchar Suntasach' de réir Threoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.

1.0 Téarmaí Tagartha

Foráiltear do mheasúnú cuí in Airteagal 6(3) de Threoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.

De réir Airteagal 6(3) de Threoir Maidir le Gnáthóga:
''Beidh aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint díreach aige le bainistiú láithreáin nó riachtanach ina leith ach a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar a dhroim sin, ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, faoi réir measúnaithe chuí ar na himpleachtaí a bheadh aige don láithreán agus faoi réir fhorálacha alt 4, comhaontóidh na húdaráis náisiúnta inniúla an plean nó an tionscadal i ndiaidh dóibh a fháil amach nach mbeidh aon tionchar diúltach aige ar shláine an láithreáin atá i gceist agus más cuí i ndiaidh tuairimí an phobail i gcoitinne a fháil''.

De réir Airteagal 6 (4) den Treoir:
''In ainneoin measúnaithe diúltaigh ar na himpleachtaí don láithreán agus mura bhfuil réitigh malartacha ann, má chaitear plean nó tionscadal a chur i bhfeidhm ar chúiseanna ordaitheacha a sháraíonn leas an phobail, lena n-áirítear iad sin de chineál sóisialta nó eacnamaíocha, caithfidh an Ballstát gach beart cúiteach riachtanach a ghlacadh lena chinntiú go ndéantar cosaint ar chomtháthú foriomlán Natura 2000. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoina bearta cúiteacha atá glactha. Sa chás is go mbíonn cineál gnáthóige tosaíochta agus/nó speiceas tosaíochta ar an láithreán an t-aon bhreithniú is féidir a ardú ná iad sin a bhaineann le sláinte an duine nó an phobail, le hiarmhairtí tairbheacha a bhfuil tábhacht leo don chomhshaoil nó, i ndiaidh thuairim an Choimisiúin, le cúiseanna ordaitheacha eile a sháraíonn leas an phobail'.

2.0 An Mhodheolaíocht

Is as Cáipéis Treorach ar Mheasúnú Pleananna agus Tionscadal a mBíonn Tionchar Suntasach acu ar Láithreáin Natura 2000 a d'ullmhaigh An Coimsiún Eorpach i mí na Samhna 2001 a tháinig an mhodheolaíocht a húsáidíodh chun scagthástáil a dhéanamh ar Phlean Limistéir Bhaile Ghib.
Is ar na ceithre céim seo a leanas atá an mhodheolaíocht bunaithe:

- Déan cur síos ar an tionscadal nó ar an bplean chomh maith le cur síos agus tréithriú a dhéanamh ar thionscadail nó ar phleananna eile a bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu i gcomhar ar láithreáin Natura 2000;
- Socraigh an bhfuil baint díreach ag an tionscadal nó ag an bplean le bainistiú láithreán Natura 2000 nó an bhfuil sé riachtanach ina leith;
- Aithnigh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar láithreáin Natura 2000;
- Measúnú ar cé chomh suntasach is a bheadh aon cheann de na tionchair ar láithreáin Natura 2000.

3.0 Cuntas Gearr ar an bPlean

Baile beag é Baile Ghib atá suite timpeall is 7 km soir ó thuaidh ón Uaimh, Co na Mí (Aguisín A). Ní raibh an baile ar a chor ar bith ann nó gur athlonnaigh Coimisiún na Talún teaghlaigh as limistéir chúnga i Maigh Eo, i gCiarraí, i nDún na nGall agus i gCorcaigh chuig tithe agus gabháltais i mBaile Ghib. Meastar go bhfuil daonra de suas le 72 duine i mBaile Ghib.

Déanfaidh Plan Limistéir Bhaile Ghib 2009-2015 soláthar do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe Bhaile Ghib le linn shaolré an phlean. Is éard atá sa Phlean Limistéir ná ráiteas scríofa ag cur síos ar fhís don bhaile chomh maith le straitéisí, polasaithe agus cuspóirí tacaíochta. Sa phlean freisin, beidh tarraingtí agus léarscáiliú tacaíochta chun cuspóirí athchriosaithe úsáid na talún a aithint maidir le taillte laistigh de theorainneacha an bhaile chomh maith le cuspóirí gluaiseachta agus rochtana, caomhnú na ndeanmhas cosanta agus na gcrann, máistirphlean táscach agus treoirlínte dearaidh. Faoin bplean déanfar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha don bhaile (Aguisiín B) atá ann cheana féin agus cuirfear leis.

Tá comhthéacs polasaí do Phlean Limistéir Bhaile Ghib 2009-2015 bunaithe ar Phlean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013 agus ar leasuithe bainteacha. I bPlean Forbartha an Chontae, aithnítear Baile Ghib mar cheann de 19 baile agus deirtear faoi na bailte seo – '*Tá sé beartaithe le gach ceann de na lonnaíochtaí thuasluaite feidhmiú mar nóid d'fhorbairt cónaithe shuaithinseach atá tiomáinte ag ardchaighdeáin agus atá riachtanach do sheirbhísí tráchtála agus pobail. Tá sé beartaithe fás na sráidbhailte sin amach anseo a chiorrú agus a chosaint ionas nach bhfeidhmeoidh siad mar chatalaíocha a éascóidh fairsingiú leanúnach na mbruachbhailte imeallacha i gCathair Bhaile Átha Claith go háirithe, nó i mBailte Móra nó Measartha. Tá na sráidbhailte atá lonnaithe cóngarach don Cheantar Uirbeach nó do Bhailte Móra nó Measartha Fáis eile agus atá cóngarach do bhóithre suntasacha poiblí eile faoi bhrú go háirithe maidir leis seo. Is léiriú a leithéid seo de shráidbhailte ar a stádas i láthair na huaire agus cineál a bhforbartha go dtí seo, lena bhforbairt ina sráidbhailte dórtúir. Beidh todhchaí fhorbairt na Sráidbhailte nasctha níos dlúithe le fás áitiúil seachas le fás réigiúnach a tharla le deich mbliana anuas'.*

Déantar soláthar i bPlean Forbartha an Chontae d'fhorbairt 35 líon tí breise i mBaile Ghib le linn shaolré an phlean. Tugtar tosaíocht d'fhorbairt tailte cónaithe i Leasú Uimh. 2 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013 (Aguisín C) agus aithnítear ann 2 chéim chun talamh atá athchriosaithe do chónaí a fhorbairt de réir fhás loighiciúil an bhaile.

Cuirfidh Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib leis na cuspóirí leathana polasaí atá i bPlean Forbartha an Chontae trí chreat pleanála níos sonraithe agus níos cuimsithí a sholáthar chun forbairt an bhaile san am atá romhainn a threorú. De réir Phlean Forbartha an Chontae, déanfar soláthar sa bPlean Limistéir Áitiúil d'fhorbairt a bheidh ar scála cuí agus a neartóidh charachtar na lonnaíochta.

Déantar cur síos ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib faoi na rannóga seo a leanas agus de réir na gceannteideal a aithnítear sa *Cháipéis Treorach ar Mheasúnú Pleananna agus Tionscadal a mBíonn Tionchar Suntasach acu ar Láithreáin Natura 2000*.

Méid, scála, limistéar, tógáil talún srl.

Beidh teorainn Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015 comhleanúnach leis an teorainn forbartha atá ann cheana don bhaile (Aguisín B). 39 heictéar ar fad atá sa limistéar laistigh den teorainn sin.

Ní mór do scála na forbartha a ndéantar soláthar dó sa Phlean Limistéir Áitiúil charachtar na lonnaíochta a neartú agus dá bhrí sin é a bheith ar dhlús íseal.

Earnáil Plean

Féachann Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015 forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chultúir an bhaile a éascú trí éilimh ar thithíocht áitiúil a shásamh agus deiseanna fostaíochta a sholáthar agus ag an am

céanna timpeallacht an bhaile a chosaint agus cur léi agus inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn. Bainfear leas as an bPlean i dtaobh bhainistiú forbartha an bhaile.

Athruithe Fisiciúla mar thoradh ar an tionscadal nó plean
Moltar athruithe beaga a dhéanamh ar chuspóirí athchriosaithe úsáid na talún atá ann cheana féin lena n-áirítear níos mó tailte a athchriosú do chroílár an bhaile agus tailte atá athchriosaithe ina thalamh cónaithe a laghdú.

Seo a leanas na príomhathruithe fisiciúla a d'fhéadfadh titim amach mar gheall ar an bPlean Limistéir Áitiúil:

- Croílár aitheanta ag an mbaile ina mbeadh seirbhísí agus saoráidí
- Clachan tithíochta ísealdlúis thart timpeall lár an bhaile
- Breis saoráidí oideachais gar don bhunscoil agus don mheánscoil atá ann cheana
- Feabhas ar chúrsaí timpeallachta laistigh den bhaile lena n-áirítear cosáin nua agus tírdhreachú
- Páirc líneach ag ceangal Diméin Bhaile Ghib ar thaobh thoir an tsráidbhaile leis an reilig agus páirceanna imeartha CLG ar thaobh thiar an tsráidbhaile.

Meastar gur athruithe dearfacha iad na hathruithe seo a dhéanfaidh soláthar d'fhás agus do chomhdhlúthú loighiciúil struchtúr uirbeach an bhaile agus d'fhorbairt saoráidí pobail agus tráchtála áitiúil. Cé go mbeidh oibreacha tochailte ag baint le roinnt de na hathruithe seo tá sé tugtha ar aird ó tharla go bhfuil na tailte iomchuí chomh fada (1.5km) ón láithreán ainmnithe is gaire (an Abhainn Dubh - iarrathóir ar SAC) nach dóigh go mbeadh aon tionchar diúltach ag na hoibreacha seo ar an láithreán.

Riachtanais Acmhainne
Beidh saoráidí cóireála fuíolluisce le cur ar fáil do na líonta tí agus na húsáidí tráchtála breise a sholáthraítear dóibh chomh maith leis an soláthar uisce atá ann a mhéadú. Deirtear sa phlean go mbeidh gach forbairt ag brath ar infrastruchtúr leordhóthanach a bheith i bhfeidhm roimh ré chun soláthar don fhorbairt sin.

Chuige sin, tugtar ar aird gurb í Scéim Soláthair Uisce na hUaimhe agus Chontae na Mí a thugann an soláthar uisce poiblí go Baile Ghib. Beidh soláthar breise uisce ar fáil tar éis na bliana 2013 ach tá brú mór ar an bpríomhnasc uisce idir an Uaimh agus Baile Ghib faoi láthair.

Faoi láthair, níl aon ionad cóireála fuíolluisce i mBaile Ghib. Beidh forbairt nua ag braith ar sholáthar chóras poiblí do chóireáil fuíolluisce ag suíomh oiriúnach i bhfoisceacht den sráidbhaile. Ba chóir go mbeifear ábalta na háitribh atá ann cheana agus a bhfuil umair mhúnlaigh dá gcuid féin acu a cheangal de bharr an ionaid leis an scéim séarachais nua agus beidh tionchar dearfach aige sin ar an gcomhshaol.

Astuithe agus fuíoll (diúscairt ar thalamh, san uisce nó san aer)
Níltear ag súil go mbeidh aon astuithe suntasacha mar thoradh ar an bPlean Limistéir Áitiúil. Mar a tugadh ar aird roimhe seo, mar thoradh ar na háitribh atá ann cheana a cheangal le Scéim Séarachais nua beifear ábalta áitribh nua agus áitribh atá ann cheana féin a cheangal leis an scéim agus dá bhrí sin tiocfaidh laghdú ar sceitheadh uisce sa talamh.

Faoi láthair, is san Uaimh atá an t-ionad athchúrsála is gaire i gCo. na Mí. Féachfaidh an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil áiteanna oiriúnacha do shaoráidí athchúrsála laistigh de Bhaile Ghib a aithint. Cuireann oibreoirí príobháideacha seirbhísí bailiúcháin dramhaíola tí agus tráchtála ar fáil. Tá roinnt seirbhísí bailiúcháin dramhaíola sa chontae.

Riachtanais Iompair
Níl aon riachtanais shuntasacha iompair ag baint leis an bPlean Limistéir Áitiúil. Cuirtear modhanna inbhuanaithe iompair chun cinn sa bPlean Limistéir Áitiúil. Modhanna mar siúl agus rothaíocht agus déantar soláthar ann chun cur le bealaí nua siúil agus rothaíochta chomh maith le cinn nua fhorbairt. Cuirtear treoir ar fáil i dtaca le dearadh agus tógáil bealaí nua siúil agus rothaíochta i limistéir chónaithe molta. Malairt

inbhuanaithe ar phátrúin lonnaíochta scaipthe ina mbítear ag brath go mór ar charranna a bheidh in úsáidí cónaithe, fostaíochta, seirbhíse agus áineasa/taitneamhachta a chomhdhlúthú laistigh den bhaile.

Tréimhse tógála, oibriúcháin, díchoimisiúnaithe srl.
Ní féidir an tréimhse tógála ná oibriúcháin a bhainfidh leis húsáidí a sholáthraítear dóibh sa Phlean Limistéir Áitiúil a chinneadh. In ainneoin sin, faoi mar atá scála na forbartha beartaithe níltear ag súil go leanfaidh an fhorbairt ar feadh tréimhse níos mó ná bliain. Bheadh sé i gceist go mbeadh timthriall feadh saoil ag gach forbairt nua agus leagfar amach iad de réir an phrionsabail feadh saoil, scaoilte. Níl díchoimisiúnú aon úsáidí molta sa phlean.

Tréimhse ina gcuirfear an plean i bhfeidhm
Saolré sé bliana ó 2009-2015 a bheidh ag Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib.

An fad ó láithreáin Natura 200 nó ó phríomhghnéithe an láithreáin
Is í an Abhainn Dubh, iarrthóir ar Limistéar Caomhantais Speisialta, atá suite timpeall is 1.5 km ó dheas den sráidbhaile, an láithreán Natura 2000 is gaire do Bhaile Ghib.

Tionchair Charnacha i dteannta tionscadal nó pleananna
Tá Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib ar cheann de 19 plean áitiúil atáthar a ullmhú do bhailte i gCo. na Mí. Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach ag Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib i gcomhar le aon tionscadal eile ar láithreáin Natura 2000.

4.0 An Gaol atá ag an bPlean agus láithreáin Natura 2000

Is é an Abhainn Dubh, suite thart ar 1.5 ciliméadar ó dheas ón sráidbhaile, an láithreán Natura 2000 is gaire do Bhaile Ghib. Beidh beartais agus cuspóirí i bPLÁ Bhaile Ghib chun timpeallacht nadúrtha an tsráidbhaile a chosaint.

Site Code	Ainm an Láithreáin
002299	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh cSAC

An Bhóinn agus an Abhainn Dubh SAC

An Bhóinn agus an Abhainn Dubh

Cuimsítear fionnuisce na Bóinne chomh fada le hUiscerian na Bóinne, fionnuisce na hAbhann Duibhe chomh fada le Loch Ramhar agus fionnuisce fho-aibhneacha na Bóinne lena n-áirítear an Daoil, Abhainn Áth na gCloch agus Abhainn Bhaile Throimléid mar chuid den láithreán seo. Draenálann na haibhneacha seo limistéar mór talaimh i gContae na Mí agus i gContae na hIarmhí agus limistéir níos lú i gContae an Chábháin agus i gContae Lú. Is é aolchloch charbónmhar is bun leis an ngeolaíocht agus feictear an tsraith Uachtarach, Íochtarach agus Láir de den chuid is mó. Tá Grianchloichíte Shiolúrach le fáil sa talamh congarach do Cheanannas agus tá Sceallaí agus Gaineamhchlocha Carbónmhara sa talamh in aice Bhaile Átha Troim. Tá go leor bailte móra in aice leis an láithreán ach níl siad laistigh de. Áirítear Baile Shláine, an Uaimh, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí agus Baile Íomhair ar na bailte seo idir beag is mór.

Is iarrathóir an láithreán ar Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) de bharr ghnáthóga eanaigh alcailigh agus coillearnacha gláir araon a liostaítear faoi Iarscríbhinn I den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga. Roghnaíodh an láithreán freisin do na speicis seo a leanas a líostaítear in Iarscríbhinn II den Treoir cheánna – Bradán an Atlantaigh, Madra Uisce agus Loimpre Abhann.

In aice le Loch *Shesk*, Loch *Freeman* agus Loch an Bhaile Nua is mó a bhíonn eanach alcaileach ar fáil. Tá go leor fuarán agus fuarán púsctha sa tír-raon áitiúil toisc go bhfuil sé lán de thulóga agus tá an uisce iontu saibhir le haol. Fásann sraithe de riasca bunmhéithe i loig nach bhfuil draenáilte go maith agus a bhaineann go formhór leis na trí loch seo. Is gnách go mbíonn imeall thart ar an uisce oscailte ina bhfásann Coigeal na mBan Sí (*Typha latifolia*), Bogshifín (*Scirpus lacustris*) nó an Ghiolcach (*Phragmites australis*) agus fásann an ghiolcach i dtreo an chósta chomh maith áit a mbíonn an tSábhsheisc (*Cladium mariscus*) ag fás go tiubh go minic. Is féidir ansin na plandaí a bhriseadh síos go pobal chíbe nó féir (*Carex* spp., *Molinia caerulea*) nó go pobal ina bhfuil an Sifín (*Schoenus nigricans*) ar an bplanda is mó atá ann. Tarlaíonn sé freisin go mbíonn an uisce agus an talamh scartha ag sraith d'fhásra ar snámh. Is gnách gurb iad an Phónaire Chorraigh (*Menyanthes trifoliata*) agus an Cúigmhéarach Corraigh (*Potentilla palustris*) atá sa chineál seo fásra. Fréamhaíonn speiceas eile de réir a chéile ar an gclúdach seo, na cinn ar féidir leo fás in áit gan stádas ard cothaitheach ach go háirithe, m.sh. súsáin(*Sfagnam* spp.). Tá éagsúlacht mhór sa bheatha plandaí agus ainmhithe atá san eanach agus san *flora* agus áirítear go leor tearcphlandaí orthu seo. Áirítear an Magairlín Caol (*Dactylorhiza traunsteineri*), an Rú Eanaigh (*Galium uliginosum*), an Fealla Bog (*Cicuta virosa*), Greim an Loscáin (*Hydrocharis morsus-ranae*) agus an Rísheisc Mhion (*Sparganium minimum*) ar na plandaí is mó díol spéise. Ní bhíonn fáil forleathan ar na speicis sin in Éirinn. Is fiú an líon mór Aol-lusanna uisceacha (*Chara* spp.) ar thréithe iad de bhogaigh chailcreacha a thabhairt ar aird freisin.

Faightear an tearcphlanda, an Ghlasluibh Chruinn (*Pyrola rotundifolia*) thart ar Loch an Bhaile Nua. Is speiceas é seo atá liostaithe sa Leabhar Sonraí Dearg agus atá cosanta faoin Ordú um Chosaint Flora, 1999 agus is ar an láithreán seo amháin a fhásann sé i gContae na Mí.

Síneann coilearnaigh fhliucha ar feadh imeall na Bóinne cuid mhór. Is slabhra beag de thrí oileán iad Oileáin na Bóinne atá suite 2.5km siar ó Dhroichead Átha. Bunaíodh na hoileáin seo mar thoradh ar dhríodar gláir a d'fhan agus a mhéadaigh sa chuid sin den abhainn ina mbíonn an uisce ag rith go mall. Tá na hoileáin seo ar fad clúdaithe ag coillearnach thiubh fhliuch de Shaileach (*Salix* spp.) agus is iad seo a leanas na speiceas a fhaightear: An Saileánach (*S. viminalis*), an Saileach Bhriosc (*S. fragilis*), an Saileach Bhán (*S. alba*), an

Saileach Chorcra (*Salix purpurea*) agus an Saileach Liath (*S. cinerea*). Bíonn coillearnach bheag Fhearnóige (*Alnus glutinosa*) ar an talamh bog ag imeall na canála ar thaobh thuaidh na n-oileán. Tá coillearnach fhliuch fréamhaithe le taobh na habhann ina bhfuil scriobarnach agus paistí de Shaileach Liath agus go leor Fearnóige, go háirithe sna háiteanna ar imeall na habhann ina bhfuil coillearnach dhuillsitheach fásta. Is gnách an Chorrfhuinseog (*Fraxinus excelsior*) agus an Bheith Chlúmhach (*Betula pubescens*) ag fás sa cheann deiridh agus fásann na gnáthspeicis a aimsítear ar choillearnach fhliuch ann, is é sin, an tAirgead Luachra (*Filipendula ulmaria*), an Gallfheabhrán (*Angelica sylvestris*), an tSiolastrach, Eireaball Capaill (*Equisetum* spp.) agus corr thortóg de Chíb thortógach (*Carex paniculata*).

Is é an riasc fionnuisce an ghnáthóg is mó a bhíonn ar imealacha na habhann – agus is gnách na speisic phlandaí seo a leanas a heiceáil ann: an tSiolastrach (*Iris pseudacorus*), an Fheorainn (*Agrostis stolonifera*), an Chuiscreach (*Phalaris arundinacea*), an Rú Corraigh(*Galium palustre*), an Mismín Mionsach (*Mentha aquatica*) agus an Ceotharnach Uisce (*Myosotis scorpioides*). Aimsítear an Rú Léana (*Thalictrum flavum*) sna háiteanna ina mbíonn an riasc níos fluiche. Is gnáth go leor den Rú Eanaigh (*Galium uliginosum*), speiceas gann nach bhfeictear ach i gceantair réisc i lár na tíre, a fheiceáil san fhásra thart ar Dhubhadh. Is planda a cuireadh, a scaip agus atá fiáin anois é an Cuise Réisc (*Poa palustris*) agus bíonn sé ag fás feadh na Bóinne thart ar 5 km siar ó dheas ó Bhaile Shláine. Is tearcspeiceas é atá liostaithe sa Leabhar Sonraí Dearg agus tá taifead de san fhásra réisc fionnuisce ar bhruacha na Bóinne ar an láithreán seo. Is ar láithreán i gContae Mhuineacháin an t-aon áit eile sa Phoblacht inar taifeadadh an speiceas seo.

Is iad talamh fearach fliuch agus speisis ar nós an Feisciú Ard (*Festuca arundinacea*), an Briosclán (*Potentilla anserina*), an Fearbán (*Ranunculus repens*), an tAirgead Luachra (*Filipendula ulmaria*) agus an Piseánach Buí (*Lathyrus pratensis*) atá le fáil agus ata flúirseach sa ghnáthóg tháinisteach a bhaineann leis an riasc. Taifeadadh Seamair Mhogallach (*Trifolium fragiferum*), nach bhfeictear ach le taobh an chósta in Éirinn de ghnáth san fhásra féarach fliuch i mBaile Átha Troim. Aimsíodh an Lúchair Chruinn (*Juncus compressus*) i bhféarach gláir, ina mbíonn tuile go rialta i rith an gheimhridh de ghnáth. Níl teacht ar an tearcphlanda seo ach i dtrí chontae in Éirinn.

Tá coillearnaigh dhuillsitheacha fhásta ag fás ar fhánaí níos geire sna ceantracht os cionn an réisc tuilemhá nó an fhásra choillearnaigh fhliuch ar feadh go leor den Bhóinn agus feadh a fo-aibhneacha. Cuireadh go leor acu seo nó ní bheadh siad ann. Rinneadh faillí ar cheantracha géara Ghleann Rí Liam agus choill Halla an Toinlígh, áfach, agus anois tá carachtar níos nádúrtha ag baint leo. Soir ó Pholl Curley tá cuma nádúrtha ar an gcoillearnach agus níl mórán cónaiféar ann. Áirítear iad seo a leanas ar na speicis leathanduilleacha: Dair (*Quercus* spp.), an Chorrfhuinseog (*Fraxinus excelsior*), Saileacha, an Coll (*Corylus avellana*), an Seiceamar (*Acer pseudoplatanus*), Cuileann (*Ilex aquifolium*), Crann Cnó Capaill (*Aesculus* sp.) agus toir na Sceiche Gile (*Crataegus monogyna*), an Draighean (*Prunus spinosa*) agus Trom (*Sambucus nigra*). Siar ó dheas ó Bhaile Shláine agus an Dubhadh, bíonn speicis crann coimhthíoch ar nós an Leamhán Sléibhe (*Ulmus glabra*), an Fá (*Fagus sylvatica*), agus uaireanta an Teile Mhionduilleach (*Tilia cordata*), le feiceáil chomh maith. Bíonn crainn bhuaircíneacha ann freisin mar shampla an Learóg (*Larix* sp.) agus Péine Albanach (*Pinus sylvestris*). Áirítear an Sú Talún Bhréige (*Potentilla sterilis*), an Fhuinseagach (*Circaea lutetiana*) agus an tEidhneán Talún (*Glechoma hederacea*), mar aon le raon raithní ar *flora* dhromchla na coillearnaí. Athraíonn na plandaí de réir an cheannbhrait agus i bpaistí fliucha le taobh na habhann, is iad an Saileach Bhán agus an Fhearnóg atá sa cheannbhrat mar shampla.

Bíonn gnáthóga eile ann feadh na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, lena n-áirítear féarach tirim ísealchríche, féarach feabhsaithe, corcach ghiolcaí, ceantair fhásaithe fhiaileacha, mar aon le gnáthóga scrobarnaí, fáil, díge draenála agus canála. Tá fánaí tirime na dtulóg mhoiréanach in aice le Loch Shesk mar thaca ag an bhfásra féaraigh atá coilínithe in áiteanna ag scrobarnach Aitinn (*Ulex europaeus*). Tá na tailte féaracha sin nár feabhsaíodh ar mhaithe le hainmhithe ar féarach, go flúirseach leis na speicis seo – an Mhínscoth (*Centaurea nigra*), An Feochadán Reatha (*Cirsium arvense*) agus an Slánlus (*Plantago lanceolata*). Tá an Milseán Mór (Glyceria maxima), Lus na Tríonóide (Epilobium hirsutum) agus an tAirgead Luachra ag fás ar imeall na canála a ritheann taobh leis an Bhóinn siar ó dheas ó Bhaile Shláine.

Tá an Bhóinn agus fo-aibhneacha na Bóinne fíor-thábhachtach maidir le hiascach géime in Éirinn agus is féidir raon leathan duántachta, idir iascaireacht bradán agus liathóg san Earrach, iascaireacht an bhric ghil agus iascaireacht fhairsing an bhric rua a dhéanamh ann. Sceathraíonn Bradán an Atlantaigh (*Salmo salar*) sna fo-aibhneacha agus na huiscí uachtair. Cé go bhfuiltear fós ag iascaireacht an speiceas seo ar bhonn tráchtála in Éirinn, meastar go bhfuil sé i mbaol nó faoi bhagairt go háitiúil in áiteanna eile san Eoraip agus dá bhrí sin líostaítear é in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga. Bíonn Bradáin an Atlantaigh ag tabhairt faoin Bhóinn gach mí sa bhliain beagnach. Baineann an tábhacht is mó leis an mBóinn toisc go bhfuil sé san oirthear agus go bhfuil trí chineál d'iasc geimhridh/ farraige atá chomh mór le 20-30 punt meáchain ann. De ghnáth tagann an iasc seo isteach i mí Feabhra agus tagann iasc níos lú an Earraigh (10 bpunt meáchain) isteach i mí Aibreán/ Bealtaine. Ag braith ar an uisce tagann an liathóg isteach i mí Iúil. Bíonn iasc úr san abhainn arís go deireanach i mí Lúnasa agus is cosúil go bhfanann siad ann go maith thar séasúr na hiascaireachta. Maireann séasúr iascaireachta bradán idir an 1 Márta agus an 30 Meán Fómhair.

Is abhainn aolchloiche measartha mór í an Abhainn Dubh agus tá sí fós ag teacht ar ais chuici féin i ndiaidh drochthionchar na scéime draenála airtéirigh sna 70'aidí. Níl an stoc bradán tagtha ar ais chuige féin ó rinneadh an obair dhraenála. Sileann uisce fuaráin amach sa Daoil, in Abhainn *Riverstown*, in Abhainn Áth na gCloch agus in Abhainn Bhaile Throimléid agus sruth mór leanúnach a bhíonn ann. Tá sé deacair iascaireacht a dhéanamh iontu toisc go bhfuil cuid acu fásta fiáin agus cuid eile a bhfuil an uisce an-ard iontu mar gheall ar an obair dhraenála.

Baineann tábhacht leis an láithreán freisin mar gheall ar phobal dhá speiceas eile atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Threoir na nGnáthóg ón AE, mar atá Loimpre Abhann (*Lampetra fluviatilis*) á bhíonn ag íochtar na Bóinne agus an Madra Uisce (*Lutra lutra*) atá ann feadh an láithreáin. Ina theannta sin, tá go leor mamach eile de chuid na hÉireann ag maireachtáil ar an láithreán seo. Orthu siúd atá liostaithe sa Leabhar Sonraí Dearg áirítear an Cat Crainn, an Broc agus an Giorria Éireannach. Bíonn an Frog, speiceas eile atá sa Leabhar Sonraí Dearg ag síolrú ar an láithreán chomh maith. Tá na hainmhithe seo go léir, chomh maith leis an Easóg agus an Iora Rua atá ar an laithreán freisin, faoi chosaint an Achta um Fhiadhúlra.

Caitheann an Eala Ghlórach an geimhreadh ag roinnt áiteanna feadh na Bóinne agus na hAbhann Duibhe go seasta. Tá codanna de na hÁiteanna seo laistigh den láithreán cSAC. Is láithreáin seanbhunaithe iad An Ghráinseach Nua (thart ar 20 sa gheimhreadh le déanaí), in aice Baile Shláine (20+ sa gheimhreadh le déanaí), Baile Uilcín (taifeadadh 100+ sa gheimhreadh roinnt uaireanta) agus an Abhainn Dubh idir Ceanannas agus an Uaimh (104 i gCeanannas sa gheimhreadh 1996/97, 182 i *Headfort* sa gheimhreadh 1997/98, 200-300 sa gheimhreadh 1999/00). Léirítear san eolas atá ar fáil go gcuireann pobal Ealaí Glóracha fúthu feadh ghleannta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe gach geimhreadh. Úsáideann na héin raon d'áiteanna beathaithe ach níl mórán aithne ar na háiteanna pórúcháin a úsáideann siad. Tá pobal suntasach díobh ann a mbaineann tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta go deimhin leo ar uaireanta. Is dócha gurb ionann a líon agus íseal sna céadta.

Is le haghaidh talmhaíocht is mó a úsáidtear an talamh go príomha feadh an láithreáin. Tá go leor den fhéarach i bpáirceanna an-mhór agus tá sé feabhsaithe. Déantar sadhlas ann. Cuirtear caighdeán uisce na habhann *salmonideum* seo agus na lochanna i mbaol de bharr sciodar agus leasachán a leathadh. Bíonn caoirigh ar féarach sna háiteanna ina bhfuil talmhaíocht go forleathan.

Is í an iascaireacht is mó a tharraingíonn turasóirí go dtí an Bhóinn agus an Abhainn Dubh agus tá roinnt Cumainn Duántachta ann agus roinnt áiteanna iascaireachta ag cuid acu. Tá seastáin agus méarchomharthaí eolais curtha isteach in áiteanna ar mhaithe le hiascairí. Tá sconsaí curtha isteach feadh píosaí roghnaithe den abhainn ag Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir mar chuid den chlár feabhsaithe *salmonideum*. Rinneadh dreideáil airtéireach ar chuid de choras na habhann. Cuireadh tús le scéim dhreideála airtéirigh sa bhliain 1969 agus chuir sin as d'iascaireacht ar feadh tréimhse 18 bliain. D'athraigh an dreideáil carachtar na habhann go hiomlán agus i go leor cásanna d'fhág an obair seo go raibh bruacha an-ard ag bruacha na n-aibhneacha. Níor

baineadh don phríomhchainál ag dul in aghaidh srutha idir Dhroichead Átha agus an Uaimh mar aon le roinnt codanna den Abhainn Dubh. Leanadh de dhreidireacht feadh codanna de chóras na habhann ar mhaithe le cothabháil, san áit a mbíonn an fána íseal. Déanann seo dochar an-mhór do ghnáthóg *salmonideum* sa cheantar. Bíonn tionchar ag draenáil na gcórais abhann in aice leo ar na ceantracha réisc beaga atá ar fud an láithreáin freisin. Is abhainn lena bhaineann stádas Uisce *Salmonideum* í an Bhóinn faoi Threoir ón AE maidir le hIasc Fionnuisce.

Tá pobal roinnt speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóg ón AE ag maireachtáil ar an láithreán, mar aon le gnáthóga liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir céanna agus samplaí de ghnáthóga tábhachtacha eile. Cé nach bhfuil cuma mór ar na coillearnacha fliucha atá anseo, is beag samplaí eile de choillearnach ghláir fhliuch dá leithéid fós sa tír agus san iarthuaisceart ach go háirithe. Méadaítear éagsúlacht na ngnáthóg agus luach éiceolaíochta an láithreáin ina iomláine mar gheall ar na gnáthóga leathnádúrtha, go háirithe na fearbáin choillearnaí a shíneann feadh bhruacha na habhann, na riasca agus na féaraigh fhliucha agus mar gheall ar an raon speiceas plandaí agus ainmhithe a liostaítear sa Leabhar Sonraí Dearg nó tearcphlandaí náisiúnta atá ag maireachtáil ann.

5.0 Maitrís Scagthástála

Déantar cur síos sa rannóg seo ar ghnéithe aonair a eascraíonn ón bPlean (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ar dócha go mbeidh tionchair acu ar láithreáin Natura 2000. Déantar measúnú ar na tionchair seo de réir na gcritéir measúnaithe a aithnítear sa *Cháipéis Treorach ar Mheasúnú Pleananna agus Tionscadal a mBíonn Tionchar Suntasach acu ar Láithreáin Natura 2000*.

Déan cur síos ar ghnéithe aonair an tionscadail (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ar dócha go mbeidh tionchar acu ar láithreán Natura 2000.

Ní aithnítear go bhfuil aon ghnéithe aonair ann a mbeidh tionchar acu ar láithreáin Natura 2000.

Déan cur síos ar ghnéithe aonair an tionscadail (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ar an láithreán Natura 2000 de bhua:

Méid agus Scála
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000 go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar a méid nó a scála.

Tógáil-Talún
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000 go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar thógáil talún.

Fad ón láithreán Natura 2000 nó príomhghnéithe an láithreáin
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh a gcóngarachta.

Astuithe (diúscairt ar an talamh, san uisce nó san aer)
Mar a tugadh ar aird roimhe seo beidh tionchar dearfach ar an gcomhshaol ag ceangal na háitribh atá ann cheana le Scéim Séarachais nua.

Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar dhiúscairt ar an talamh, san uisce nó san aer.

Riachtanais Tochailte
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar a riachtanas tochailte.

Riachtanais Iompair
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar a riachtanas iompair.

Tréimhse tógála, oibriúcháin, díchoimisiúnaithe srl.
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha acu ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar a dtréimhse tógála, oibriúcháin, díchoimisiúnaithe srl.

Eile
Ar bhonn an Phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha aige ar shláine aon láithreán Natura 2000, go díreach, go hindíreach ná go tánaisteach mar thoradh ar aon éifeachtaí eile.

Déan cur síos ar aon athrú a d 'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar:

Laghdú ar an limistéar gnáthóige
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh laghdú ar limistéir ghnáthóige láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Cur isteach ar phríomhspeicis
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh cur isteach ar phríomhspeicis láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Scoilteadh gnáthóige nó speicis
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh scoilteadh gnáthóige nó speicis láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Laghdú ar líonmhaireacht speicis
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh laghdú ar líonmhaireacht speicis ar láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Athruithe i bpríomhtháscairí ar luach caomhnaithe (caighdeán uisce srl.)
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh titim ar chaighdeán uisce ar láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Athrú Aeráide
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) seo ní cheadófar aon tionscadal a mbeidh athruithe diúltacha aeráide ar láithreáin Natura 2000 mar thoradh air.

Déan cur síos ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ar láithreán Natura 2000 ar an iomlán ó thaobh:

Cur isteach ar phríomhchaidrimh a leagan amach struchtúr an láithreáin
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a chuirfidh isteach ar phríomhchaidrimh a leagan amach struchtúr láithreáin Natura 2000.

Cur isteach ar phríomhchaidrimh a leagan amach feidhm an láithreáin
Ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile) ní cheadófar aon tionscadal a chuirfidh isteach ar phríomhchaidrimh a leagan amach feidhm láithreáin Natura 2000.

Cuir táscairí tábhachta ar fáil mar thoradh ar thionchair a haithníodh thuas ó thaobh:

Imithe ar fad
Ní bhaineann

Scoilteadh
Ní bhaineann

Cur Isteach
Ní bhaineann

Suaitheadh
Ní bhaineann

Athrú ar phríomhghnéithe an láithreáin (m.sh. caighdeán uisce srl.)
Ní bhaineann

Ón méid atá luaite thuas, déan cur síos ar na gnéithe den tionscadal nó den phlean, nó gnéithe i gcomhar, a mbeidh tionchar suntasach acu nó mura fios scála nó méid na dtionchar.

Ní bhaineann

6.0 An toradh Maitrís gan aon tionchar suntasach

Is éard atá sa rannóg seo ná toradh maitrís gan aon tionchar suntasach mar a gcuirtear síos uirthi sa *Cháipéis Treorach ar Mheasúnú Pleananna agus Tionscadal a mBíonn Tionchar Suntasach acu ar Láithreáin Natura 2000.*

Ainm an Phlean nó an Tionscadail
Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015

Ainm agus Suíomh na laithreán Natura 2000s

Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin
002299	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh cSAC

An bhfuil ceangal díreach ag an bplean nó ag an tionscadal seo le bainistiú na láithreán (cuir mionsonraí ar fáil) nó an bhfuil sé riachtanach ina leith?

Áirítear sa Phlean Limistéir Áitiúil molta cuspóirí lena chinntiú nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ag forbairt i Bhaile Ghib ar láithreáin atá leagtha amach thuas.

An bhfuil aon tionscadal ná pleananna eile ann, i dteannta an tionscadail nó an phlean atáthar a mheasúnú, a mbeidh tionchar acu ar an láithreán (tabhair mionsonraí)?
Ullmhaíodh Dréachtphlean Forbartha na hUaimhe (2009-2015) agus dréachtphlean limistéir áitiúil Cheanannas. Níltear ag súil leis go mbeidh tionchar carnach ag na pleananna i gcomhair na lonnaíochtaí seo ar na láithreáin Natura 2000.

Measúnú ar shuntasacht na dtionchar
Déan cur síos ar an tslí ar dócha a gcuirfidh an tionscadal nó an plean (ina aonar nó i gcomhar le tionscadail agus pleananna eile) isteach ar láithreán Natura 2000.
Níltear ag súil go gcuirfidh Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib (ina aonar nó i gcomhar le tionscadail agus pleananna eile) isteach ar láithreáin Natura 2000.

Mínigh an fáth nach meastar go bhfuil na tionchair seo suntasach
Ní bhaineann

Liosta de Ghníomhaireachtaí a rachadh i gcomhairle leo
Seoladh litreacha scagthástála chucu seo a leanas:

- An Bainisteoir, Aonad na Iarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG), Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
- An tAonad Comhordaithe, An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR), Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.
- Tadhg O' Mahony, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, An Chigireacht Réigiúnach, Inis Cara, Co. Chorcaí.

An Freagra ar an gComhchomhairleoireacht
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Na haighneachtaí a rinne an Roinn i ndáil le tuarascáil scagthástála SEA Bhaile Ghib agus a bhfuil an méid seo a leanas ráite iontu maidir le caomhnú dúlra agus an oidhreacht thógtha:

- Ag brath ar pholasaithe an Phlean Limistéir Áitiúil d'fhéadfadh tionchar mór a bheith ar an gcomhshaoil trí thionchar a bheith ar An Bhóinn agus ar a craobh-aibhneacha mar thoradh ar sceitheadh fuíolluisce agus/nó aistarraingtí uisce

- Tugadh ar aird go mbeidh forbairt ag brath ar sholáthar uisce agus ar chóireáil fuíolluisce a bheith ar fáil
- Ba chóir scagthástáil a dhéanamh ar an bPlean i dtaobh Measúnaithe Chuí
- Is féidir aghaidh a thabhairt ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean Limistéir Áitiúil ar oidhreacht seandálaíochta sa ghnáthphróiseas pleanála.
- D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag plean limistéir áitiúil nua ar oidhreacht ailtireachta gach dúiche
- Tá deiseanna ann an fhoirm thógtha den bhaile a chomhdhlúthú agus an mórtas ceantair agus an t-aitheantas ar leith a bhí aige sa chontae go ginearálta a neartú
- Ní Struchtúir atá Faoi Chosaint ná Limistéir Chaomhantais Ailtireachta amháin atá i gceist le hOidhreacht Ailtireachta agus ba chóir Treoir na Roinne ar oidhreacht ailtireachta a ghlacadh san áireamh is measúnú á dhéanamh ar ailtireacht
- Ba chóir go gcuirfeadh forbairt nua leis an timpeallacht áitiúil agus go gcuideodh siad le háit ar leith a dhéanamh den áit
- Ba chóir creat ailtireachta a fhorbairt le hailtireacht a sholáthar
- Ba chóir go mbeadh aitheantas nua ag baint le gach gné den oidhreacht thógtha atá ann cheana agus go gcuideodh siad leis an áit a aithint
- Tá deiseanna ann le struchtúir bhreise a bhfuil fiúntas ailtireachta ag baint leo a aithint seachas iad sin atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
Seo a leanas na haighneachtaí a rinne an Roinn maidir le Tuarascáil Scagthástala SEA Bhaile Ghib:

- Maidir le cosaint chaighdeán an uisce agus stádas iascaigh na n-uiscí glactha, níor chóir na cuspóirí stádais sa Chreat-treoir Uisce a lagú mar thoradh ar an bPlean Limistéir Áitúil
- Breithneofar go bhfuil aon fhorbairt a mholfar ar bhonn an Phlean Limistéir Áitiúil seo roimh an am nó go mbeidh infrastruchtúir seirbhísí sláintíochta oiriúnacha (lena n-airítear toilleadh ionaid chóireála) i bhfeidhm chun glacadh leis an ualach (orgánach agus hiodrálach) méadaithe a bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar arduithe daonra a theilgtear sa Phlean Limistéir Áitiúil agus chun cóireáil a dhéanamh air.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Seo a leanas na haighneachtaí a rinne an EPA maidir le Tuarascáil Scagthástala SEA Bhaile Ghib:

- Ba chóir soláthar a dhéanamh sa Phlean do chuspóirí agus do bhearta ar leith mar atá leagtha amach i nDréachtphlean Bainistíochta Abhantraí Thoir
- Ba chóir go gcuirfeadh an Plean na moltaí iomchuí atá leagtha amach i Soláthar agus Caighdeán Uisce Inólta na h Éireann – Tuarascáil do na Blianta 2006-2007 i bhfeidhm agus iad a bheith san áireamh sa Phlean
- Tugtar ar aird go bhfuil Soláthar Uisce Poiblí na hUaimhe agus Lár na Mí ar Liosta Gnímh Feabhais an EPA
- Ba chóir go gcinnteodh an Plean seo go mbeadh soláthar sábháilte uisce inólta i limistéar an Phlean
- Ba chóir go mbeadh polasaithe agus cuspóirí ar leith ann maidir le soláthar cuí agus leordhóthanach cóireála fuíolluisce chun freastal ar thailte san áireamh sa Phlean
- Ba chóir go mbeadh bearta caomhnaithe uisce san áireamh sa Phlean
- Ba chóir go mbeadh polasaí agus cuspóir soiléir sa Phlean chun acmhainní screamhuisce agus gnáthóga agus speicis bhainteacha a chosaint
- Ba chóir breithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chuspóirí maidir le forfheidhmiú na gConníollacha Pleanála a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil na gcóras umair mhúnlaigh agus ceangal gach áitreabh laistigh de limistéar an Phlean le hionad cóireála fuíolluisce nuair is féidir
- Ba chóir go ndéanfaí athchriosú cuí agus srianta a leagan ar úsáid tailte a bhfuil claonadh iontu a bheith faoi uisce
- Ba chóir soláthar a dhéanamh i dtaobh Athrú Aeráide agus an baol atá ann go dtarlódh tuilte mar thoradh ar athruithe réamh-mheasta ar an aimsir

- Ba chóir go dtabharfadh an plean cosaint, go ndéanfadh sé bainistiú agus nuair is cuí go gcuirfeadh sé le gnáthóga bogaigh atá ann cheana in áiteanna a bhfuil gá le cosaint tuilte/bainistiú bearta ar nós oibreacha draenála airtéirigh.
- Ba chóir go mbeadh bearta chun cur chinn úsáid leordhóthanach agus cuí na gCóras Inbhuanaithe Draenála Uirbigh a bheith san áireamh sa Phlean
- Ba chór measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht saoráidí cóireála soláthair uisce/fuíolluisce atá ann cheana nuair atáthar ag déanamh criosú/athchriosú ar thailte
- Ba chóir go mbeadh polasaí soiléir sa Phlean chun gnáthóga neamh-ainmnithe, speicis agus gnéithe bithéagsúlachta áitiúla lena n-áirítear aibhneacha, fálta sceach, crainn aonair, srutháin agus tailte féaraigh srl a chosaint
- Ba chóir go ndéanfaí soláthar sa Phlean chun cur le gnéithe áitiúla a bhfuil luach bithéagsúlachta acu nuair a bhíonn an deis ann
- Ba chóir forbairt inlíonta a spreagadh seachas láithreáin úrnua a fhorbairt
- Ba chóir go gcuirfí úsáid córas fuinnimh inathnuaite (m.sh. grian, gaoithe, geoiteirmeach srl) chun chinn, nuair a bhíonn sin oiriúnach, laistigh den limistéar an Phlean chomh maithe le caomhnú fuinnimh laistigh d'fhoirgnimh
- Ba chóir go ndéanfadh an Plean soláthar do mhodhanna inbhuanaithe iompair
- Beidh scaoileadh fuíolluisce na n-údarás seirbhísí uisce, lena n-áirítear dromchla (nó stoirme) faoi réir rialachán nua
- Ba chóir athchriosú d'fhorbairt a nascadh leis an teacht atá ar infrastruchtúr fuíolluisce agus toilleadh
- Ba chóir an leas is fearr a bhaint as deiseanna atá ann fuíoll a chosc
- Sa chás is go moltar forbairt a dhéanamh laistigh de limistéar an Phlean, ba chóir cur chuige lánpháirtithe i ndáil le bainistiú dramhaíola a bhreithniú
- Ba cheart go mbeadh dlús cuí agus srianta airde i bhfeidhm chun a chinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ar thréithe tírdhreacha limistéar an Phlean ná ar na tailte atá ag síneadh leis
- Ba chóir breithniú a dhéanamh ar an riachtanas do mheasúnú iarmhairtí amhairc i dtaobh aon fhorbairt mholta a mbeadh an baol ann go mbeadh tionchar diúltach aici ar charachtar tírdhreacha limistéar an Phlean ná ar thailte atá ag síneadh leis
- Ba chóir go gcinnteodh an Plean go ndéanfaí soláthar ar thaitneamhacht oiriúnach agus leordhóthanach chun freastal ar an bpobal atá ann cheana agus ar aon ardú a thiocfadh ar an daonra amach anseo
- Ba chóir go gcuirfeadh an plean líonraí cosáin agus rothaíochta oiriúnacha agus leordhóthanacha ar fáil chomh maith le comharthaíocht iomchuí leordhóthanach
- Ba chóir go gcuirfeadh an plean cosaint acmhainní oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha atá sa limistéar cheana chun cinn mar thaitneamhacht áitiúil agus mar acmhainn oideachais.

Sonraí a Bailíodh chun an measúnú a dhéanamh

Cé a rinne an measúnú?
Ailtirí agus Pleanálaithe Uirbeacha Sheridan Woods

Foinsí na Sonraí
Taifid atá ann

Leibhéal an Mheasúnaithe a Tugadh Chun Críche
Staidéar Deisce

Cá háit ar féidir teacht ar thorthaí iomlána an mheasúnaithe agus iad a fheiceáil?
Tá torthaí iomlána na Scagthástála Measúnaithe Cuí sa cháipéis seo.

7.0 Tátal

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib 2009-2015 de réir 'Threoir Mhodheolaíochta ar fhoráil Airteagal 6 (3) agus (4) de Threoir maidir le Gnáthóga 92/43' tugadh Maitrís Scagthástála agus Torthaí Tionchar Suntasach chun críche.

Tugadh faoin tuarascáil scagthástála seo chun a fháil amach an dócha go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag an bPlean ar láithreáin Natura 2000 agus dá bhrí sin an mbeadh gá le Measúnú Cuí. Tá an Plean curtha le chéile sa tslí is go gcinntítear nach mbeidh aon tionchair dhiúltacha shuntasacha ar shláine láithreáin Natura 2000 ag baint le forbairtí a dhéanfaí mar thoradh ar cheadúnais a bheadh bunaithe ar an bPlean (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail).

Aithníonn an tuarscáil scagthástála seo nach bhfuil gá measúnú cuí breise a dhéanamh ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Ghib (ina aonar ná i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile).

Ailtirí agus Pleanálaithe Uirbeacha Sheridan Woods

02 Aibreán 2009

Aguisín III Liosta Reatha de Struchtúir Chosanta i mBaile Ghib

Uimh. Chlár	MH017-138
AIS	R
Struchtúr	Eastát Bhaile Ghib - Gné Chruinn, Bealaigh Isteach
Sráid/Baile	Diméin Bhaile Ghib
Fearann	
Baile	Baile Ghib
Cineál Foirgnimh	Gné an Diméin
Cur Síos	Geataí Theach Bhaile Ghib atá leagtha anois

Uimh. Chlár	MH018-100
AIS	R
Struchtúr	Clós feirme Bhaile Ghib agus foirgnimh
Sráid/Baile	Diméin Bhaile Ghib
Fearann	
Baile	Baile Ghib
Cineál Foirgnimh	Clós Feirme
Cur Síos	Leagadh Teach Bhaile Ghib in 1965 agus fágadh coimpléasc mór chlós feirme d'fhoirgnimh chloiche agus bhrící atá cosanta anois

Uimh. Chlár	MH017-143
AIS	R
Struchtúr	Tigíní Diméin Bhaile Ghib
Sráid/Baile	Diméin Bhaile Ghib
Fearann	
Baile	Baile Ghib
Cineál Foirgnimh	Teach (Scoite)
Cur Síos	Teach trí bhá dhá urlár de bhríc dhearg, a tógadh thart ar 1889, le briseadh tosaigh binne. Díon slinne claonta le simnéithe de bhrící dearga, clár binne adhmaid agus curca d'iarann teilgthe Iarlóiste Geata go Teach Bhaile Ghib

Aguisín IV Léarscáil Chreasa agus Maitrís Úsáide Talún

Tógadh an mhaitrís úsáide talún do Bhaile Ghib ó Phlean Forbartha Contae na Mí 2007-2013. Tá an mhaitrís úsáide talún ceaptha le treoir a thabhairt d'fhorbróirí ionchasacha maidir le húsáidí a fhéadfaí a cheadú nó gan a cheadú laistigh de cheantar creasaithe. Léiríonn an Mhaitrís Creasa inghlacthacht nó doghlacthacht i bprionsabal úsáidí éagsúla do na cuspóirí creasa thíos.

A1 Cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar thaitneamhacht na bpobal cónaithe forbartha
A2 Soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe nua agus d'áiseanna pobail agus ceantair chónaithe atá ann cheana féin a chosaint ag ateacht le creatphlean faofa
A3 Caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar charachtar agus ar shuíomh na coimpléisceanna institiúideacha agus na foirgneamh oidhreachta i moltaí um fhorbairt cónaithe agus inlíonta ag teacht le creatphlean faofa
A5 Soláthar d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis ag teacht le pleanáil gníomhaíochtbhunaithe ceantair agus dearadh indibhidiúil teaghaise
B1 Cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar charachtar speisialta fisiciúil agus sóisialta na lárionad bhaile agus sráidbhaile atá ann cheana féin agus soláthar a dhéanamh d'áiseanna agus d'úsáidí nua agus feabhsaithe lárbhaile
E1 Soláthar d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí gaolmhara faoi réir ag soláthar an infreastruchtúir riachtanach fisiciúil
F1 Soláthar do agus feabhsú ar spásanna oscailte agus áiseanna fóillíochta neamhghníomhacha
G1 Soláthar d'áiseanna riachtanacha pobail, áineasa agus oideachais

A = Inghlactha de ghnáth
Ciallaíonn úsáid a bheidh inghlactha de ghnáth ceann ina nglacann an tÚdarás Pleanála i bprionsabal san chrios ábhartha. Ar a shon sin, tá sé fós faoi réir ag an gnáthphróiseas pleanála ar a n-áirítear polasaithe agus cuspóirí atá rianaithe sa phlean.

O = Ar oscailt le machnamh a dhéanamh orthu
Ciallaíonn úsáid atá ar oscailt do mhachnamh go bhfuil an úsáid inghlactha de ghnáth ach mar a léirítear a mhalairt agus mar a mbeadh saincheisteanna a bhaineann le moladh ar leith (i. scála) doghlactha, nó mar a bheadh an fhorbairt in aghaidh an chuspóra do cheantar áirithe.

X = Ní cheadófar de ghnáth
Ciallaíonn forbairt atá rangaithe mar gan a bheith inghlactha de ghnáth i gcrios ar leith ceann nach dtabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird air ach faoi thoscaí eisceachtúla. Is féidir seo a bheith amhlaidh mar gheall ar an éifeacht a fheictear a bheadh aige ar úsáidí atá ann cheana féin nó ceadaithe, a neamh-réiteach le polasaithe agus cuspóirí atá sa Phlean nó é a bheith ag neamh-réiteach le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe an cheantair.

Déanfar méadú ar úsáidí seanbhunaithe agus faofa nach bhfuil ag teacht le cuspóirí creasa a mheas ar a dtuillteanas.

Ar a shon sin, níor cheart glacadh ar chor ar bith le comhartha go mbeadh moladh 'ceadaithe i bprionsabal' ón mhaitrís ina impleacht go bhfuil cead tugtha, ná fiú go n-éireodh le hiarratas pleanála. Faoin Údarás Pleanála atá cinneadh ar na hiarratais indibhidiúla agus is fúthu atá an cinneadh ar deireadh thiar, agus aird á chur i dtuillteanas na gcás ar leith agus na toscaí a fhéadfadh a bheith ábhartha ag am nó in áit ar leith.

Baineann an mhaitrís le húsáid talún amháin agus tá nithe tábhachtacha mar dhlús, airde tógála, caighdeáin dearaidh, giniúint tráchta etc., ábharthach chomh maith agus cinneadh á dhéanamh ar mholadh chun forbartha a bheith inghlactha in áit ar leith.

Maitrís um Úsáid Talún

Cineálacha Úsáide	A1	A2	A3	A5	B1	E1	F1	G1
U.M.B. (In Áitribh Tráchtála)	A	A	X	A	A	X	X	X
Seamlas	X	X	X	X	X	O	X	X
Fógraí	O	O	X	O	A	A	X	X
Struchtúir Fógraíochta Alamuigh	X	X	X	X	O	A	O	X
Gnó Talmhaíochta	X	X	X	X	O	A	X	X
Stuara Siamsa	X	X	X	X	O	X	X	X
Leaba is Bricfeasta	A	A	A	A	A	X	X	X
Banc / Institiuid Airgeadais	X	O	X	O	A	X	X	X
Oifig Geallghlacadóireachta	X	O	X	O	A	X	X	X
Bainc Beir Leat	A	A	A	A	A	A	O	O
Páirceáil do Charranna (Tráchtála)	X	X	X	X	O	O	X	X
Páirc Charbhán	X	X	X	X	X	X	O	X
Díchóimeáileoir / Clós Athpháirteanna	X	X	X	X	X	O	X	X
Íoc is Iompair	X	X	X	X	O	A	X	X
Corr-Thrádáil	X	X	X	X	A	X	X	X
Reilig	X	X	X	X	X	X	X	A
Séipéal	X	O	X	O	A	X	O	A
Cinema	X	X	X	X	A	X	X	A
Áis / Ionad Pobail	O	A	O	A	A	X	O	A
Ionad Comhdhála	X	O	O	O	O	X	X	X
Ionad Athchúrsála Fuíollábhar C & D	X	X	X	X	X	O	X	X
Creis / Áis um Chúram Leanaí	O	A	O	A	A	O	X	A
Áis/Úsáid Chultúrtha	O	O	O	O	A	X	O	A
Halla Rince / Club Oíche	X	X	O	X	A	X	X	X
Dochtúir / Fiaclóir*	O	O	O	O	A	X	X	O
Bialann Carrsheirbhíse	X	X	X	X	O	X	X	X
Oideachas	O	O	A	O	A	X	X	A
Fearas Fuinnimh	X	X	X	X	X	A	X	X
Ionad Fiontraíochta	X	O	X	O	O	A	X	X
Iosta Breosla - Teaghlaigh	X	X	X	X	X	A	X	X
Iosta Bhreosla – Táirgí Peitril	X	X	X	X	X	A	X	X
Teach Tórraimh	X	O	X	O	A	X	X	A
Ionad Garraíodóireachta	X	X	X	X	X	A	X	X
Teach Aíochta	O	A	A	A	A	X	X	X
Láithreán Stad / Tithíocht Ghrúpa	O	A	O	A	X	X	X	O
Ionad Leighis	O	O	O	O	A	X	X	A
Carrchlós d'Fheithiclí Troma Earraí	X	X	X	X	X	A	X	X
Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Bailebhunaithe	O	O	O	O	O	X	X	X
Ospidéal	X	O	O	O	X	X	X	A
Brú	X	O	O	O	A	X	X	X
Óstán / Móstán	X	X	A	O	A	X	X	X

Cineálacha Úsáide	A1	A2	A3	A5	B1	E1	F1	G1
Tionsclaíocht - Ginearálta	X	O	X	X	X	A	X	X
Tionsclaíocht - Éadrom	X	O	X	O	X	A	X	X
Fóillíocht /Áineas	X	A	O	O	A	X	O	A
Leabharlann	X	X	O	A	A	X	X	A
Díolachán Carr / Deisiúchán	X	O	X	X	O	A	X	X
Oifigí < 100m²	X	X	O	O	A	X	X	O
Oifigí 100 go 1000m²	X	X	O	X	A	X	X	X
Oifigí <1000m²	X	A	X	X	A	O	X	X
Spás Oscailte	A	X	A	A	A	O	A	A
Páirceáil agus Taistil	X	O	X	X	X	A	X	X
Stáisiún Peitril	O	X	X	O	O	X	X	X
Gléasra agus Uirlisí ar Cíos	X	O	X	X	X	A	X	X
Teach Tábhairne	X	A	X	O	A	X	X	X
Seirbhísí Poiblí	A	X	A	A	A	A	A	A
Áis Athchúrsála Cathartha agus Conláiste	X	X	X	X	X	A	X	A
Stáisiún Aistrithe Dramhaíola	X	X	X	X	X	A	X	X
Cónaithe	A	A	A	A	O	X	X	X
Institiúid Chónaithe	O	O	A	O	O	X	X	O
Bialann / Caifé	X	X	O	X	A	O	X	O
Trádstóras Miondíola	X	X	X	X	O	O	X	X
Teach Scoir	O	A	O	A	X	X	X	A
Fiontar Eolaíocht- & Teicneolaíocht- bhunaithe	X	X	X	X	O	O	X	X
Siopa – Áitiúil**	O	A	O	A	A	O	X	X
Siopa - Mór	X	X	X	X	A	X	X	X
Ionad Siopadóireachta	X	X	X	X	A	X	X	X
Áiseanna Spóirt	O	O	O	O	O	X	A	A
Beir-Leat	X	X	X	X	A	X	X	X
Struchtúir Teileachumarsáide	X	X	X	X	A	A	O	O
Institiúid Oideachais Tríú Leibhéal	X	X	O	X	X	X	X	A
Coimpléasc Turasóireachta	X	X	O	X	A	X	A	A
Iosta Iompair	X	X	X	X	X	A	X	X
Lialann Tréidlia	O*	O*	X	O*	A	X	X	X
Trádstóras	X	X	X	X	X	A	X	X
Seirbhísí Uisce***	A	A	A	A	A	A	A	A
Trádstóras Mórdhíola	X	X	X	X	O	A	X	X

* Mar a bheadh an úsáid seo tánaisteach d'úsáid na teaghaise trí chéile mar ghnáth áit chónaithe ag úsáideoir na hoifige

** Sainmhínítear siopa áitiúil mar áis miondíola nach mó ná 200 mcr i mórachar urláir

*** Tagrann d'fhearas d'fhóntais phoiblí


MEATH COUNTY COUNCIL
GIBBSTOWN
(BAILE GHIB)
Local Area Plan 2009
(Adopted 20th Aug 09)
LAND USE ZONING OBJECTIVES
A1
A2
A3
A5
B1
E1
F1
G1
SPECIFIC OBJECTIVES
ORSTOWN
GIBSTOWN DEMESNE
GIBSTOWN DEMESNE
GIBSTOWN
GREEN BELT

Aguisín V Pearsain, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí a rinne aighneacht Réamh-Dhréachta ar ullmhúchán PCÁ Bhaile Ghib

Tag. uimh.	Aighneacht a rinne
001	Sean Boyle & Assoc. thar ceann Prolan Ltd (Ord Tosaíochta)
002	Sean Boyle & Assoc. thar ceann Prolan ltd (Creasú)
003	Joan Crosbie Seirbhísí Innealtóireachta OOP, 17 – 19 Sráid Haiste Íocht., Baile Átha Cliath 2
004	Shirley Kearney, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
005	Ciarán McGlouglan
006	Micheál Mac Giolla Chearr
007	Tomás Ó Maonaile & Michael Munnelly
008	Maria Keegan
009	Pat Dunne thar ceann of Thomas Egan
010	Alison Keane McFaddan
011	Teresa Halloran, Aonad na nIarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Oidhreacht Nádúrtha
012	Michael McCormack, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
013	Scoil Naomh Ultan
014	Anraí Mac Garaidh
015	John & Kathleen O'Dwyer
016	Údarás na Gaeltachta
017	Frances Heaslip, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
018	Teresa Halloran, Aonad na nIarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Oidhreacht Nádúrtha Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil – Oidhreacht Nádúrtha

Aguisín VI Pearsain, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí a rinne aighneacht ar Dréacht PCÁ Bhaile Ghib

Tag. uimh.	**Aighneacht a rinne**
001	Teresa Halloran, Aonad na nIarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Oidhreacht Nádúrtha
002	Seána McGrearty, Coordination Unit, Department of Communications, Energy and Natural Resources, Elm House, Earlsvale Road, Co. Cavan
003	Michael Owens, Environmental Protection Agency, Regional Inspectorate, Inniscarra, County Cork
004	Shirley Kearney, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
005	Tomás Ó Maonaile & Michael Munnelly
006	Frances Heaslip, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
007	John O' Dwyer, Bhaile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí
008	Patrick O' Sullivan, Spatial Policy, Department of the Environment, Heritage and Local Government
009	Michael McCormack, National Roads Authority, St. Martin's House, Waterloo Road, Dublin 4

Aguisín VI Pearsain, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí a rinne aighneacht maidir le Leasuithe Dhréacht PCÁ Bhaile Ghib

Tag. uimh.	**Aighneacht a rinne**
001	Ian Lumley, Oifigeach Oidhreachta, An Taisce
002	Erica O' Driscoll, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
003	Teresa Halloran, Aonad na nIarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
004	Patrick O' Sullivan, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
005	Shirley Kearney, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
006	Cian O' Mahony, Office of Environmental Assessment, Environmental Protection Agency
007	Seana McGearty, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha